

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Cuarbhóthar N6
Chathair na Gaillimhe
Sceideal na nGealltanans
Breise Timpeallachta

GCOB-4.03-034-12

Eagrán 2 Deiridh | 4 Samhain 2020

Nóta: Tá gach gealltanans comhshaoil ó Chaibidil 21 den EIAR sa doiciméad seo arna leasú agus curtha leis agus nuashonraithe ó foilsíodh an EIAR i mí Dheireadh Fómhair 2018. - féach an nóta ar leathanach 1764

Glactar san áireamh sa tuarascáil seo na treoracha ar leith ónár gcliaint agus riachtanais ár gcliaint.

Ní d'aon tríú páirtí an tuarascáil seo agus níor cheart go mbeadh aon tríú páirtí ag brath uirthi agus ní bheifear freagrach maidir le haon tríú páirtí.

Job number 223985-00

Ove Arup & Partners Ireland Ltd

Arup
Corporate House
City East Business Park
Ballybrit
Galway
H91 K5YD
Ireland
www.arup.com

ARUP

Clár na nÁbhar

		Page
21	Sceideal na nGealltanais Breise Timpeallachta	1883
21.1	Ginearálta	1884
21.2	Dramhaíl	1887
21.3	Daoine, Daonra agus Sláinte an Duine	1889
21.4	Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta	1890
21.5	Sócmhainní Ábhartha – Talmhaíocht	1893
21.6	Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide	1895
21.7	Torann agus Creathadh	1898
21.8	Tírdhreach agus Saincheisteanna Amhairc	1904
21.9	Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Chultúrtha	1912
21.10	Ithreacha agus Geolaíocht	1914
21.11	Hidrigeolaíocht	1919
21.12	Hidreolaíocht	1922
21.13	Bithéagsúlacht	1927

Aguisín (Bearla)

Appendix A.21.1

Pedestrian and Cycling Facilities from Gort na Bró Roundabout to Scoil Mhic Amhlaigh

Appendix A.21.2

Planting Plan at Aughnacurra Estate

Appendix A.21.3

Habitat Donor and Receptor Sites

Appendix A.21.4

Barn Owl habitat enhancement

Appendix A.21.5

Peregrine Nest Box location

Appendix A.21.6

Bird Watch Ireland Peregrine Report

Appendix A.21.7

Updated Table 9.3: Private Access Roads (updated Table 15.5 of the EIAR)

Updated Appendix A.9.1

Landonwner Accomodation Works Details_I2

Amended Appendix A.1.9

Boundary Treatment_I2

21 Sceideal na dTiomantas Comhshaoil

Sa chaibidil seo den Tuarascáil MTT bailítear gach ceann de na bearta deartha agus maolaithe (dá dtagraítear dóibh sa chaibidil seo mar Thiomantais Chomhshaoil) a bheidh le feidhmiú agus Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 a bheidh á tógáil, dá dtragraítear ina dhiaidh seo dó mar an fhorbairt bóthair atá beartaithe, chun tionchair shuntasacha ar an dtimpeallacht ghlactha a laghdú/a sheachaint an méid agus is féidir é sin a dhéanamh go praiticiúil.

Tá na tiomantais chomhshaoil seo a leanas mar chuid lárnach den iarratas ar Cheadú. Forbróidh tuilleadh oibre ar dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe ar shlí nach mbeidh aon athrú ábhartha ó thaobh drochthionchair shuntasacha ar an gcomhshaoil. Féadfar deiseanna a aithint chun tuilleadh laghdú a dhéanamh ar shuntasacht na ndrochthionchair agus, i roinnt cásanna feabhas a chur ar an tionchar iarmharach. Ar an tslí sin féadfar na bearta deartha, na straitéisí maolaithe, na cuspóirí agus na bearta feidhmiúcháin atá leagtha amach thíos a bheachtú chun an réiteach is fearr is féidir a thabhairt bunaithe ar na teicnící tógála agus na teicneolaíochtaí atá ar fáil ag tráth na tógála.

Tagraíonn dea-chleachtas agus cleachtas tógála maith nuair a thagraítear dóibh sa cháipéis seo do bhearta atá san áireamh i dtreoircháipéisí nua-aimseartha ina leagtar amach an cleachtas agus na nósanna imeachta do chosaint comhshaoil le linn na gcéimeanna tógála agus oibriúcháin de thionscadal bóthair.

Sa chás go dtagraítear do Reachtaíocht, Caighdeán nó Treoircháipéisí ba chóir a thabhairt ar aird ach a mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe á tógáil nó á oibriú go mbeidh aon leasuithe a dhéanfar ar na cáipéisí sin infheidhme freisin.

Soláthraítear achoimre sa chuid seo ar na príomhthiomantais faoi gach aon cheann de na ceanteidil comhshaoil atá liostaithe. Is féidir teacht ar mhionsonraí iomlána na dtiomantas éagsúla trí thagairt do na caibidlí aonair den Tuarascáil MTT ina hiomláine.

Sna táblaí a leanas is ionann "C" agus tiomantas a thagraíonn go príomha do chéim na tógála agus is ionann "O" agus tiomantais a thagraíonn den chuid is mó do chéim oibriúcháin na forbartha bóthair atá beartaithe.

Nóta:

Is gealltanais nua timpeallachta iad seo a leanas ó foilsíodh an EIAR i nDeireadh Fómhair 2018. Cuireadh na gealltanais atá faoi chló dearg agus nach bhfuil faoi aibhsiú don Bhord Pleanála ag an Éisteacht ó Bhéal an 21 Feabhra 2020. Is gealltanais nua iad na gealltanais atá faoi chló dearg agus atá faoi aibhsiú le buí a rinneadh idir an 21 Feabhra 2020 agus an 13 Márta 2020. Is gealltanais nua iad na gealltanais atá faoi chló dearg agus faoi aibhsiú i nglas a rinneadh idir an 14 Márta 2020 agus an 20 Deireadh Fómhair 2020. Is gealltanais nua, idir an 21 Deireadh Fómhair 2020 agus an 4 Samhain 2020 an chuid atá faoi chló dearg agus faoi aibhsiú le dath cianghorm.

21.1 Ginearálta

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
1.1	C	Áireofar leis na cáipéisí conartha go mbeidh ceanglas ar an gConraitheoir Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála (CEMP) (Aguisín A.7.5) a thabhairt chun críche maidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe sula dtógfar í, ach a mbeifear ceaptha chun an plean sin a fheidhmiú agus a choimeád le linn na céime tógála.
1.2	C	Cuimseofar an Sceideal deiridh de Thiomantais Chomhshaoil sa CEMP. Beidh mionsonraí sa CEMP maidir le modheolaíochtaí feidhmiúcháin do na tiomantais chomhshaoil go léir.
1.3	C	Ceapfaidh an cliant foireann bainistíochta conartha ar an láthair fad is a mhairfidh an chéim thógála. Déanfaidh an fhoireann maoirseacht ar thógáil na n-oibreacha, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Chonraitheora lena chinntiú go gcuirfear tiomantais chomhshaoil atá beartaithe do chéim na tógála i bhfeidhm agus go ndéanfar tionchair thógála agus núis a íoslaghdú.
1.4	C	Oibreoidh an fhoireann bainistíochta tógála le comharsana agus leis an bpobal i gcoitinne i rith chéim na tógála lena chinntiú nach gcuirfear isteach ach a laghad is féidir ar aon duine.
1.5	C	Áireofar le foireann an Chonraitheora, Bainisteoir Comhshaoil Sinsearach (SEM) a bheidh freagrach as an bPlean Bainistíochta Comhshaoil Tógála (CEMP) a fheidhmiú le linn tógála. Tarraingeoidh an SEM suas sceideal den mhonatóireacht a bheidh de dhíth, agus ar an liosta beidh an cineál tuarascála a bheifear ag súil leis agus sonrú ann cé dó ar chóir na tuarascálacha a sheoladh chucu, etc. Is é/í an SEM a bheidh freagrach as a chinntiú gur daoine inniúla a dhéanfaidh an mhonatóireacht ar fad. Sa chás go dtitfidh na torthaí monatóireachta lasmuigh den raon a bheidh sa chonradh, is é/í an SEM a bheidh freagrach as gníomh ceartaitheach a thionscnu agus tuairisciú ina leith. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá á réir leis na Bearta Rialaithe Comhshaoil iomchuí a athrú. Soláthróidh an SEM seisiúin eolais d'fhoireann shinsearach an Chonraitheora lena n-áirítear an Bainisteoir Tionscadail, an Bainisteoir Cláir, an Bainisteoir Tógála, Innealtóirí Deartha, Gníomhairí Struchtúir agus Gníomhairí Láithreán maidir leis an CEMP agus na Tiomantais/Ceanglais Comhshaoil a chaithfear a chomhlíonadh le linn na céime tógála. Beidh Foireann Monatóireachta Láithreán an Fhostóra ag déanamh monatóireachta go bhfuiltear ag comhlíonadh an CEMP.
1.6	C	Suiteálfar bearta rialaithe truailithe suas an abhainn ó gach sruth éalaithe ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Áireofar ar na bearta sin meascán cuí de dhraenacha scagacháin, linnte maolúcháin, claiseanna reatha, idircheapóirí peitрил agus ola, bogaidh agus trinsí/linnte insíothlúcháin (tag Caibidil 5 Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe).
1.7	C	Nuair a bheidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i ngearradh nó ar chlaifort atá níos lú ná 1.5m in airde, soláthrófar draenacha scagacháin. Sa chás go mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar chlaifort idir 1.5m agus 6.0m, piocfar suas rith chun srutha ón mbealach sna cainéil uisce dromchla feadh an bhealaigh.
1.8	C	I gcás nach féidir leas a bhaint as draenacha scagacháin agus claiseanna reatha, bainfear leas as cineálacha eile de rialuithe truailithe fásra sula ligfear chun srutha é chuig uisce dromchla mar bhogaigh cóireála.
1.9	C	Beidh linn go buan sna bogaigh cóireála ar íosdoimhneacht agus ag íostoirt ar leith a bheidh in ann freastal ar an gcéad titim báistí mór.

1.10	C	Sna limistéir atá thar a bheith leochaileach nó fíor leochaileach, i gcás limistéir sreamhuisce nó limistéir carst, úsáidfear córais draenála atá dúnta go daingean.
1.11	C	Soláthrófar bearta srianta sreabha agus maolúcháin ag gach ceann de na sruthanna éalaithe dromchla ón bpríomhlíne agus ó bhóithre ceangail na forbartha bóthair atá beartaithe.
1.12	C	Freastalóidh linnte maolúcháin ar imeachtaí stoirmeacha suas le 1 i 100 bliain. Soláthrófar saoráid forscéite d'imeachtaí stoirme sa bhreis ar na tréimhsí aischiúir 1 i 100 bliain.
1.13	C	Bainfear leas as idircheapóir peitрил/ola ag gach sruth éalaithe ón bpríomhlíne agus ó na bóithre ceangail den fhorbairt bóthair atá beartaithe.
1.14	C	Cuirfear limistéar um shrianadh doirte éigeandála d'íostóirt combhionann le 25m ³ i ngach ionad srutha éalaithe ón príomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe de réir DN-DNG-03022.
1.15	C	Déanfar taobh-bhóithre (bóithre réigiúnacha, áitiúla agus mionbhóithre rochtana) ar a mbeidh colbhaí a dhraenáil trí shilteáin agus draenacha iompair nó comhdhraenacha scagaire/iompair. Scaoilfear draenacha le próbáin chuig sruth éalaithe, draein séalaithe, córais draenála reatha atá sách mór, díog, clais reatha nó chuig córas draenála na príomhlíne. Ag brath ar thopagrafaíocht agus ar choinníollacha sruthchúrsa dromchla, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le poll súite nó trinse/imchuach insíothlúcháin.
1.16	C	Déanfar draenáil ar thaobh-bhóithre nach bhfuil gá le colbhaí orthu agus úsáid á baint as draenáil thar an imeall nó comhdhraenacha scagaire. Beidh an t-uisce dromchla ag sceitheadh chuig córas draenála reatha a bheidh sách mór, sruth éalaithe, draein séalaithe, clais, clais reatha nó chuig an gcóras draenála príomhlíne.
1.17	C	Soláthrófar rochtain chuig gach gné den chóras draenála lena n-áirítear na saoráidí coimeáda doirte, an rialú ar thruailliú agus na linnte maolúcháin.
1.18	C	Agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe á tógáil, déanfar cigireachtaí amhairc agus monatóireacht go leanúnach ar na bealaí iompair feadh na mbóithre poiblí chun a chinntiú go ndéanfar tairfead ar aon damáiste a dhéanann trácht tógála agus go gcuirfear an t-údarás áitiúil iomchuí ar an eolas faoi. Déanfar socrúithe chun caoi a chur ar aon damáiste a dhéanfar chuig caighdeán cuí agus go tráthúil chun go mbeidh an laghad cur isteach agus is féidir mar thoradh orthu. Ach a mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe tógtha, déanfar na suirbhéanna a rinneadh ag an gcéim réamhthógála an athuair agus cuirfear i gcomparáid na suirbhéanna réamhthógála agus tar éis tógála chun a fháil amach an bhfuil aon ghá le hobairt fheabhsúcháin tar éis na tógála.
1.19	C	Beidh ar an bhfoireann tionscadail agus na soláthóirí ábhar go léir cloí leis an bPlean Bainistíochta Trácht Tógála (CTMP). Mar atá léirithe laistigh den CTMP, comhaontóidh an Conraitheoir agus feidhmeoidh sé/sí na bearta monatóireachta chun éifeachtacht an CTMP a dheimhniú agus déanfaidh an t-innealtóir cónaithe monatóireacht ar chomhlíonadh thar ceann an chliant. Comhlíonfar cigireachtaí/spotsheiceálacha go rialta chun a chinntiú go mbeidh an fhoireann tionscadail agus na soláthóirí ábhar go léir ag leanúint na mbearta atá comhaontaithe agus glactha sa CTMP.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
1.20	C	Déanfar oibreacha cobhsaithe agus athchóirithe iomlána ar aon damáiste struchtúrach a dhéantar do fhoirgnimh/struchtúir/toibreacha mar thoradh ar an tógáil.
1.21	C	<p>Is iad seo a leanas na bearta a ghlacfar lena chinntiú go gcoinnítear an suíomh tógála agus timpeall air chuig ardchaighdeán glaineachta:</p> <p>Déanfar cigireachtaí laethúla chun monatóireacht a dhéanamh ar néatacht</p> <p>Leagfar síos clár rialta chun slacht a chur ar an láthair lena chinntiú go mbeidh an suíomh sábháilte agus eagraithe</p> <p>Más gá, beidh eangach smionagair greamaithe ar scafall ionas nach scaipfidh an ghaoth ábhair agus trealamh</p> <p>Rialófar dramhaíl bhia go dian ar gach cuid den suíomh</p> <p>Cuirfear saoráidí glanta rothaí ar fáil d'fheithiclí a bheidh ag dul amach as an suíomh tógála. Stórálfar aon sceitheadh ó níochán rothaí in umar stórála ar an láthair agus déanfaidh comhlacht tarlaithe dramhaíola ceadaithe diúscairt air ag saoráid cheadaithe nó cheadúnaithe</p> <p>I gcás go dtarlódh sé agus seans nach dtarlódh go n-iompraítear puiteach ón suíomh tógála chuig an mbóthar poiblí, glanfar é de réir mar is gá agus ní ligfear dó cruachadh.</p> <p>Cumhdófar leoraithe agus scipeanna luchtaithe más gá</p> <p>Déanfar cigireacht rialta ar bhóithre in aice láimhe a bheidh in úsáid ag trucail le dhul isteach agus amach as an suíomh agus glanfar iad, ag úsáid scuabadóir bóthair, nuair is gá</p> <p>I gcás go n-éalóidh aon dramhaíl sholadach neamhbhuan as an suíomh, baileofar láithreach é agus tabharfar chuig stóras ar an láthair é, agus déanfar diúscairt air ina dhiaidh sin ar an ngnáthbhealach</p>
1.22	C	Tá Plean maidir le Srianadh Lotnaidí (PSL) leagtha amach d'fhonn bearta a chur i bhfeidhm maidir le srianadh ar lotnaidí i rith chéim na tógála den fhorbairt ar an mbóthar beartaithe agus tabharfar sin isteach mar dhlúthchuid den CEMP. Leagtar amach cuntas achoimre ar na bearta atá san áireamh leis an PSL sa Ráiteas Fianaise – Freagraí maidir le hAgóidí/Aighneachtaí faoi na ceannteidil Innealtóireacht, Gá leis an Togra, Roghanna eile a Tugadh san Áireamh agus Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta faoi mar a cuireadh ar taifead an chéad lá den éisteacht ó bhéal ar an 18 Feabhra 2020.
1.23	O	Cuirfear bealach rothaíochta 2m ar fáil ó Thimpeallán Ghort na Bró go dtí Gaelscoil Mhic Amhlaigh ar an dá thaobh den bhóthar mar a léirítear ar Léaráid Líníochta GRR-SK-OH-054 in Aguisín A.21.1.
1.24	O	Cuirfear bealach rothaíochta dhá threo ar fáil as Gaelscoil Mhic Amhlaigh go Bóthar Rathúin ar an taobh thoir de Bhóthar Ghort na Bró.
1.25	O	Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe i gceist gur plotáí sealadacha iad na plotáí 583a.209, 583c.201, 583c.202; 583c.203 agus 583a.208 nach mbeidh de dhíth ach amháin i rith chéim na tógála le húsáid mar chuid den champún olliomlán tógála agus ionas gur féidir an bóthar beartaithe a thógáil. Déanfar soláthar do chead slí ag McHugh Properties trasna Bhóthar Áise AR 11/01 ionas go mbíonn bealach isteach ar na tailte seo.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
1.26	O	Cláróidh Comhairle Chontae na Gaillimhe cead slí 10m ar leithead ag an úinéir talún ar Phlota 570 ionas gur féidir trácht faoi Tharbhealach Mhionlaigh idir an paiste talún ó thuaidh agus an paiste talún ó dheas.
1.27	O	Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe i gceist go ndéantar Plota 717a.201 a chur as an áireamh maidir le hOrdú Mótarbhealaigh Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6.
1.28		Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ceart slí 10 m ar leithead a chlárú i bhfabhar úinéir na talún atá cuimsithe ag Uimhreacha Fóilió GY123020F, GY21502F agus GY109981F chun rochtain chuig/ó na tailte sin chuig/ó Bhóithrín Chaisleán Mhionlaigh a éascú trasna Plota 765c.201
1.29	O	Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe soláthar do chead slí ar an mbóthar áise in The Heath (gan an bóthar áise nua-thógtha an AR 07/10 san áireamh) i bhfabhar na n-áitreabh in The Heath.
1.30	O	Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe soláthar do chead slí talmhaíochta (dul anonn agus anall le feithiclí nó gan aon fheithicil ach gan cead beostoc a sheoladh) ar an mbóthar áise in The Heath agus ar an mbóthar áise nua AR 07/10 i bhfabhar úinéir talún na bPlotaí 504 agus 506.
1.31	O	Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe soláthar do chead slí ar an mbóthar áise nua-thógtha in Achadh an Churraigh an AR 08/03 i bhfabhar na n-áitreabh in Achadh an Churraigh.
1.32	O	Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe soláthar do chead slí ar an mbóthar áise in Achadh an Churraigh a bheidh á choinneáil agus sin i bhfabhar na n-áitreabh in Achadh an Churraigh.
1.33	C	Iocfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe as malairt cóiríochta ar chomhchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Kerin (Ard na Locha) i rith an tréimhse 9 mí i mbun obair créafóige ag an N59.

21.2 Dramhaíl

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
7.1	C	Déanfar bainistiú cúramach ar dhramhaíl a ghinfear i rith chéim na tógála de réir an ordlathais dramhaíola a bhfuil glacadh leis a thugann tús áite do chosc, íoslagh dú, athúsáid agus athchúrsáil thar dhiúscairt agus aisghabháil fuinnimh agus ar deireadh diúscairt go líonadh talún.
7.2	C	Cuirfear an t-ordlathas dramhaíola i bhfeidhm trí dheiseanna a aithint ar dtús chun cosc a chur ar tháirgeadh dramhaíola, agus ansin chun an méid dramhaíola a tháirgtear a íoslagh dú.
7.3	C	I gcás nach bhfuil cosc agus íoslagh dú indéanta, lorgófar bealaí chun dramhaíl a athúsáid agus a athchúrsáil, ar an suíomh más féidir chun na tionchair a tharlóidh de bharr iompair a sheachaint. Mura féidir é sin a dhéanamh, déanfar imscrúdú ar dheiseanna chun an dramhaíl nach bhfuil ar an láthair a athúsáid nó a athchúrsáil nó cuirfear an dramhaíl chuig saoráid aisghabhála fuinnimh, agus ní dhéanfar diúscairt ar dhramhaíl chuig líonadh talún ach amháin nuair nach bhfuil aon rogha eile ann.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
7.4	C	Is Conraitheoirí amháin, a bhfuil ceadanna bailithe dramhaíola bailí acu, a bhaileoidh an dramhaíl go léir a thógfar ón láithreán, faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráidí) 2007 agus Rialacháin (Leasú) 2008, 2014, 2015. Beidh ceadúnais nó ceadanna dramhaíola iomchuí ag gach saoráid a dtabharfar dramhaíl chucu, faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 - 2011, agus na rialacháin faoi sin, a thabharfaidh deis dóibh an cineál dramhaíola a sheolfar ann a ghlacadh.
7.5	C	Íoslachdófar giniúint dramhaíola guaisí, agus déanfar aisghabháil ar dhramhaíl den sórt sin nuair is féidir, agus ní dhéanfar diúscairt air ach amháin nuair nach féidir é a aisghabháil. Déanfar dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú de réir na reachtaíochta iomchuí.
7.6	C	Seachadfar an dramhaíl go léir ó thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe chuig saoráidí dramhaíola údaraithe de réir na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996-2011. Trí shaoráidí a bhfuil na ceadanna/an ceadúnas dramhaíola iomchuí amháin acu a úsáid, beidh Comhairle Chontae na Gaillimhe sásta go gcloifidh an Conraitheoir le cuspóirí an Achta um Bainistiú Dramhaíola agus go ndéanfar aon astaíochtaí comhshaoil (torann, deannach, uisce) a bhainistiú ag an suíomh sprice agus dá bhrí sin go mbeidh an t-úinéir/oibreoir an tsuímh sprice freagrach go dlíthiúil astu. Ar an gcaoi sin is féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe a bheith sásta go mbeidh an ghné bainistíochta carta lasmuigh den suíomh ag cloí go dlíthiúil le reachtaíocht chomhshaoil agus bainistíochta dramhaíola.
7.7	C	Tríd is tríd, féadfar a áireamh le hábhair dramhaíola tógála smionagar ginearálta tógála, adhmaid agus cruach atá d'fhuilleach, olaí innealra agus réitigh glantacháin cheimiceacha. Seachnófar an nós atá ann an iomarca ábhar agus trealamh a cheannach rud lena gcruthófar tuilleadh dramhaíola.
7.9	C	Cinnteoídh an Comhordaitheoir Dramhaíola Tógála agus Scartála go ndéanfar iniúchadh dramhaíola ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ach a gcuirfear tús leis an obair thógála ag an suíomh agus ar aon saoráidí ina mbeidh dramhaíl ón bhforbairt bóthair atá beartaithe á sheachadadh chuige, de réir mar a éilítear. Gheobhaidh an Fostóir achoimrí ar aon tuarascálacha iniúchta a bheidh tugtha chun críche laistigh de thrí mhó ó dheireadh gach bliain féilire. Déanfar monatóireacht ar éifeachtacht agus ar chruinneas na cáipéisíochta ar bhonn rialta trí chuaiirteanna rialta ar an suíomh.
7.8	O	Seachadfar an dramhaíl oibríochta go léir chuig saoráidí dramhaíola údaraithe de réir na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 go dtí 2016.
7.10	O	Tar éis na tógála, déanfar an Plean Bainistithe Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach a nuashonrú don chéim oibriúcháin, cuirfear san áireamh na torthaí ón bplean bainistíochta speiceas ionrach neamhdhúchasacha agus na riachtanais cothabhála oibríochta. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le modhanna cóireála leantacha mar chóireáil cheimiceáin sa chás go mbeadh sin sonraithe sna riachtanais maidir le rialú leanúnach.

21.3 Daoine, Daonra agus Sláinte an Duine

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
18.1	C/O	Saoráidí trasrian coisithe a sholáthar ag acomhail agus bóithre beaga ag freastal ar phobail áitiúla faoin tuath.
18.2	C	Sciathadh amhairc sealadach a sholáthar ó oibreacha tógála ag reilig Shéipéal San Séamus i bPáirc na Sceach agus Scoil Naomh Séamus, Páirc na Sceach.
18.3	C/O	Saoráid trasrian coisithe a sholáthar ag Acomhal Pháirc na Sceach le Bóthar Ceangail N59 ó Thuaidh i rith tógála agus oibríochta.
18.4	C	Aon deighilt faidreiseach a sheachaint agus achar úsáide a íoslaghdú trí thrácht tógála den tSeanbóthar.
18.5	C	Soláthar a dhéanamh do bhealach áise eile le bruach Abhainn na Gaillimhe, chomh maith le comhairle roimh ré ar an lucht siúlóide, faoi shrianta ar bhealach isteach sa chás go mbíonn obair thógála á déanamh ar dhroichead trasna os cionn bhruach na habhann. Coinneofar bealach sábháilte trasna an láithreáin tógála ar Champas Spóirt OÉG ó thús go deireadh chonradh na hoibre.
18.6	C	Oibreacha tógála a chéimniú chun na tionchair ar imeachtaí rásaíochta a íoslaghdú ag Ráschúrsa na Gaillimhe.
18.7	C	Comharthaí treo a sholáthar i gcomhair rochtain ar áiteanna díolachán carranna agus d'ionad sórtála An Post ar an N83 i rith na tógála.
18.8	C/O	Saoráidí trasrian coisithe a sholáthar ag Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 i rith tógála agus oibríochta.
18.9	C/O	Cosán a sholáthar laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe feadh Bhóthar na Scoile, An Caisleán Gearr.
18.10	C	Comharthaí treo a sholáthar le haghaidh Páirc Ghnó Chnoc Maoil Drise, lena n-áirítear ionad díolachán carranna atá lonnaithe anseo i rith na céime tógála.
18.11	C/O	Bearta a ghlacadh lena chinntiú nach n-úsáidtear cul-de-sac nó talamh in aice láimhe le haghaidh páirceáil neamhdhleathach sa chéim oibríochta.
18.12	C	Cuirtear gach fógra poiblí agus an nuacht is déanaí maidir le gach tionscadal poiblí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla i rith na tógála.
18.13	C	Cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh an chumarsáid ó lá go lá a bhainfidh le tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe i mBéarla, beidh sé de chumas ag an gConraitheoir cumarsáid agus comhfhreagras a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus acmhainní foirne dóthanach agus comhréireach a thabhairt chun déileáil le haon duine ar mian leis comhfhreagras agus cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.
18.14	O	Luafar logainmneacha de réir an Ordaithe Logainmneacha iomchuí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.
18.15	C	Cuirfear bealach trasna do choisithe ar fáil ag an mbealach isteach chuig Cairéal Leacaigh sula dtosaítear ar an obair thógála ionas go mbíonn an glasbhealach ann ar feadh an ama. Coinneoidh an conraitheoir an bealach trasna seo do choisithe ar fáil go mbíonn deireadh leis an obair thógála. Beidh teorainn luais 15kph i bhfeidhm ar an mbóthar áise isteach chuig campún an láithreáin ag Cairéal Leacaigh an fhad a bhíonn an obair ar siúl.

21.4 Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
15.1	C	Sa chás go gceadóidh an Bord Pleanála an Scéim Bóithre Cosanta agus an Scéim Mótarbhealaí agus go gceadófar sin faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) agus faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, seirbheálfar Fógra Gnóthaíochta ar dtús báire ar úinéirí, ar léasaithe agus ar áititheoirí na dtithe cónaithe agus na maoinne tráchtála a bheidh le ceannach, laistigh de sé mhí ó thiocfaidh an scéim i bhfeidhm, sin mura mbeidh iarratas déanta ar Athbhreithniú Breithiúnach, agus sa chás sin déanfar an Fógra Gnóthaíochta a sheirbheáil de réir fhorálacha Alt 217 (6A) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 mar atá curtha isteach ag an Acht um Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (Teorainneacha Ama a Fhadú) 2010. Is é/í an t-eadránaí maoinne a chomhaontóidh nó a chinnteoidh cúiteamh chomh luath agus is féidir ach a ndéanfar an Fógra Gnóthaíochta a sheirbheáil. Ach a mbeidh an cúiteamh comhaontaithe nó cinntithe agus teideal sásúil tugtha, féadfar íocaíocht i bpáirt a dhéanamh agus féadfaidh an t-éilitheoir fanacht ar feadh tréimhse chomhaontaithe sa mhaoin a bheidh le ceannach. Leis sin cuirfear deireadh leis an éiginnteacht a bheidh ar an éilitheoir agus éascóidh sé socruithe a bheith á ndéanamh, chomh luath agus is féidir, chun maoin eile a chinntiú dó féin.
15.2	C	I gcás ina bhfuil tionchar ar an rochtain reatha ar réadmhaoin, cuirfear é sin ar ais nó cuirfear rochtain mhalartach ar fáil.
15.3	C	I gcás ina mbeidh tionchar ar an mbonneagar do sholáthróirí seirbhíse, cuirfear é sin ar mhalairt slí nó cuirfear ar ais é de réir cheanglais na soláthróirí seirbhíse roimh an tógáil.
15.4	C	Cothófar rochtain theoranta ar fud an limistéir thógála ag saoráidí champas spóirt OÉG i rith na tógála.
15.5	TÚ	Cuirfear malairt áiseanna páirceanna imeartha ar fáil in ionad na bpáirceanna imeartha a geuirfear isteach go díreach orthu leis an bhforbairt atá beartaithe ar an mbóthar. Áirítear ar na háiseanna sin páire imeartha 3G faoi thuilsoilse do na cluichí Gaelacha, spás traenála 3G faoi thuilsoilse agus gnéithe bonneagair ar an láthair a bhaineann le draenáil na bpáirceanna sin agus fearas de leithéid eangacha chun liathróidí a stopadh. Téann an fhorbraíocht maidir leis an mbóthar beartaithe trasna freisin ar an bpailliún spóirt reatha ionas go dtarlaíonn tionchar go díreach ar cheann thiar an fhoirgnimh agus déanfar athchóiriú mar seo a leanas ar an bhfoirgneamh sin: <ul style="list-style-type: none"> • Déanfar an seomra fearais ag an gceann thiar, aon seomra feistis amháin, aon spás stórála amháin, aon spás meáchain amháin agus na hallaí slí a ghabhann leo ar stór na talún agus thuas an staighre a leagan. • Déanfar an seomra fearais ag an gceann thiar agus an trealamh a ghabhann leis a lonnú in ionad eile. • Déanfar athleagan amach agus obair thógála maidir le ballaí taobh istigh agus taobh amuigh, leis an díon, le fuinneoga agus le doirse.
15.6	C	I rith thógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe, cuirfear rochtain mhalartach ar fáil feadh bhruach Abhainn na Gaillimhe ar fad.
15.7	C	Cuirfear stáblaí sealadacha ar fáil do Ráschúrsa na Gaillimhe nuair a bheidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe á tógáil go dtí go mbeidh Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe críochnaithe agus nuair a bheidh na stáblaí buana agus na saoráidí gaolmhara tógtha.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
15.8	C	Mar gheall ar bhearta maolaithe faoi mar atá mionsonraithe i gcomhaontuithe oibreacha cóiríochta aonair, cosúil le cóireáil teorann, bealaí isteach i dtithe, suirbhéanna ar dhálaí maoinne (mar atá i gcas Torann agus Creathadh), duchtáil a sholáthar chun seirbhísí a éascú, rochtain a chothabháil i rith na tógála agus míreanna eile, cuirfear deireadh le tionchair a bhaineann le maoinne a bhfuil páirt-thógáil talún i gceist leo.
15.9	C	I gcás ina mbeidh tionchar ar an mbonneagar do sholáthróirí seirbhíse, cuirfear é sin ar mhalaírt slí nó cuirfear ar ais é de réir cheanglais na soláthróirí seirbhíse roimh an tógáil. Tabharfar fógra roimh ré d'úsáideoirí seirbhíse maidir le haon chur isteach sealadach nó aon bhriseadh cumhachta a chaithfear a dhéanamh mar gheall ar na hoibreacha tógála. Beidh an cur isteach ar sheirbhísí nó an briseadh cumhachta pleanáilte go cúramach ionas nach dtarlóidh siad ach ar feadh achar gearr.
15.10	C	Athnascfar an soláthar uisce poiblí agus na córais uisce bhréin a bheidh i gceist. Déanfar na malairtí slí riachtanacha go léir de réir cheanglais an údarás áitiúil agus Uisce Éireann. I gcás ina mbeidh tionchar ar sholáthairtí uisce óil príobháideacha, cuirfear tobar nua nó soláthar malartach uisce nó cúiteamh airgid ar fáil nuair a chaillfear an tobar.
15.11	O	Déantar an straitéis maolúcháin ag Campas Spóirt OÉG a leasú i ndáil leis na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> Ní gá feasta an pháirc imeartha féir do na cluichí Gaelacha atá suite ó dheas, díreach le taobh Abhainn na Gaillimhe, a thabhairt san áireamh maidir leis an straitéis maolúcháin in OÉG. Athchóireofar an pháirc imeartha féir do na cluichí Gaelacha atá suite ó thuaidh, díreach le taobh Abhainn na Gaillimhe, atá á héadáil go sealadach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, ina limistéar traenála féir, leis an mbunsraith gainimh chuí agus an córas draenála cuí a fhágfaidh oiriúnach in athuair í don úsáid a bhaintear faoi láthair aisti, agus tabharfar ar ais í do OÉG D'fhonn an modh ceangail a chinntiú ag OÉG tar éis an obair thógála a thabhairt chun críche, beidh cead slí á thabhairt faoi léas fadtéarmach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe wdo OÉG maidir le tailte faoin tarbhealach beartaithe a úsáid chun críche cúrsaí spóirt/lúthchleasaíochta.
15.13	O	Tabharfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe fógra do Ob_521_O_517.14_02 maidir le dúnadh bealaigh ar bith i ngar don áitreabh i rith an lae nó i rith na hoíche.
15.14	C	Déanfar na seangheataí maisithe ag an mbealach isteach ag Eastát Achaidh an Churraigh a bhaint anuas agus a stóráil agus cuirfear ar ais suas iad ag an mbealach isteach arís ar an obair a thabhairt chun críche. Tugtar chun aire nach ndúnann na geataí faoi láthair agus nach ndúnfaidh na geataí tar éis na hoibre agus nach sínfidh na geataí trasna an bhealaigh nua isteach nuair a bheidh siad curtha ar ais.
15.15	C	Bainfear amach na comharthaí ag áitreabh 668 ar Bhóthar Thuama an N83, déanfar a stóráil agus cuirfear ar ais suas iad ag an áitreabh nuair a bhíonn an obair críochnaithe.
15.16	C	Déanfar fána ó taobh thiar den bhalla eastáit atá ann agus atá coinnithe a chur ar na tailte cónaitheacha ag maoin 539 agus ag 540 suas go dtí an claifort ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt.
15.17	C	Déanfar an obair leasúcháin ar an bPailliún Spóirt ar Champas Spóirt OÉG mar obair cumasúcháin i rith thréimhse an tsamhraidh sula dtosaítear ar an obair thógála ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
15.18	C	Coinneofar na háiseanna leasa ag an bPailliún Spóirt ar Champas Spóirt OÉG ar fáil an fhad a bhíonn an obair thógála ar siúl.
15.19	C	Ní cheadófar do bhaill foirne atá fostaithe i mbun obair thógála páirceáil i gcarrchlór Champas Spóirt OÉG.
15.20	C	Gealltanais bhreise atá tugtha d'úinéirí talún maidir le cóireálacha teorann agus bóithre áise lena n-áirítear na cinn a leagtar amach i Ráiteas Fianaise Ms McCarthy a bhfuil siad ar fad léirithe sna tarraingtí leasaithe dar teideal "Aguisín A.9.1 Sonraí ar Oibreacha Cómhreítigh Úinéirí Talún_I2 Leasaithe" atá iarcheangailte leis seo agus sna tarraingtí leasaithe dar teideal Aguisín A.1.9 Cóireáil Teorann_I2" atá iarcheangailte leis seo agus a thagann in ionad na dtarraingtí sin in Aguisín A.9.1 agus A.1.9 a bhí ceangailte leis an bhFreagra ar an Iarraidh ar Thuilleadh Faisnéise (RFI).
15.21	C	"Tábla 9.3: Rinneadh nuashonrú ar an doiciméad Bóithre Áise Príobháideacha (Tábla 15.5 den EIAR nuashonraithe) a áiríodh sa bhFreagra ar an Iarraidh ar Thuilleadh Faisnéise chun geallantais bhreise a tugadh d'úinéirí talún maidir le bóithre áise príobháideacha a áireamh lena n-áirítear na cinn sin a leagtar amach i Ráiteas Fianaise ó Ms. McCarthy agus tá Tábla nuashonraithe 9.3 san áireamh leis seo mar Aguisín A.2.1.7 de Sceideal na nGealltanais. Áirítear an t-eolas nuashonraithe i ndearg sa tábla seo.
15.22	C	Plota 207 – Balla nua teorann a thógáil feadh Bhóthar na nAille (L5384) feadh fhad an maoine ar fad agus ar airde an bhalla teorann atá ann.
15.23	C	Plota 607 – Balla nua teorann d'aghaidh cloiche a thógáil os comhair na maoine feadh bhóthar an N84 atá ann cheana a bheidh 1.8m ar airde, chomh maith le piaraí ag an mbealach isteach, geataí a fhrithchaitheann torann agus an cabhsán a athrghrádú
15.24	C	Plota 666 – Bealach isteach nua tí a dhéanamh os comhair na maoine feadh an N83 ar aon dul leis an gceann a bhí ann a bheidh 5m siar ó cholbha an charbhealaigh.
15.25	C	Cuirfear geata breise isteach sa gharraí ar fáil ón AR4/05 ar mhaithe le húsáid as clós na feirme i bplota 216.
15.26	C	Airde 1.5m a bheidh sa bhalla cloiche nua teorann le plota 125.
15.27	C	Beidh an balla cloiche nua teorann le plota 493 ar aon airde leis an mballa teorann atá chun tosaigh faoi láthair.
15.28	C	Beidh an balla cloiche nua teorann le plota 523 ar aon airde leis an mballa atá ann cheana leis an gCuarbhóthar agus 2.0m ar airde le bóthar áise an AR08/02.
15.29	C	Tabharfar an balla teorainn agus an bealach áise maidir le plota 131 ar bhóthar na bhForaí Maola chun bealaigh agus déanfar balla cloiche nua 1.5m aníos ó dhroim na talún i gcomhréir le mionsonra caighdeánach GCRR-SK-C0-001. Beidh airde suas le 2.0m aníos ó dhroim na talún sa bhalla cloiche le teorainn an áitribh ó thuaidh. Déanfar bealach áise nua 4.0m ar leithead ó thuaidh den áitreabh ón mBóthar Ceangail ó Dheas idir Na Foráí Maola agus Troscaigh. Déanfar an bealach áise seo i gcomhréir leis na mionsonraí caighdeánacha CC-SCD-02753. Beidh bealach nua isteach i ngarraí ag CC-SCD-02754 agus geata singil isteach i ngarraí ag CC-SCD-00309 ag gabháil leis an mbóthar áise nua.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
15.30	C	Déanfar balla coinneála le héadan cloiche a mbeidh sconsa cuaillí agus ráillí lena mhullach, faoi mar a shonraítear go mion faoi GCRR-SK-C-004, le teorainn an réimse taispeántais ar phlota 668 cóngarach do Bhóthar Thuama an N83. Déanfar balla cloiche 1.2m ar airde ar feadh an chuid eile den teorainn le Bóthar Thuama N83, i.e. ó imeall ó dheas an réimse taispeántais. Sconsa cuaillí agus ráillí, ar dhéanamh Shonraíocht Chaighdeánach CC-SCD-00301 an TII, an taobh ó dheas den phlota agus sconsa slándála den chineál Paladin thart ar na locháin chóireála beartaithe na gnéithe eile atá i gceist leis an gcoir atá beartaithe a chur le teorainn na dtailte seo.
15.31	C	Cuirfear bealach isteach chuig fuilleach na dtailte i bplota 729, cóngarach d'Acomhal Pháirc Gnó Oirthear na Cathair le bóthar áise AR 15/05. Cuirfear bealach isteach trí gheata singil ar fáil, i gcomhréir le Sonraí Caighdeánach TII CC-SCD-02754 ina bhfeistear geata slándála den chineál Paladin.
15.32	C	Cuirfear comharthaí suas ag áitreabh 668 an fhad a bhíonn an obair thógála ar siúl ionas go gcinntítear gur furasta an bealach isteach a fheiceáil agus a aithint.
15.33	C	Cuirfear comharthaí nua suas don ghnó ag áitreabh 668, in ionad na gcomharthaí atá ann faoi láthair, nuair a bhíonn an obair thógála críochnaithe.
15.34	C	Cuirfear geata singil ar fáil isteach i ngarraí le bóthar áise AR4/05.
15.35	C	Airde 2.0m a bheidh sa bhalla cloiche le teorainn phlota 521 cóngarach do bhóthar áise AR 08/01.
15.36	O	Beidh geata ar bhóthar áise AR 07/07, cuirfear an geata faoi ghlas agus cuirfear eochair ar fáil d'úinéirí talún 486 agus 272_462.

21.5 Sócmhainní Ábhartha – Talmhaíocht

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
14.1	C	Tabharfar rochtain don úinéir talún ar gach dáileacht talún atá scartha i rith thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe. I gcás ina gcuirtear isteach go sealadach ar an rochtain sin tabharfar fógra roimh ré do na húinéirí talún.
14.2	C	I gcás ina gcuirtear isteach ar sholáthairtí uisce agus leictreachais reatha i rith chéim na tógála cuirfear foinse uisce nó soláthar leictreachais eile ar fáil e.g. umar uisce nó ductáil cáblaí leictreacha. Má chuirtear srian buan ar rochtain ar fhoinsí uisce óil dromchla soláthrófar soláthairtí soláthairtí eile (nó cúiteamh chun deis a thabhairt don fheirmeoir a thobar féin a dhruileáil).
14.3	C	Crochfar fál teorann oiriúnach chun líne teorainn na forbartha atá beartaithe a idirdhealú agus ionas nach gcuirtear isteach ar thalamh cóngarach.
14.4	C	Ceapfar príomh-theagmhálaí i rith chéim na tógála chun cumarsáid a éascú idir na húinéirí talún a bheidh i gceist agus chun an t-atheagrú a dhéanfaidh feirmeoirí ar fhiontair feirme a éascú i rith tréimhsí criticiúla.
14.5	C	Tabharfar fógra roimh ré d'úinéirí talún a bhfuil talamh acu cóngarach do láithreáin ar a dtarlóidh briseadh cloch, pléascadh nó píleáil maidir leis na gníomhaíochtaí sin.

14.6	C	Íoslaghdófar na tionchair ar cháilíocht an uisce trí bhíthin clár tiomantas comhshaoil le haghaidh foinsí uisce dromchla agus screamhuisce mar atá tuairiscithe sna codanna ar Hidrigeolaíocht agus Hidreolaíocht.
14.7	C	Íoslaghdófar scaipeadh deannaigh anuas ar thalamh in aice láimhe trí thiomantais chomhshaoil atá leagtha síos sa chuid ar aer. Go hiondúil, ní bhíonn an tionchar a bhíonn ag deannach ar bheostoc ar féarach suntasach.
14.8	C	I gcás ina n-athraítear sruth éalaithe draenála go sealadach nó go mblocáiltear nó go ndéantar damáiste do dhraenacha talún coinneofar sruth éalaithe draenála a bheidh dóthanach agus deiseofar draenacha ar an talamh.
14.9	O	Beidh na dáileachtaí talún deighilte ar fad inrochtana tríd na líonra bóithre áitiúla, trí bhóithre rochtana áise agus raonta rochtana.
14.10	O	I gcás go mbeidh na soláthairtí uisce agus leictreachais reatha ar pháirceanna nó ar chlóis feirme scartha, tabharfar an soláthar ar ais trí dhuchtáil a sholáthar nuair is gá. Nó, i gcás nach féidir ductú a úsáid cuirfear foinse uisce nó soláthar leictreachais eile ar fáil. Le híocaíochtaí cúitimh beidh feirmeoirí ábalta soláthairtí cumhachta agus uisce a athsholáthar.
14.11	O	Déanfar uisce ón bhforbairt bóthair atá beartaithe a atreorú chuig locháin mhaolúcháin sula ndoirtfear é i sruthchúrsaí nó sa talamh. Rachaidh dearadh draenála na forbartha bóthair atá beartaithe trasna draenacha páirce atá ann agus iomprófar an t-uisce draenála chuig sruthanna éalaithe oiriúnacha.
14.12	O	Íoslaghdóidh tírdhreachú feadh na forbartha bóthair atá beartaithe an tionchar amhairc ar fheirmeacha feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe agus le himeacht ama cuirfear feabhas ar an bhfoscadh sna feirmeacha lena mbaineann.
14.9-13	C	Beidh saineolaí capall nó tréidlia fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar feadh ré feidhme an chonradh tógála
14.10-14	C	Tabharfar faoi dheardh agus thógáil na stáblaí sealadacha agus bhuna atá beartaithe do Ráschúrsa na Gaillimhe i gcomhar le Bord Rialála Rásaíocht Capall na hÉireann (Rásaíocht Capall Éireann HRI). Bainfear leas as treoirlínte Chumann Rásaíocht Capall na Breataine mar thagarmharc i dtaobh an dearaidh sa chás nach mbeadh aon teoirlínte sonracha ann amach anseo ag an HRI.
14.11-15	C	Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe i mbun idirchaidrimh le Coiste Ráschúrsa na Gaillimhe maidir le haon cheadú a dheonófar a chur i bhfeidhm mar a bhaineann le Ráschúrsa na Gaillimhe.
14.16	C	Cuirfear cró nua ar fáil in ionad an chró eallaigh atá ar phlota 571 faoi láthair.

21.6 Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
16.1	C	<p>Áirítear leis an measúnú ar thionchair fhéideartha tógála atá i gCuid 16.5.3 de Chaibidil 16 Cáilíocht an Aeir agus Aeráid ‘maolú caighdeánach’ a chur i bhfeidhm, mar atá luaite sna Treoirlínte TII. Áireofar na bearta seo a leanas leis sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Spraeáil gníomhaíochtaí créfoirt nochta agus bóithre tarlaithe láithreáin i rith aimsir thirim • Níochán rothaí a sholáthar ag pointí sceite • Rialú luasanna feithiclí agus srianta luais. Tá sé beartaithe go ndéanfaí trácht suímh a shrianadh go 20km/u. Cuideoidh sé sin chun ath-fhuaidreán deannaigh a íoslaghdú • Bóithre dromchla crua a scuabadh
16.2	C	<p>Cuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm. Tá na bearta sin bunaithe ar dhea-chleachtas faoi mar atá tugtha sa cháipéis de chuid British Research Establishment (BRE) ‘Controlling particles, vapour and noise pollution from construction sites’ agus treoir na hInstitiúide um Bainistiú Cháilíocht an Aeir (IAQM) ‘Guidance on the assessment of dust from demolition and construction’, 2016.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfidh an Conraitheoir straitéis chumarsáide poiblí i bhfeidhm ina dtabharfar cuntas ar na nósanna imeachta chun daoine sa phobal a chur ar an eolas faoi gníomhaíochtaí a d’fhéadfadh a bheith suaiteach, tá tuilleadh sonraí in Aguisín A.7.5. Áirítear leis an aguisín sin freisin sonraí maidir le clár gearán a chuirfear i bhfeidhm i rith chéim na tógála • Beidh astaíochtaí sceite ó fheithiclí a bheidh ag obair laistigh den láithreán, lena n-áirítear trucail, tochtaltóirí, gineadóirí díosail nó trealamh gléasra eile, á rialú ag an gConraitheoir trí sheirbhísiú rialta ar innealra • I rith aimsir thirim nó nuair a bheidh sé gaofar tráth a mbeidh deannach níos fairsinge, déanfar limistéir thógála agus feithiclí a bheidh ag seachadadh ábhar a d’fhéadfadh deannach a chruthú a spraeáil le huisce, de réir mar is cuí • Cuirfear limistéir ina láimhseálfar agus ina ndéanfar stoc-charnadh ar ábhair ar shiúl ó phríomhbhealaí isteach an láithreáin. Beidh na limistéir sin deartha freisin chun a nochtadh ar ghaoth a íoslaghdú – coinneofar gach stoc-charn ag an airde phraiticiúil is lú le fánaí réidhe • Ní dhéanfar aon stoc-charnadh fadtéarmach ar an láthair agus íoslaghdófar an t-am stórála • Déanfar airde titime ábhar ó ghléasra go gléasra nó ó ghléasra go stoc-charn a íoslaghdú • Úsáidfear sochtadh uisce i rith scartáil foirgneamh <p>Lonnófar gléasra baisceála brúite agus coincréite chomh fada ó ghabhdóirí leochaileacha agus is féidir go praiticiúil. Cumhdófar gach bosca stórála agus pointe aistrithe. Feisteofar sadhlanna le cúlscairí aer-scairde</p>

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
16.3	C	Cuirfear sciathadh deannaigh ag suíomhanna ina bhféadfadh tionchar a bheith ar cháilíocht an aeir i rith chéim na tógála ag suíomhanna ina bhfuil gabhdóirí leochaileacha lonnaithe i bhfoisceacht 100m de na hoibreacha. Ina theannta sin, cuirfear sciathadh deannaigh 2m ag na suíomhanna i limistéir an fhorluite idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus cSAC Loch Coirib agus san áit ina bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe cóngarach do NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn.
16.4	C	Cinntíonn oiliúint foirne agus bainistiú stuama oibríochtaí go gcuirfear gach modh sochta deannaigh i bhfeidhm agus go ndéanfar cigireacht leanúnach orthu. Tá tuilleadh sonraí maidir le hoiliúint foirne tugtha san CEMP in Aguisín A.7.5 .
16.5	C	Déanfar PM ₁₀ /PM _{2.5} agus sil-leagan deannaigh chun éifeachtacht na dtiomantais chomhshaoil a dheimhniú.
16.6	C	Déanfar monatóireacht ar theistíocht deannaigh ag roinnt suíomhanna gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Déanfar monatóireacht ar a laghad ar bith ag an dá ghabhdóir leochaileacha is gaire ag suíomhanna áit ina bhfuil oibreacha ar scála ‘ollmhór’ beartaithe fad is a bheidh oibreacha ag tarlú in aice láimhe. Déanfar monatóireacht leis an modh Bergerhoff, i.e. anailís ar chrúcaí bailithe deannaigh a fhágfar ar an láithreán (German Standard VDI 2119, 1972). Cuirfear na torthaí i gcomparáid le treoirlínte TA Luft. I gcás ina sáraítear teorainn TA Luft i rith chéim na tógála nó go bhfaightear gearán maidir le leibhéal deannaigh, cuirfear tiomantais chomhshaoil bhreise, mar shampla spraeáil uisce níos rialta, i bhfeidhm. Déanfar monatóireacht ar shil-leagan deannaigh ar feadh mí amháin ar a laghad sula gcuirfear tús leis na hoibreacha d’fhonn bonnlíne a leagan síos.
16.7	C	Tá sé i gceist monatóireacht a dhéanamh ar cháithníní (PM10 agus PM2.5) ag na gabhdóirí leochaileacha is gaire in aghaidh na gaoithe agus le gaoth de na hoibreacha tógála san áit inar sainaitníodh gabhdóirí leochaileacha i bhfoisceacht 25m de na hoibreacha. Beidh an clár monatóireachta ar bun nuair a bheidh oibreacha ar dóigh a gcruthófar deannach leo á gcur i gcrích. Tabharfaidh an mhonatóireacht deis comparáid a dhéanamh le caighdeán cháilíochta aeir PM10 agus PM2.5 ar bhonn laethúil.
16.8	C	Úsáidfear na teorainneacha cáithníní agus sil-leagáin deannaigh chun tarlúintí féideartha de núis deannaigh a bhaineann leis na hoibreacha tógála atá beartaithe a chinneadh. I gcás go mbeadh an baol ann go sárófaí na luachanna teorann maidir le sil-leagan cáithníní agus deannaigh i rith na n-oibreacha tógála, glacfaidh an Conraitheoir taifead de na leibhéil. Déanfar imscrúdú ina dhiaidh sin leis na cúiseanna féideartha a chinneadh agus na roghanna atá ar fáil chun an leibhéal deannaigh a laghdú.
16.9	C	Déanfar anailís ar na cúiseanna féideartha go léir leis na leibhéil arda deannaigh. Áireofar leo sin na hoibreacha tógála féin a bheith ar bun, foinsí féideartha taobh amuigh den láithreán agus dálaí meitéareolaíochta. I gcás go n-aithneofaí na hoibreacha tógála atá ar siúl mar phríomhchúis an leibhéil ard deannaigh, cinnteoidh an Conraitheoir go bhfeabhsófar na tiomantais chomhshaoil atá liostaithe thuas. I gcás go bhfuil leibhéal arda deannaigh fós ann i ndiaidh na bhfeabhsuithe sin, soláthróidh an Conraitheoir tiomantais chomhshaoil eile agus/nó déanfaidh sé athruithe ar na hoibreacha tógála atá ar siúl.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
16.10	C	<p>Cuirfear na tiomantais chomhshaoil seo a leanas i bhfeidhm i rith chéim thógála na forbartha d'fhonn astaíochtaí CO₂ a íoslaghdú:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Gheofar ábhair a theastóidh i gcomhair na n-oibreacha tógála go háitiúil nuair is féidir. Tá cairéil i mbun oibre gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Brisfear clocha ar an láithreán nuair is féidir, ionas nach gcaithfear an oiread cloch bhrúite a iompórtáil isteach • Cuirfear an Plean Bainistíochta Trácht Tógála a bhfuil cuntas air sa CEMP in Aguisín A.7.5 i bhfeidhm ina iomlán. Leis sin íoslaghdófar brú tráchta agus spreagfar daoine chun a bheith ag roinnt carranna agus chun úsáid a bhaint as iompar poiblí • Láimhseálfar ábhair go héifeachtúil ar an láithreán chun an tréimhse feithimh i gcomhair ualaithe agus dí-ualaithe a íoslaghdú, rud lena laghdófar astaíochtaí féideartha • Múchfar innill nuair nach mbeidh innealra in úsáid • Déanfar cothabháil rialta ar ghléasra agus ar threalamh • Úsáidfear innealra a bhfuil tionchar laghdaithe acu ar an gcomhshaoil nuair atá fáil orthu, amhail: Úsáidfear Slaig Fóirnéise Soinneáin Gránaithe Meilte (GGBS) agus Luaith Cháithnéineach Púdráithe (PFA) mar ionadaithe i gcomhair stroighin Portland agus cruach Athchúrsáilte.
16.11	C	<p>Iarrfar ar an gConraitheoir Córas Bainistíochta Fuinnimh a chur i bhfeidhm fad is a mhairfidh na hoibreacha. Áireofar iad seo a leanas ar a laghad leis sin:</p> <p>Úsáidfear rialuithe teirmeastatacha ar gach córas teasa i bhfoirgnimh láithreáin</p> <p>Úsáidfear struchtúir thógála shealadacha inslithe</p> <p>Úsáidfear trealamh ísealfhuinnimh agus feidhmeanna coigilte cumhachta ar gach ríomhchóras</p> <p>Úsáidfear feistis sconnaí agus cithfholcthaí ar shreabhadh íseal</p> <ul style="list-style-type: none"> • Úsáidfear cumhacht na gréine/theirmeach chun uisce a théamh le haghaidh na saoráidí leasa ar an láithreán cosúil le doirtil agus cithfholcthaí.
16.12	C	<p>Bainfidh an Conraitheoir úsáid as coincrít threisithe le fachtóir astaíochta nach airde ná 0.0949 KgCO₂e/Kg.</p>

21.7 Torann agus Creathadh

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
17.1	C	<p>Beidh sé de dhualgas ar an gConraitheoir a bheidh i mbun na n-oibreacha tógála bearta sonracha um laghdú torainn a ghlacadh agus cloí leis na moltaí in BS 5228-1:2009+A1:2014 Cód Cleachtais um Rialú Torainn agus Creathaidh ar Láithreáin Thógála agus Oscailte - Torann agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Astaíocht Torainn ó Threalamh a Úsáidtear Lasmuigh), 2001. Cinnteofar an méid seo a leanas leis na bearta:</p> <ul style="list-style-type: none"> Ní bheidh cead ag gléasra ar bith a úsáidtear ar an láithreán bheith ina núis phoiblí leanúnach de dheasca torainn Bainfear leas as an modh is fearr agus is féidir, lena n-áirítear cothabháil chuí an ghléasra, chun an torann a chruthóidh oibríochtaí láithreáin a íoslaghdú Beidh na feithiclí go léir agus an gléasra meicniúil go léir feistithe le ciúnadóirí sceite éifeachtúla agus coinneofar i mbail mhaith oibre iad ar feadh thréimhse an chonartha Beidh na comhbhrúiteoirí ina samhlacha caolaithe a bheidh feistithe le clúdaigh fhuaimne a bheith líneáilte agus séalaithe mar is cuí agus a choinneofar dúnta nuair a bheidh na meaisíní á n-úsáid agus beidh na huirlisí neomatacha coimhdeacha ar fad feistithe le ciúnadóirí oiriúnacha Dúnfar innealra a úsáidtear go headrannach nó déanfar iad a mhaolú go dtí an méid is ísle nuair nach bhfuil siad á n-úsáid Gléasra ar bith, amhail gineadóirí nó caidéal, a bheidh le hoibriú roimh 7am nó i ndiaidh 7pm, cuirfear fál fuaime nó scáthlán in-iompartha thart orthu. Le linn chlár na tógála, beidh ar an gConraitheoir na hoibreacha a bhainistiú ionas go gcloífídh siad leis na teorainneacha atá mionsonraithe i dTábla 17.1, ag baint úsáid as na modhanna atá leagtha amach in BS 5228-1:2009+A1 2011. Cuid 1 - Torann
17.2	C	Iarrfar ar an gConraitheoir réamh-mheastacháin torainn le linn tógála a dhéanamh sula dtosófar ar na hoibreacha agus na bearta rialaithe torainn is oiriúnaí a chur i bhfeidhm ag brath ar an leibhéal laghdú torainn a bheidh riachtanach ag aon láthair amháin.
17.3	C	Déanfar measúnú ar fhéidearthacht baill ghléasra ar bith chun torann a chruthú sula dtabharfar an píosa ar an láithreán. Roghnófar an ball gléasra is lú torannach nuair is féidir. Má fhaightear go gcruthaíonn ball áirithe gléasra atá ar an láithreán cheana ardleibhéal torainn, an chéad rud a dhéanfar ná a fháil amach an féidir nó nach féidir ball eile níos ciúine a chur in aonad an bhaill sin.
17.4	C	Le haghaidh gléasra ina stad amhail comhbhrúiteoirí agus gineadóirí a úsáidtear ag láithreacha oibre amhail campúin tógála etc., cuirfear fála fuaime dílsithe an déantóra ar fáil sna hionaid nuair is féidir.
17.5	C	Déanfaidh an Conraitheoir measúnú ar an rogha do phléáil, tochair, briseadh agus modh eile oibre agus cuirfidh sé na dálaí éagsúla talún agus srianta láithreáin san áireamh. Nuair is féidir, i gcás go bhfuil trealamh eile ann a chruthaíonn torann níos ísle agus lena mbainfí amach, sna dálaí talún faoi leith, torthaí comhionanna struchtúir/ tochair/ briste ón taobh eacnamaíoch de, roghnófar iad sin chun an cur isteach féideartha a íoslaghdú.

17.6	C	<p>Murar rogha inmhharthana nó phraiticiúil é ball gléasra torannach a athsholáthar, breithneofar ar rialú torainn “ag an bhfoinse”. Is éard atá i gceist leis sin mionathrú a dhéanamh ar bhall gléasra, nó modhanna laghdaithe fuaimhe níos fearr a chur i bhfeidhm i gcomhairliúchán leis an soláthróir nó an úsáid dea-chleachtais um láimhseáil trealaimh agus ábhar chun torann a laghdú. I gceachtas, d’fhéadfadh gá a bheith le cothromaíocht a aimsiú idir úsáid na dteicnící ar fad atá ar fáil agus na costais mar thoradh ar amhlaidh a dhéanamh. Tá sé beartaithe dá bhrí sin an coincheap “Na Teicnící is Fearr atá ar Fáil” a ghlacadh, faoi mar a shainítear i dTreoir CE 96/61.</p>
17.7	C	<p>Déanfar measúnú ar theicnící i gcomhair maolú torainn atá beartaithe chomh maith i bhfianaise a n-éifeachta féideartha ar shábháilteacht agus sláinte cheirde. Baineann an treoir imlíne seo a leanas le teicnící praiticiúla rialaithe torainn ag an bhfoinse a bhaineann le breithnithe sainiúla láithreáin:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Maidir le baill gléasraí soghluaiste amhail craenacha, dumpairí, tochtaltóirí agus lódairí, is féidir le suiteáil sceite fuaimhe agus/nó cothabháil painéal fála a bhíonn dúnta le linn an oibríúcháin leibhéil torainn a laghdú suas le 10 dB. Déanfar gléasra soghluaiste a chasadh as nuair nach bhfuil sé in úsáid agus ní fhágfar díomhaoin é. • Maidir le gléasra píleála, is féidir laghdú torainn a bhaint amach tríd an gcóras tiomáinte a chur isteach i gcumhdach fuaimhe. Maidir le torann leanúnach seasmhach, amhail torann a chruthaíonn innill díosail, is féidir an torann a astaítear a laghdú trí chóras ciúnadóra sceite níos éifeachtaí a fheistiú nó ceannbhrat fuaimhe úsáid in áit an ghnáthchumhdaigh innill • Maidir le huirlisí cnagtha amhail bristeoirí coinchréite neomatacha, druilírí carraige agus uirlisí áirítear ar líon beart rialaithe torainn tostóir nó trealamh laghdaithe fuaimhe a fheistiú ar ‘uirlis’ an bhristeora agus a chinntiú go ndéanfar ligean ar bith sna haerlínte a shéalú. Scáthlín áitiúla a thógáil thart ar bhristeoir nó ar bhéalmhír druilire nuair a oibrítear iad gar do theorainneacha torann-íogaire agus cineálacha oiriúnacha eile laghdaithe torainn • Maidir le meascthóirí coinchréite, bainfear leas as bearta rialaithe le linn glantacháin lena chinntiú nach ndéanfar casúireacht ríogach ag druma an meascthóra • Maidir le láimhseáil uile na n-ábhar, cinnteoidh an Conraitheoir go mbeidh na bearta rialaithe torainn láithreáin dea-chleachtais curtha chun feidhme lena n-áirítear a chinntiú nach dtitfidh ábhair ó airdí iomarcacha agus go mbeidh fánáin scaoilte/dumpairí línithe le hábhair athléimneacha. Is breithniú tábhachtach é sin le haghaidh campúin láithreáin áit a lódáiltear agus a dlíodáiltear ábhair. Cuimseofar dianbheartas um rialú torainn a bhaineann le láimhseáil ábhar sna campúin láithreáin gar do limistéir torann-íogaire (féach Tábla 17.10 de Chaibidil 17 Torann agus Creathadh) • I gcás go mbeidh comhbhrúiteoirí, gineadóirí agus caidél lonnaithe gar do réadmhaoine/limistéir torann-íogaire agus go bhféadfadh siad na critéir torainn a shárú, beidh fálú fuaimhe thart orthu nó beidh siad fálaithe laistigh d’fhálta fuaimhe ina mbeidh aeráil ar fáil • Is féidir éifeachtaí athshondais in obair phainéil nó plátaí cumhdaigh a laghdú trí champúin mhaolúcháin a stalcaidh nó a chur i bhfeidhm; is féidir torainn ghliogair agus dhíoscánacha a rialú trí ábhair athléimneacha a fheistiú idir na dromchla a bheidh i dteagmháil lena chéile • Is féidir fála indíghléasta a úsáid chun maith chun scáthlín a chur thart ar oibreoirí a úsáideann uirlisí láimhe agus is féidir iad a bhogadh thart ar an láithreán de réir mar is gá • Déanfar cothabháil rialta ar gach ball gléasra. Leis an gcothabháil sin is féidir méaduithe ar bith ar thorann gléasra neamhriachtanach a

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
		chosc agus d'fhéadfadh sé éifeachtúlacht na mbeart rialaithe torainn a fhadú
17.8	C	De réir BS 5228 -1:2009+A1 sonraítear gur cheart scáthláin a chur chomh gar agus is féidir don fhoínse nó don ghlacadóir ar láithreáin chothroma. Tógfar an bhacainn ionas nach mbeidh bearnaí nó oscailtí ar bith ag ailt in ábhar an scáthláin. In Iarscríbhinn B den BS 5228-1:2009+A1:2014 (Fíoracha B1, B2 agus B3) soláthraítear gnáthshonraí maidir le scáthláin, botháin.
17.9	C	Leagfaidh an Conraitheoir amach an láithreán go cúramach. Laistigh de champúin láithreáin, má bhíonn foirgnimh láithreáin amhail oifigí agus siopaí suite idir an láithreán agus suíomhanna íogaire is féidir leibhéal maith sciata torainn a chur ar fáil. Mar an gcéanna, i roinnt cásanna is féidir le hábhair amhail barrithir nó comhlán feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe méid áirithe sciata torainn a chur ar fáil má chuirtear idir an fhoínse agus an glacadóir é.
17.10	C	Déanfar an obair thógála den chuid is mó i rith an lae ó Luan go hAoine agus ar an Satharn (tagair do Chuid 17.2.2.1 de Chaibidil 17, Torann agus Creathadh). Ag brath ar leibhéal na n-astafochtaí torainn agus an tionchar torainn gaolmhar a bheidh ann, beidh an Conraitheoir solúbtha agus beidh sé ábalta oibreacha áirithe a dhéanamh ag uaireanta nuair nach mbeidh réadmhaoine sa chomharsanacht chomh íogair i leith torainn.
17.11	C	Beidh gá le ragobair a dhéanamh (lena n-áirítear an deireadh seachtaine) agus sealanna oibre istoíche ag céimeanna criticiúla den tionscadal. Thar an gcéim tógála a mheastar a thógfaidh 36 mí beidh suas le 10 seachtaine d'obair istoíche feadh chodanna difriúla den fhorbairt bóthair atá beartaithe go príomha chun oibreacha droichid a éascú ar bhóithre reatha
17.12	C	Breathnófar ar sceidealú na ngníomhaíochtaí ar bhealach a thiocfaidh le suíomh an láithreáin agus cineál na réadmhaoine sa chomharsanacht. Breathnófar ar gach gníomhaíocht/imeacht a d'fhéadfadh beith torannach de réir a fhiúntais aonair agus déanfar iad a sceidealú de réir a leibhéal torainn, a ghairreachta do shuíomhanna íogaire agus roghanna féideartha le haghaidh rialú torainn. I gcásanna ina mbeidh gníomhaíochtaí an-torannach sceidealaithe e.g. gníomhaíochtaí atá sainaitheanta i dTábla 17.9 de Chaibidil 17, Torann agus Creathadh (briseadh carraigeach / bascadh / pleáil tionchair etc.) nó gníomhaíochtaí eile ar leibhéal torainn comhchosúil, déanfar úsáid gníomhaíochtaí eile ar an láithreán a sceidealú chun leibhéal torainn charntha a rialú.
17.13	C	Ceapfar oifigeach idirchaidrimh torainn ainmnithe ar an láithreán le linn na n-oibreacha tógála chun cumarsáid shoiléir a leagan síos idir an Conraitheoir agus áitritheoirí nó áitritheoirí na bhfoirgneamh i limistéir atá leochaileach ó thaobh torainn. Déanfar gach gearán faoi thorann a logáil agus déanfaidh an t-oifigeach idirchaidrimh beart fúthu go pras.
17.14	C	I rith chéim na tógála déanfar monatóireacht ar thorann ag na suíomhanna leochaileacha is gaire lena chinntiú nach sárófar teorainneacha torainn ón tógáil a bhfuil cuntas orthu i dTábla 17.1 . Déanfar monatóireacht ar thorann de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta ISO 1996: Acoustics – Description, measurement and assessment of environmental noise Cuid 1 (2016) agus Cuid 2 (2017). Beidh rogha na suíomhanna monatóireachta bunaithe ar na foirgnimh íogaire is gaire don limistéar oibre a rachaidh ar aghaidh feadh fhad na tógála bóthair. Moltar go ndéanfaí iniúchtaí ar rialú torainn ag eatraimh rialta ar feadh an chláir tógála ag an am céanna le monatóireacht ar thorann. I gcás monatóireacht ar chreathadh i rith na tógála déanfaidh comhlachtaí seachtracha monatóireacht neamhspleách chun torthaí a

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
		fhíorú. Déanfar monatóireacht ag foirgnimh leochaileacha aitheanta, áit a bhféadfadh na hoibreacha beartaithe a bheith ag na luachanna do theorainn creathaidh nó iad a shárú fiú.
17.15	C	<p>I dtéarmaí rialú dearadh pléisce, gheofar treoir shonrach ó na moltaí atá in BS 5228-2:2009+A1:2014 Cód Cleachtais um Rialú Torainn agus Creathaidh ar Láithreáin Thógála agus Oscailte – Tonnchrith maidir le hoibríochtaí pléisce i dteannta teicnící rialaithe pléisce arna n-úsáid ag angConraitheoir. Áireofar cuid díobh seo a leanas leo sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfidh Conraitheoirí atá oile go gairmiúil an pléascadh go léir i gcrích • Srian ar na huaireanta inar féidir pléascadh a chur i gcrích (09:00 – 18:00) • Déanfar pléascanna trialach a thástáil i limistéir nach bhfuil chomh íogair chun cuidiú le dearáí pléisce agus criosanna féideartha tionchair a shainithint • Déanfar lánáin phléascacha a shrianadh go cuí trí mhéid dóthanach coiscthe • Cinnteoidh Conraitheoir an phléasccha nach n-úsáidfear ach an méid is lú de chorda maidhmitheach, agus nach mbeidh corda maidhmitheach ar bith suite os cionn na talún • Déanfar próifiliú i ndiaidh gach pléisce lena chinntiú gur féidir geoiméadracht an éadain charraige a dhearbhu, rud a chumasóidh an t-ualach agus an spásáil is fearr a chuirfear i bhfeidhm do phléascanna ina dhiaidh sin • Beidh breithnithe speisialta ag taisteal maidir le dearadh, cur i gcrích nó críochnú pléasccha ar bith laistigh de 150 méadar de struchtúr atá ann. Áireofar leis sin suirbhéanna struchtúracha réamhbhaile agus iarbhaile a dhéanfaidh innealtóir struchtúrach inniúil • Déanfar creathadh talún agus róbhrú aeir (AOP) a thairfeadh go comhuaineach le haghaidh gach pléisce ag na suíomhanna is íogaire, ag brath ar an limistéar oibreacha a bheidh á phléascadh • Nuair a bhogfar an pléascadh go limistéar nua, déanfar pléasc ar leibhéal íseal ar dtús (i.e. Uaslánán Láithreach Íseal (MIC)) agus déanfar monatóireacht go comhuaineach ag roinnt réadmhaoine íogaire i dtreonna difriúla chun graif achair scálaithe faoi leith a chruthú <p>Bainfear úsáid as na graif achair scálaithe chun an MIC is fearr a dhearbhu do limistéir phléascanna ina dhiaidh sin chun creathadh agus teorainneacha AOP faoi na huasluachanna ábhartha a rialú (faoi mar atá leagtha amach i gCuid 17.2.1) ag na foirgnimh íogaire is gaire</p>
17.16	C	<p>Ar aon dul leis an dea-chleachtas tá bearta maolaithe ó fhoinní creatha, dea-chaidreamh cumarsáide agus poiblí ina bpríomhthoisic maidir le héifeachtaí geite do chónaitheoirí a laghdú. Sa chás sin, cuirfidh an Conraitheoir Straitéis Cumarsáide Poiblí chun feidhme roimh thús a chur le hoibreacha pléasccha ar bith. Sna cásanna sin, beartaítear na tiomantais chomhshaoil molta seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tabharfar fógra do chónaitheoirí ábhartha in aice lámhe sula gcuirfear tús le hobair nó pléascadh ar bith (e.g. fógra i scríbhinn 24 uair an chloig ar a laghad) • Cuirfear adhaint pléascanna i gcrích, nuair is féidir, ag amanna comhchosúla chun éifeacht na ‘geite’ a laghdú

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
		<ul style="list-style-type: none"> • Eiseofar imlitreacha leanúnacha ina gcuirfear daoine ar an eolas faoi dhul chun cinn na n-oibreacha pléascsta • Coinneoidh an Conraitheoir cur chun feidhme nós imeachta gearán taifeadta <p>Déanfaidh comhlachtaí seachtracha monatóireacht neamhspleách chun torthaí a fhíorú</p>
17.17	C	Moltar i dTreoirínte TII go gcoinneofar na creathanna ó ghníomhaíochtaí tógála laistigh de na luachanna atá leagtha amach i dTábla 17.3 de Chaibidil 17 Torann agus Creathadh.
17.18	C	<p>I gcás go mbíonn duine míchompordach mar gheall ar na leibhéil chreathaidh, d'fhonn tionchair den sórt sin a íoslaghdú, cuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm i rith na tréimhse tógála:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bunófar clár cumarsáide soiléir chun áitritheoirí na bhfoirgneamh in aice láimhe a chur ar an eolas roimh aon oibreacha a d'fhéadfadh cur isteach ar dhaoine agus a bhféadfadh leibhéil chreathaidh éirí as a d'fhéadfadh leibhéil inbhraite a shárú. Beidh cineál agus fad na n-oibreacha leagtha síos go soiléir i ngach ciorclán cumarsáide • Bainfear úsáid as modhanna oibreacha nach bhfuil chomh dian agus/nó míreanna gléasra eile, nuair is féidir • Cuirfear scoiteacht chreathaidh iomchuí i bhfeidhm ar an ngléasra, nuair is féidir • Suiteálfar trinsí gearrtha chun cosán tarchurtha an chreathaidh a scoitheadh nuair is gá • I gcás carnadh tionchair nó oibreacha scartála mar shampla, breithneofar laghdú san fhuinneamh ionchuir de réir gach buille nuair is gá • Déanfar monatóireacht ag foirgnimh leochaileacha aitheanta, áit a bhféadfadh na hoibreacha beartaithe a bheith ag na luachanna do theorainn creathaidh nó iad a shárú fiú
17.19	C	<p>Tairgfear suirbhéanna ar riocht réadmhaoine do gach foirgneamh i bhfoisceacht 50m de theorainn na forbartha atá beartaithe agus dóibh siúd atá i bhfoisceacht 150m de na hoibreacha pléisce atá beartaithe feadh na forbartha bóthair atá beartaithe.</p> <p>Déanfar suirbhéanna ar riocht foirgneamh freisin ag foirgnimh agus struchtúir a meastar iad a bheith oiriúnach i gcoibhneas lena ngaireacht do na hoibreacha. Déanfaidh Suirbhéir Cairte nó Innealtóir Struchtúrach Cairte na suirbhéanna sin ar bhail réadmhaoine. Déanfar na suirbhéanna ar bhail réadmhaoine, faoi réir chomhaontú i scríbhinn na n-úinéirí réadmhaoine ábhartha, ina dhá chéim mar a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • bainfidh an chéad chéim le suirbhéanna baile réamhthógála lena n-áirítear taifid ghrianghrafadóireachta a dhéanamh sula gcuirfear tús leis an tógáil • bainfidh an dara céim le suirbhéanna baile iarthógála lena n-áireofar taifid ghrianghrafadóireachta

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
17.20	C	<p>Tá ionad ina mbeadh nithe ar siúl a d'fhágfadh go mbeadh creathadh le brath in ionaid déantúsaíochta i bPáirc Gnó na Páirce Móire agus i bPáirc Gnó Chúrsa na Rásaí tugtha chun suntais. Tá an t-ionad seo cóngarach do réimse ina mbeidh bleaisteáil ar siúl mar chuid den obair ar an tollán beartaithe i mBaile an Bhriotaigh. Is é an modh maolúcháin is éifeachtúla maidir le próiseas den sórt atá i gceist comhairliúchán leanúnach a dhéanamh le húinéirí na n-áitreabh de réir mar atá an obair dearthóireachta agus an obair thógála ar an bhforbairt beartaithe ag dul ar aghaidh. Tiocfaidh i gceist leis sin monatóireacht a dhéanamh ar an gcreathadh bonnlíne agus bleaisteanna trialacha a úsáid le lucht éadrom ar dtús agus an creathadh a thomhas ag an bhfoirgneamh an tráth céanna. Bainfear leas as an bhfaisnéis sin chun leibhéil inghlactha maidir le creathadh ag an ionad a ríomh i ndáil le híogaireacht an trealaimh atá in úsáid. De réir na dtorthaí ón measúnacht thrialach seo, leagfar síos uasteorainneacha aontaithe cuí maidir le leibhéil ag gach ionad a thagann i gceist agus déanfar monatóireacht ina leith an tráth a dtarlaíonn bleaisteáil ina dhiaidh sin nó an tráth a mbíonn úsáid á bhaint as modhanna eile tochairte. Sa chás nach ndéantar teorainn shábháilte a ríomh, déanfar tráthanna agus sceideal na bleaisteála a leagan amach i gcomhairle leis an ionad ionas nach dtarlaíonn sin an tráth a mbíonn obair ar bun a gcuirfí isteach uirthi. I bhfianaise achar ríghairid ama (i.e. roinnt bheag soicindí) i gceist le haon bhleait ar bith, meastar gur féidir cur chuig an gcúram ar an gcaoi seo.</p> <p>Cuirfear M&M Qualtech le liosta na n-úinéirí áitribh a ndéantar comhairle leo maidir le de réir mar a bhíonn an dearthóireacht agus an tógáil ar fhorbairt an bhóthair bheartaithe ag dul ar aghaidh, go háirithe maidir leis na dátaí ar a dtarlaíonn briseadh carraige agus bleaisteáil agus leis an bplean bainistíochta mionsonraithe faoi chúrsaí tráchtá ina gceantar féin.</p> <p>Déanfar monatóireacht maidir le creathadh ag áitreabh M&M Qualtech i bpáirc gnó na Páirce Móire.</p>
17.21	O	Bainfear úsáid as Dromchla Bóthair Íseal-torainn chun torann a chruthaítear ag an bhfoinse a laghdú.
17.22	O	Cuirfear bacainní torainn mar atá mionsonraithe i dTábla 17.14 i gCaibidil 17, Torann agus Creathadh agus Fíoracha 17.1.01 go 17.1.14 i bhfeidhm chun leibhéil torainn a laghdú feadh na conaire síolraithe idir an fhoinsé (an fhorbairt bóthair atá beartaithe) agus na glacadóirí sonracha (tithe, scoileanna, séipéil etc.). Féadfar na bacainní sin a thógáil mar bhundaí cré, mar bhacainní torainn dhílsithe nó meascán den dá rud.
17.23	O	Cuirfear síneadh siar as an mBacainn Torainn NB12/05 chomh fada le Loc Slabhraíochta 12+550 ionas go dtugtar leibhéal an torainn ag an ionad meastóireachta R188 faoi bhun na sprice dearthóireachta sa TII ar an anailís leochaileachta maidir leis an RFI a thabhairt san áireamh.
17.24	C	Cuirfear áitritheoirí i gceantar Mhionlaigh, Chúil Each, Bhaile an Phoill agus Bhaile an Dúlaigh ar an eolas roimh ré faoi aon bhleaitheáil a bhíonn beartaithe a dhéanamh, mar a leagtar amach in Alt 13.1 sa CEMP in Aguisín A.7.5 leis an TMTT agus in Aguisín C leis an RTN.
17.25	C	Déanfar suirbhéireacht maidir leis an mbail atá ar an áitreabh i gcás an teach ceann tuí i gCúil Each, Mionlach agus ag M&M Qualtech, Páirc Gnó na Páirce Móire.
17.26	C	Rachaidh an conraitheoir i mbun idirchaidrimh le hoibreoir Chairéal Chlaí an Dá Mhíle maidir leis an sceideal pléasctha don N6 GCRR agus sceideal pléasctha an chairéil. Cinnteoidh an conraitheoir nach mbeifear i mbun pléasctha idir Bóthar na Scoile agus an N84 ag an am céanna (i gcomhráth) a mbeidh pléascadh ar bun i gCairéal Chlaí an Dá Mhíle.

21.8 Tírdhreach agus Saincheisteanna Amhairc

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
12.1	C	Cuirfear san áireamh le moltaí maolaithe tírdhreacha na cur chuigí agus na prionsabail mar atá leagtha amach sa Treoir ar Chóireálacha Tírdhreacha do Scéimeanna Bóithre Náisiúnta in Éirinn, go háirithe, Caibidil 4: Comhchodanna Tírdhreach Thaobh an Bhóthair; Caibidil 5: Tosca Tíreolaíochas Ithreach; agus Caibidil 6: Cóireálacha Tírdhreacha. Mura luaitear a mhalairt anseo a leanas nó i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht, beidh bearta síolta agus plandaithe, lena n-áirítear speicis agus cineál plandaí agus speicis de réir Chaibidil 6 de na Treoirlínte Tírdhreacha (Treoir do Chóireálacha Tírdhreacha do Scéimeanna Bóithre Náisiúnta in Éirinn) agus iad curtha in oiriúint mar is gá don timpeallacht áitiúil agus do choinníollacha an tírdhreacha
12.2	C	Go n-oibreoidh innealra láithreáin laistigh de limistéar tógála na forbartha bóthair atá beartaithe
12.3	C	Beidh limistéir stórála lonnaithe chun nach mbeidh aon tionchar breise acu ar mhaoin chónaithe reatha agus ar mhaoin eile, coillearnacha, crainn, fála sreach, patrúin draenála, etc.
12.4	C	Cuirfear clársconsa soladach láithreáin a bheidh 2.0m ar airde ar a laghad ar fál feadh na n-oibreacha tógála in aice le maoin chónaithe nó fóntais caitheamh aimsire
12.5	C	Cuirfear clársconsa soladach nó rud cosúil leis, a bheidh 2.0m ar airde ar a laghad ar fál feadh aon taobh de chompún tógála beartaithe, i gcás go bhfuil siad lonnaithe i bhfoisceacht 100m de mhaoiné cónaithe
12.6	C	Déanfar díchoimisiúnú iomlán ar chompúin tógála agus déanfar iad a chur ar ais go dtí an riocht ina raibh siad roimh an tógáil ag deireadh an chonartha tógála mura bhfuil na limistéir sin sainaitheanta mar chúiteamh gnáthóige nó limistéir sil-leagain ábhar
12.7	C	Ullmhófar taobh-fhánaí agus réimsí tírdhreacha eile feadh na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomhair salaithe, agus déanfar iad a shíolú agus/nó a chur chomh luath is a gheofar deis. Dá réir sin, d'fhéadfaidh scóip a bheith ann chun tabhairt faoi limistéir móra síolaithe agus curadóireachta sula dtabharfar na hoibreacha tógála chun críche. Mar sin féin, mar gheall ar chláreagrú na tógála agus ar shrianta séasúracha, is dóigh freisin nach dtabharfar faoi mhór-oibreacha curadóireachta go dtí deireadh mhór-chéim na tógála
12.8	C	Déanfar an plandú maolaithe a luaitear is féidir le linn na céime tógála chun bunú a uasmhéadú roimh oscailt bhóthair
Bearta ar fud an Tionscadail		
12.9	O	<u>Fánaí gearrtha ar bhóithre príomhlíne, ceangail agus áitiúla:</u> Beidh fánaí gearrtha bhailchríochnaithe go grádáin chothroma agus cuirfear barrithir orthu mura sonraítear a mhalairt sa tábla seo nó áit ar bith eile sa Tuarascáil MTT. Beidh fánaí saor ó smionagar agus ó chlocha thar thrastomhas 50 mm. Déanfar smionagar/clocha dá leithéid a thógáil nó cuirfear faoi thalamh iad. Mura sonraítear a mhalairt déanfar fánaí a shíolú ina bhféarach neamhthalamhaíochta a bheidh furasta a choinneáil nó ina mbáinseach éagsúil fhéir/blátha fhiáin, de réir mar is cuí. Féadfar fánaí géara a hidrea-shíolú. I gcás ina bhfuil siad nochta, coimeádfar gearrthacha/fánaí carraige cobhsaí mar ghné thírdhreacha feadh na conaire bealaigh atá beartaithe.

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
12.10	O	<p><u>Cláifoirt ar bhóithre príomhlíne, ceangail agus áitiúla:</u></p> <p>Beidh cláifoirt bailchríochnaithe go grádáin chothroma agus cuirfear barrithir orthu mura sonraítear a mhalairt sa tábla seo nó áit ar bith eile sa Tuarascáil MTT. Beidh fánaí saor ó smionagar agus ó chlocha thar thrastomhas 50 mm. Déanfar smionagar/clocha dá leithéid a thógáil nó cuirfear faoi thalamh iad. Mura sonraítear a mhalairt déanfar fánaí a shíolú ina bhféarach neamhthalamhaíochta a bheidh furasta a choinneáil nó ina mbáinseach éagsúil fhéir/blátha fhiáin, de réir mar is cuí. Féadfar fánaí géara a hidrea-shíolú.</p>
12.11	O	<p><u>Gruaimhíní agus Timpealláin ar bhóithre príomhlíne, ceangail agus áitiúla:</u></p> <p>Soláthrófar gruaimhíní feadh an dá thaobh den phríomhlíne. Soláthrófar gruaimhíní chomh maith thart ar acomhail agus feadh athailíniú bóithre áitiúla agus ceangal. Déanfar gruaimhíní agus timpealláin a bhailchríochnú go grádáin chothroma nó grádáin a shreabhann go réidh, agus beidh barrithir 200 mm ar a laghad orthu. Cuirfear na clocha faoi thalamh nó déanfar iad a rácáil sna limistéir agus beidh siad saor ó smionagar agus ó chlocha thar thrastomhas 25 mm. Déanfar gruaimhíní agus timpealláin a shíolú ina meascán síolta a bheidh furasta a choinneáil.</p>
12.12	O	<p><u>Locháin, claiseanna reatha. ‘V-dhraenacha’ etc.:</u></p> <p>Déanfar na fánaí go léir a ghrádú go cothrom agus beidh siad saor ó smionagar agus ó chlocha thar thrastomhas 50 mm. Déanfar fánaí a shíolú ina bhféarach neamhthalamhaíochta a bheidh furasta a choinneáil nó ina mbáinseach éagsúil fhéir/blátha fhiáin, rud a chumasóidh forbairt nádúrtha le himeacht ama. Féadfar fánaí géara ar imill locháin agus ‘V-dhraenacha’ a hidrea-shíolú.</p> <p>Beidh limistéir thart ar locháin ina dtírdhreach éagsúil d’fhéarach a bheidh furasta a choinneáil/ báinseach ar mhórán féir/blátha fhiáin agus plandú de phlandú tor agus/nó coillearnach agus plandú tor le ceannbhrait ísle. Bunófar fála sceaigh draighin agus sceiche gile, coil, agus cuilinn, gan speicis chrann, feadh teorainneacha nach bhfuil cois bóthair.</p> <p>Suiteálfar fálú de chineál neamhphailise chun limistéir ina bhfuil locháin a choinneáil slán.</p>
12.13	O	<p><u>Bacainní torainn / bundaí</u></p> <p>Nuair is féidir bunófar tor fáil sceaigh nó plandú tor agus/nó coillearnach ceannbhrat íseal de speicis dhúchasacha mar phlandú caol de leithead 3.0m ar a laghad nó fál sceaigh i líne dhúbailte chéimnithe feadh éadan iomlán easbhóthair na mbacainní.</p> <p>Bunófar plandú ceannbhrat íseal agus/nó plandú tor de speicis dhúchasacha ar éadan easbhóthair na mbundaí. Áireofar sa phlandú na speicis fuinseoige*, beithe, draighin, troim, sceiche gile, coil, cuilinn, caorthainn agus/nó sailí de réir mar is cuí. Beidh na plandaí 90 go 120cm ar airde nuair a bheidh siad á bplandú.</p> <p>* Tabhair faoi deara: Mar gheall ar bhaol Chríonadh Siar na Fuinseoige (<i>Chalara fraxinea</i>) agus go dtí go dtabharfar fógra eile, níl fuinseoig (speiceas <i>Fraxinus</i>) ceadaithe ag TII a thuilleadh le haghaidh scéimeanna plandaithe. Níl tionchar aige sin ar úsáid an Chaorthainn – ar a dtugtar caorthainn (<i>Sorbus aucuparia</i>) chomh maith.</p> <p>Transparent noise barriers will be used on the River Corrib Bridge.</p>
12.14	0	<p><u>Plandaí agus limistéir phlandaithe:</u></p> <p>Cuirfear taca le gach speiceas crann os cionn 150cm ar airde mar aon leis an bPéine ar fad agus ceanglófar iad. Déanfar na plandaí go léir a dteipfear orthu, a bheidh marbh nó lochtach a athsholáthar roimh dheireadh gach lae agus gach bliana den iarchúram lochtanna.</p> <p>Beidh an limistéir plandaithe iomlán saor ó chlocha thar 50mm ar</p>

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
		trastomhas.
12.15	O	<u>Limistéir fhéir:</u> Soláthróidh limistéir fhéir clúdach báinsí iomlán laistigh de 12 mhí ón solú. Déanfar limistéir ar bith a dteipfear orthu, a bheidh lom nó lochtach a athshólú idir Márta – Bealtaine agus/nó Lúnasa – Meán Fómhair i ngach aon bhliain den iarchúram lochtanna.
12.16	O	<u>Rochtain, páirceáil agus/nó suíomhanna campála neamhúdaraithé:</u> I dtograí tírdhreacha seachnófar limistéir a chruthú a meastar iad a bheith oiriúnach do pháirceáil neamhúdaraithé agus úsáidfear tograí tírdhreacha chun úsáid dá leithéid a dhíspreagadh agus a chosc.
12.17	O	<u>Limistéir iarsma:</u> Déanfar réimse éagsúil tograí féaraigh agus/nó plandaithe maidir le tailte iarsma iarthógála ar bith chun 30% de phlandú a chur san áireamh, arna leasú de réir mar is cuí go háitiúil. Caithfear leis an limistéir a bheidh fágtha mar fhéarach a bheidh furasta le coinneáil/báinseach ar mhórán speiceas a bheidh oiriúnach don cheantar áitiúil.
12.18	O	Nuair is féidir áireofar ar na bearta tírdhreacha athcheangal teorainneacha páirce agus fáлта sceach atá ann feadh na forbartha bóthair atá beartaithe. Nuair is cuí déanfar speicis chrann mar atá sonraithe thuas agus i Maolú Táblaí 12.7 agus 12.8 den Tuarascáil MTT, a spásáil go randamach ar bhealach nádúraíoch ón taobh amhairc de laistigh de na fáлта sceach sin.
12.19	O	I gcás go bhfuil limistéir ghearrtha nó líonta, bunófar báinseach fhéir nó mhóinéir thar an bhfána, ach ní dhéanfar sin i limistéir ina ngearrfar trí charraig chobhsaí (féach Treoirínnte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 4.2: Gearrthacha agus Claífoirt). Ach amháin nuair a éilítear a mhalairt, níl sé beartaithe fánaí a ghearradh nó a líonadh ina n-iomláine, ach grúpáil de phlandú a bheidh níos nádúraíche agus níos báula don cheantar áitiúil a spreagadh laistigh de bháinseach fhéir leath-nádúrtha. D'fhéadfadh go mbeidh gá le fánaí a shíolú ina bhféarach bláthanna fiáine chomh maith agus d'fhéadfaí leas a bhain as hidrea-shíolú chun fánaí géara a shíolú. Táthar ag dréim go mbeidh méid suntasach gearrtha carraige le déanamh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Coimeádfar fánaí carraige cobhsaí mar éadan nochta do choilíníú nádúrtha agus mar ghnéithe tírdhreacha áitiúil.
12.20	O	Feadh fhad na forbartha bóthair atá beartaithe, déanfar cóireáil éagsúil ar limistéir thírdhreacha laistigh de na hacomhail agus limistéir bheaga de pháirceanna deighilte, ceapacha nó réadmhaoin ar bith eile a fuarthas i gcomhair thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe lena n-áirítear plandú a dhéanamh i roschoill leath-nádúrtha amhail plandú tor agus speicis choillearnaí dúchasáí. (féach Treoirínnte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 4.6: Ceapacha Breise agus Limistéir Eile). Beidh na bloic phlandaithe sin a bheidh scaipthe feadh na forbartha bóthair atá beartaithe ina chuidiú le feabhas a chur ar charachtar amhairc fadtéarmach na forbartha bóthair atá beartaithe agus an cheantair máguaird. Tabharfar aird faoi leith ar mhéid agus scála cuí an phlandaithe in acomhail agus thart ar acomhail (féach Treoirínnte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 4.3: Acomhail, Acomhail Mótarbhealaí agus Timpealláin) agus claífoirt (féach Treoirínnte maidir leis an Tírdhreach, Cuid 4.2.2: Claífort).
12.21	O	Cuireadh limistéir áirithe feadh fhad na forbartha bóthair atá beartaithe ar leataobh le haghaidh riachtanais draenála/rialú truaillithe/maolú. I gcás go mbeartófar é, déanfar iad sin a fhálú go daingean agus a phlandú le fáлта sceach, toir agus/nó plandú sceite a bheidh oiriúnach don cheantar áitiúil, a bheidh suite feadh na teorann forbartha atá beartaithe

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
		chun tionchar amhairc ó limistéar easbhóthair a íoslaghdú. Tá sé sonraithe, áfach, go bhféadfadh soláthar a dhéanamh leis na gnéithe sin d'éagsúlacht agus gnáthóg tírdhreacha níos fearr chomh maith.
12.22	O	Déanfar plandú beartaithe a bhunú go ginearálta ag baint úsáid as athphlandú fréamhloma, buinneáin agus plandaí craobhacha a oiriúnaídh go héasca do dhálaí talún suaite. Bainfear úsáid as cion, ná lú ná 5% ar an iomlán de chrainn 'Leathchaighdeánacha' (giorta 6-8cm & 200cm-250cm ar airde) agus bainfear úsáid as 5% de chrainn 'Chaighdeánacha' (giorta 8-10cm & 250cm-300cm ar airde) chun an plandú sin a chomhlánú, go háirithe i gcomharsanacht na limistéar cónaithe. Tabharfar aithint chuí agus cuimseofar sna meascáin phlandaithe ar speicis dhúchasacha agus áitiúla faoi mar atá sainaitheanta i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht. Rinneadh na riachtanais sin a oiriúnaídh agus tugadh níos mó eolais fúthu de réir mar is cuí do limistéir faoi leith faoi mar a leagtar amach i dTábla 12.8 de Chaibidil 12, Tírdhreach agus Amharc den Tuarascáil MTT.
12.23	O	I gcás go n-úsáidfead iad, roghnófar speicis chrann ó liosta speiceas bundúchasach, tugtha chun cineáil agus nádúrtha, ar a n-áireofar speiceas na fearnóige, fuinseoige (faoi réir na srianta plandaithe a bheidh ann ag tráth na n-oibreacha), beitheanna, daracha, caorthann, péine Albanaí agus cuilinn. Beidh méid an phlandaithe ó 75cm go 400cm ar airde agus déanfar speicis chrann a phlandú ag láir 2.0m ar an meán laistigh den mheascán plandaithe níos leithne.
12.24	O	Roghnófar speicis phlandaithe tor ó liosta speiceas bundúchasach agus nádúrtha, ar a n-áireofar draighean, trom, sceach gheal, coll, cuileann, caor chon, feoras, saileacha agus plandaí eile a fhaightear tugtha chun cineáil sna ceantair áitiúla lena mbaineann. Beidh méideanna an phlandaithe ó 30cm go 75cm ar airde agus déanfar speicis tor a phlandú idir láir 1.0m agus 1.5m ag brath ar chineál an tírdhreacha, féach Tábla 12.8 den Tuarascáil MTT.
12.25	O	Beidh draighean agus sceach gheal i gceist i bplandú na bhfálta den chuid is mó agus beidh siad measctha le speicis eile amhail trom, coll, cuileann agus na cinn a fhaightear san cheantar áitiúil. Déanfar sceach gheal laistigh d'fhálta sceach a phlandú ag idir 75cm go 90cm ar airde agus ag láir 500mm i ngach ceann den 2 líne dhúbailte chéimnithe nó plandú níos leithne nuair atá gá le héifeacht níos dlúithe. Beidh na fálta sceach measctha le speicis chrann de mhéid caighdeánach a bheidh spás randamach eatarthu amhail fearnóg, fuinseog agus daracha, de réir mar is cuí do cheantar áitiúil faoi leith.
12.26	O	Cuirfear barrithir chaol (sraith 5cm) ar na limistéir a shíolófar ina móinéir agus síolófar meascán síolta iontu a bheith oiriúnach don cheantar áitiúil. Déanfar imill phríomhlíne agus taobh-bhóthair a shaothrú, cuirfear barrithir 200mm ar doimhneacht orthu agus cuirfear clocha faoi thalamh chun clocha síos go 25mm ar trastomhas a thógáil roimh iad a shíolú ina meascán síolta a bheidh furasta a choinneáil.
12.27	O	I gcás go mbeartaítear soilsiú, comhlíonfaidh an dearadh soilsithe ceanglais BS EN 13201-2:2003 agus BS5489-1: 2003, Cód Cleachtas um Dhearadh Shoilse Bóthair. Comhlíonfaidh Soilsíú Bóithre agus Limistéar Taitneamhachta Poiblí ceanglais DMRB TD 34-91. Cuirfear an dearadh soilsithe mionsonraithe i gcrích ar bhealach, lena n-íoslaghdófar dallrú agus lena gcinnteofar go ndéanfar éifeacht an ligin amach solais a íoslaghdú.

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
Bearta Sonracha		
12.28	O	I suíomhanna sainiúla d'fhéadfaí bacainní agus/nó bundaí talún a sholáthar chun an tionchar torainn a laghdú. Beidh na gnéithe sin, nuair is féidir, comhtháite laistigh de na bearta tírdhreachaithe atá beartaithe.
12.29	O	Cuirfear na tiomantais chomhshaoil sonracha ar fad a leanas san áireamh sa dearadh mionsonraithe agus i gcur chun feidhme na mbeart tírdhreacha. <ul style="list-style-type: none"> Suíomh draenacha scoite ag barr gearrthacha agus ag bun claíofort Suíomh agus na riachtanais i gcomhair rochtain chothabhála feadh phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe Suíomhanna ina bhfaightear carraig i ngearrthacha. D'fhéadfaí na héadain charraige sin a choimeád mar ghnéithe geolaíocha chonair na forbartha bóthair atá beartaithe Suíomh agus comhtháthú na mbacainní torainn laistigh de dhearadh an tírdhreacha Criosanna scóipe (TD19 - Caighdeán Bacainní Sábháilteachta) Línte amhairc, lena n-áirítear ag acomhail agus go comharthaíocht carrbhealaí, etc.
12.30	O	Nuair is féidir cuimseofar balla coinneála ithreach treisithe chun go mbeifear ábalta bailchríoch tírdhreacha ghlais a chur ar cuid de na struchtúir choimeáda nó orthu go léir. Bainfear úsáid as bailchríoch aolchloiche i gcás go dteastaíonn ballaí struchtúracha agus do na teanntaí don droichead atá beartaithe thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Beidh an chloch déanta d'aolchloch nádúrtha, a mheaitseálfáidh carachtar na cloiche áitiúla, le hais chothrománach láidir idir 5 go 1 agus 7 go 1 (i.e. gné chothrománach go cheartingearach).
12.31	O	Cuirtear na bearta sonracha cosanta agus na tiomantais chomhshaoil atá mionsonraithe i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht , san áireamh sna Bearta Tírdhreacha. Áirítear ar na bearta sin, go sonrach: <ul style="list-style-type: none"> Beidh gnáthóga coimeáda, crainn agus fála sceach ar theorainneacha tógála talún, etc. fálaí agus cosanta le linn na n-oibreacha tógála. Tá bearta sonraithe beartaithe ag líon suíomhanna chun an tionchar féideartha ar speicis Ialtóg a mhaolú. Áirítear leis sin: <ul style="list-style-type: none"> soláthar farái saorga ialtóg – le plandú sainiúil chun úsáid a spreagadh soláthar tardhroichid fiadhúlra plandaithe (Ch. 12+700) ar a mbeidh plandú ceangail le fála sceach áitiúla agus plandú beartaithe ar thorainn na forbartha bóthair atá beartaithe, rud a uasmhéadóidh an tairbhe agus an úsáid fhéideartha dlúthphlandú, le crainn chun feabhas a chur ar an nascacht feadh theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe: siar ó thrasbhealach L1323 Leitrí (Ch. 7+200 – Ch. 7+280) feadh claífort ar cheachtar taobh den droichead atá beartaithe thar Abhainn na Gaillimhe idir trasbhealach Bhóthar Áth Cinn an N84, ag Baile an Dúlaigh agus Bóthar na Scoile ag an gCaisleán Gearr plandú fála sceach chun feabhas a chur ar an nascacht gnáthóg soir ó Chaisleán Mhionlaigh fála sceach agus plandú roschoille chun feabhas a chur ar ghnáthóg shealgaireachta ó thuaidh ó Chaisleán Mhionlaigh

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
		<ul style="list-style-type: none"> Chun Scréachóga Reilige a dhíspreagadh ó shealgairacht gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe, beidh claífoirt agus gearrthacha, seachas gearrthacha carraige nó fánaí gearrtha ar chlé chun athghiniúint nádúrtha a dhéanamh, plandaithe go dlúth le scrobarnach ísealfháis (e.g. draighean, sceach gheal) ó Ch. 8+550 go Ch. 17+500 <p>Chun Scréachóga Reilige a dhíspreagadh ó bheith ag eitilt thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, déanfar plandú de chrainn gar dá chéile (láir thart ar 2m) a bheidh níos mó ná 3m ar airde a bhunú feadh bharr na gclaífort idir Ch. 9+600 agus Ch. 10+100</p>
12.32	O	<p>Plandú Sceite 6.0m ar leithead (Beidh plandú ag láir 1.0m do sciathadh amhairc 6m ar leithead ar a laghad. Beidh an plandú sínte feadh 100m ar a laghad ar cheachtar taobh den réadmhaoin chónaithe nó taitneamhacht in aice láimhe (féach Fíoracha 12.4.01 go 12.4.14))</p> <ul style="list-style-type: none"> Áireofar leis an bplandú dlúthphlandú ag láir 1m de speicis fearnóige, beithe, draighin, troim, caoire con, cuilinn, sceiche gile, coill, caorthainn, agus sailí. Déanfar toir a phlandú ag idir 60cm go 90cm ar aired Cuimseoidh péine Albanach 60cm ar a laghad ar airde ag an bplandú 20% de na líonta plandaí foriomlána agus cuimseoidh cuileann 45cm ar a laghad ar airde 15% eile Cuimseoidh speicis chrann, a phlandálfar ag méid leathchaighdeánach (giorta 6-8cm) agus ag méid caighdeánach (giorta 8-10cm), 10% den mheascán ar a laghad
12.33	O	<p>Plandú Sceite 3.0m ar leithead (I gcás go mbeidh an spás teoranta beidh plandú ag láir 1.0m do sciathadh amhairc 3m ar leithead ar a laghad. Beidh an plandú sínte feadh 100m ar a laghad ar cheachtar taobh den réadmhaoin chónaithe nó taitneamhacht in aice láimhe (féach Fíoracha 12.4.01 go 12.4.14))</p> <ul style="list-style-type: none"> Áireofar leis an bplandú dlúthphlandú ag láir 1m de speicis fearnóige, beithe, draighin, troim, caoire con, cuilinn, sceiche gile, coill, caorthainn, agus sailí. Déanfar toir a phlandú ag idir 60cm go 90cm ar airde Cuimseoidh péine Albanach 60cm ar a laghad ar airde ag an bplandú 20% de na líonta plandaí foriomlána agus cuimseoidh cuileann 45cm ar a laghad ar airde 15% eile Cuimseoidh speicis chrann, a phlandálfar ag méid leathchaighdeánach (giorta 6-8cm) agus ag méid caighdeánach (giorta 8-10cm), 20% den mheascán ar a laghad
12.34	O	<p>Teorainneacha Ballaí Cloiche (Ballaí cloch mar atá léirithe ar Fhíoracha 12.4.01 go 12.4.14).</p> <ul style="list-style-type: none"> Sna háiteanna a luaitear sin, déanfar ballaí cloch a athsholáthar feadh codanna a bheidh buailte den réadmhaoin agus de theorainneacha bóthair ar bhóithre áitiúla. Coimeádfar agus athúsáidfear clocha as codanna de na ballaí atá buailte (go ginearálta eibhear sa taobh thiar; aolchloch sa taobh thoir) nuair is féidir agus úsáidfear iad chun na teorainneacha nua a thógáil. Féadfar na ballaí teorainneacha a chlúdach le fáilta sceach de speicis chuí áitiúla, <i>i.e.</i> draighean, sceach gheal agus cuileann sa taobh thiar agus coll, sceach gheal agus cuileann sa taobh thoir. In áiteanna eile, a leagfar ballaí cloch, coimeádfar an chloch agus beidh an chloch sin ar fáil lena athúsáid ag úinéirí réadmhaoin gar don láthair ar mhaithe le ballaí cloch nua a thógáil ar a dtaobh sin den teorainn den fhorbairt bóthair atá beartaithe, sin má theastaíonn uathu sin a dhéanamh

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
12.35	O	<p>ál Sceach Teorann (Gnáthfhál sceach dúbailte céimnithe le plandú crann, nuair is oiriúnach don cheantar áitiúil)</p> <ul style="list-style-type: none"> Go príomha fál sceach draighin (30%), sceiche gile (40%) agus cuilinn (10%) san iarthair measctha le speicis eile (20%) amhail trom, saileach, agus na cinn a fhaightear sa cheantar áitiúil Go príomha fál sceach coill (30%), sceiche gile (40%) agus cuilinn (10%) san oirthear measctha le speicis eile (20%) amhail draighean, trom, saileach, agus na cinn a fhaightear sa cheantar áitiúil Beidh na plandaí sceiche gile thart ar 90cm ar airde agus beidh siad plandaithe ag láir 50cm i ngach ceann den dá líne dhúbailte chéimnithe, agus 25cm eatarthu. Meascfar plandaí eile de thart ar 50cm ar airde D'fhéadfaí an fál sceach a mheascadh le crainn fearnóige, bheith agus/nó darach de 'mhéid leathchaighdeánach' (giorta 6-8cm) a bheidh plandaithe ag spásanna randamacha ach a mbeidh 1 chrann ar a laghad in aghaidh an 25 méadar líneach sa mheán i gceist leis. D'fhéadfaí speicis chrann teoranta, amhail beith agus caorthann a bheith san áireamh chomh maith mar 'bhuinteáin' ag 150cm ar airde
12.36	O	<p>Ballaí Coinneála agus struchtúr thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 (Úsáid as córais choinneála ithreach treisithe agus bailchríocha aolchloiche do ghnéithe struchtúracha. Struchtúir Ballaí Coinneála R08/01; R08/02; R08/07 & R08/04; agus Struchtúr Droichid S08/02 (Ch. 8+300 go Ch. 8+670))</p> <ul style="list-style-type: none"> Nuair is féidir cuimseofar balla coinneála ithreach treisithe chun go mbeifear ábalta bailchríoch tírdhreacha ghlais a chur ar cuid de na struchtúir choimeáda nó orthu go léir Soláthrófar plandú crann feadh bhonn an struchtúir chomh maith. Áireofar orthu sin speicis fáis níos lú amhail fearnóg, beith agus caorthann a bheidh plandaithe mar Chaighdeán Roghnaithe (i.e. giorta 14cm nó níos mó) Bainfear úsáid as bailchríoch aolchloiche do bhailchríoch seachtrach teanntaí an droichid atá beartaithe thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus i gcás go dteastaíonn ballaí struchtúracha. Beidh an chloch déanta d'aolchloch nádúrtha, a mheaitseálfaidh carachtar na cloiche áitiúla, le hais chothrománach láidir idir 5 go 1 agus 7 go 1 (i.e. gné chothrománach go ceartingearach)
12.37	O	<p>Feabhas ar ghnáthóga ialtóg (crann nua 2m ar leithead agus fál sceach toir, agus roschoillte plandaithe thall is abhus a bheidh suite ó thuaidh agus soir ó Chaisleán Mhionlaigh.)</p> <ul style="list-style-type: none"> Bunófar fál sceach nua de speicis dhúchasacha le plandaí ag láir chéimnithe 0.5m i ngach ceann de na 5 líne a bheidh suite 0.5m ó chéile chun na páirceanna oscailte atá ann a fho-roinnt Déanfar speicis chrann de mhéid caighdeánach (giorta 8-10cm, 2.4m ar airde ar a laghad) ag láir chéimnithe 15m i ngach ceann de na 3 líne láir. Déanfar réimse éagsúil speiceas tor a phlandú idir crainn sna línte láir agus ar fud an 2 líne sheachtracha Bunófar roschoillte coillearnaí le trastomhas thart ar 15m laistigh de pháirceanna oscailte ag baint úsáid as cur chuige, dlús agus speicis chomhchosúla Beidh an plandú cosanta ag fál stocdhíonach, thart ar 1.25m ar airde a bheidh suite ag fritháireamh 1.0m ar cheachtar taobh de líne sheachtrach an fháil sceach nua

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
		<ul style="list-style-type: none"> Áireofar ar na speicis chrann fearnóg, beith, dair, caorthann, a bheith plandaithe mar chaighdeán (mar atá thuas) agus mar bhuinneán (1.25m ar airde). Toir ina mbeidh draighean, sceach gheal agus coll (60% le chéile) den chuid is mó, le trom, cuileann, feoras, saileach etc. <p>Beidh na plandaí sceiche gile idir thart ar 90cm ar airde agus beidh na toir eile ar fad thart ar 60cm ar airde</p>
12.38	O	<p>Uasbhealach Fiadhúla (Baile an Dúlaigh / An Caisleán Gearr, Struchtúr S12/02 (Ch. 12+700))</p> <ul style="list-style-type: none"> Déanfar uasbhealach fiadhúla (thart ar 30m ar leithead) a thórdhreachú le soláthar a dhéanamh do ghnáthóg nascach trasna na forbartha bóthair atá beartaithe. Cuimseofar sa phlandú conair chaol lárnach fhéir ceangailte ar gach taobh le fála sceach agus crainn ar gach taobh díobh de speicis dhúchasacha Beidh an doimhneacht ithreach ó dhoimhneacht thart ar 45cm ag imill go doimhneacht thart ar 1.5cm feadh líne láir an dá fhál sceach. Beidh gné phlandaithe an dá líne fáil sceach thart ar 2m ar leithead le crainn de mhéid caighdeánach (giorta 8-10cm, 2.4m ar airde ar a laghad) plandaithe ag láir chéimnithe 3m i ngach ceann den 2 líne i ngach fál sceach. Déanfar réimse éagsúil speiceas tor a phlandú idir crainn feadh líne gach fáil sceach Plandú le ceangal leis an bplandú atá beartaithe ag dul soir agus siar ar fhánaí uachtaracha gearrhacha ar an dá thaobh den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Cruthóidh sé sin líonra leanúnach fála sceach/plandaithe Áireofar ar na speicis chrann fearnóg, beith, dair, caorthann, a bheith plandaithe mar chaighdeán (mar atá thuas) agus mar bhuinneán (1.25m ar airde). Toir ina mbeidh draighean, sceach gheal agus coll (60% le chéile) den chuid is mó, le trom, cuileann, feoras, saileach etc. Beidh na plandaí sceiche gile idir thart ar 90cm ar airde agus beidh na toir eile ar fad thart ar 60cm ar aird
12.39	O	<p>Plandú na Scréachóige Reilige</p> <p><u>Gnáth-chrannteoirinn dhúbailte chéimnithe le fophlandú dlúth, idir Ch. 9+600 agus Ch. 10+100</u></p> <ul style="list-style-type: none"> Plandú crainn baic ina gcuimseofar fearnóg, beith agus/nó caorthann a bheidh plandaithe ag 3m ar airde (giorta 12-14cm ar a laghad) agus ag láir 2.0m i ngach ceann den 2 líne a bheidh 1.5m óna chéile. Plandú tor íseal-dlúis ina gcuimseofar draighean (50%), sceach gheal (20%), coll (10%) agus cuileann (10%) san iarthair measctha le speicis eile (10%) amhail trom, saileach, agus na cinn a fhaightear sa cheantar áitiúil. Beidh na plandaí sceiche gile thart ar 90cm ar airde agus beidh siad plandaithe ag láir 50cm. Beidh na plandaí draighin agus plandaí eile thart ar 50cm ar airde agus beidh siad plandaithe ag láir 50 i línte dúbailte céimnithe, a bheidh 50cm óna chéile. <p><u>Plandaí roschoille íseal tiubh ar gach claífort agus fánaí gearrtha (seachas gearrhacha carraige nó fánaí gearrtha fágtha chun athghiniúint go nádúrtha) ó Ch. 8+550 go Ch.17+540</u></p> <ul style="list-style-type: none"> Tor íseal-dlúis ina gcuimseofar draighean (50%), sceach gheal (20%), coll (10%) agus cuileann (10%) measctha le speicis eile (10%) amhail trom, saileach, agus na cinn a fhaightear sa cheantar áitiúil Beidh na plandaí sceiche gile thart ar 90m ar airde agus beidh siad

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
		plandaithe ag láir 50cm. Beidh na plandaí draighin agus plandaí eile thart ar 50cm ar airde agus beidh siad plandaithe ag láir 50 i línte dúbailte céimnithe, a bheidh 50cm óna chéile Beidh na Limistéir Gnáthóg Cúitimh (CHA) feadh na forbartha bóthair atá beartaithe mar atá mionsonraithe i A.8.26 .
12.40	O	Tá beartaithe síneadh a chur leis an gcrios scáthphlandála measctha 3m ar leithead le taobh an áitribh den bhóthar beartaithe siar ó Ch. 1+760 chomh fada le Ch. 1+580 mar a léirítear ar Fíor 12.1.14 sa TMTT, arna leasú
12.41	C	Cuirfear colbha féir síos, ina mbeidh crainn beithe curtha, gach aon taobh den ascaill nua isteach ag Eastát Achadh an Churraigh ar aon dul le cineál an bhealaigh isteach mar atá faoi láthair.
12.42	C	Seachas Seachas sa chás a bhfuil an balla atá ann le coinneáil, tógfar balla nua cloiche os comhair áitribh 539 agus 540 (siar ón mbóthar beartaithe) le taobh an ascaill láithrigh / athlínithe taobh istigh d'Eastát Achadh an Churraigh ar aon dul le cineál na mballaí cloiche taobh istigh den eastát faoi láthair.
12.43	C	Ardófar leibhéal na talún ar thailte iarmharacha áitribh 539 agus 540 ar ais leis an mbóthar beartaithe agus cuirfear 1,000 crann orthu idir 1.0m agus 2.0m ar airde i gcomhréir leis na sonraí mar a leagtar amach i bhFíor GCRR-SK-OH-652 in Aguisín A.21.2. Ní dhéanfaidh céimniú na hithreach ná an phlandáil aon dochar don Struchtúr Fara Ialtóg atá ar áitreabh 540
12.44	O	Tá sé socraithe dul i gcomhairle le húinéir talún Phlota 195 maidir leis na tograí plandála atá le cur i bhfeidhm feadh theorainn a maoiné.
12.45	C	Ag teacht leis na bearta a ndéantar foráil dóibh faoi Alt 12.6.3.1 maidir le Bearta Cóiriú Talún ar fud an Tionscadail agus Tábla 12.7 ag gabháil leis sin i gCaibidil 12 sa TMTT, déanfar speicis a oireann do choillearnach dúchais an cheantair a phlandáil i réimsí athfhásaigh ar bith de na réimsí a cheannaítear de Phlota 229 a fhágtar folamh tar éis an obair thógála a thabhairt chun críche.

21.9 Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Chultúrtha

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
13.1	C	Déanfar monatóireacht agus imscrúduithe seandálaíochta chomh maith mar chuid de na hoibreacha glanta suímh le haghaidh thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe chun fionnachtain adhlactha ar bith a thairfeadh agus a chaomhnú ag baint úsáid as na modhanna cuí. Cuirfear an clár tástála trinsí seandálaíochta seo i gcrích laistigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe sula ngabhfaidh an obair thógála ar aghaidh. Díreoidh sé sin ar láithreáin agus réimsí a bhfuil acmhainn oidhreachta seandálaíochta agus cultúrtha ag baint leo faoi mar atá sonraithe i gCuid 13.5.3 de Chaibidil 13 Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreacht Chultúrtha mar aon le limistéir neamhchorraithe laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe.
13.2	C	Déanfar tástáil trinsí faoi Theoracha Aireachta i gcomhchomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Seandálaí ó Thionscadal TII. Déanfar soláthar iomlán chun tochailt a dhéanamh ar aon ghnéithe seandálaíochta agus/nó sil-leagain a d'fhéadfaí a aithint, má mheastar gurb é sin an bealaí is oiriúnaí chun leanúint ar aghaidh.
13.3	C	Roimh an scartáil, déanfar suirbhé iomlán tomhaiste, i scríbhinn agus grianghrafadóireachta den teachín ceann tuí BH 12. Déanfaidh duine nó foireann a bheidh cáilithe go cuí an suirbhé sin faoi Theoracha

Uimhir thagartha	Stage	Tiomantais
		Aireachta i gcomhchomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Seandálaí ó Thionscadal TII.
13.4	C	Déanfar taifead grianghrafadóireachta agus i scríbhinn mionsonraithe ar an tírdhreach diméin a bhaineann le Caisleán Mhionlaigh (DL 8), ag an Daingean Íochtarach (DL7) agus ag Teach Pháirc na Sceach (DL4) sula dtosófar ar thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe. Déanfaidh duine nó foireann a bheidh cáilithe go cuí an suirbhé sin faoi Threoracha Aireachta i gcomhchomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Seandálaí ó Thionscadal TII.
13.5	C	Déanfar suirbhé i scríbhinn agus grianghrafadóireachta mionsonraithe ar gach láithreán Oidhreachta Cultúrtha (CH) atá liostaithe i dTábla 13.17 de Chaibidil 13, Seandálaíocht, Ailtireacht agus Oidhreachta Chultúrtha , ina bhfuil oidhrecht thógtha fós (chun tástáil trinsí a áireamh nuair is cuí). Déanfar é sin faoi Threoracha Aireachta i gcomhchomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Seandálaí ó Thionscadal TII. Déanfar soláthar iomlán chun tochailt a dhéanamh ar aon ghnéithe seandálaíochta agus/nó sil-leagain a d'fhéadfaí a aithint, má mheastar gurb é sin an bealaí is oiriúnaí chun leanúint ar aghaidh.
13.6	C	Déanfar measúnuithe lapaireachta nó faoi uisce ag aon sruthchúrsaí nádúrtha (AAPanna) a mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu ach a gcuirfidh an fhorbairt isteach ar a mbruacha nó a leapacha. Déanfar é sin faoi Threoracha Aireachta i gcomhchomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Seandálaí ó Thionscadal TII. Déanfar soláthar iomlán chun tochailt a dhéanamh ar aon ghnéithe seandálaíochta agus/nó sil-leagain a d'fhéadfaí a aithint, má mheastar gurb é sin an bealaí is oiriúnaí chun leanúint ar aghaidh.
13.7	C	Beidh aon chuid de Theorainn Baile Fearainn a mbeidh tionchar ag an bhforbairt air faoi réir suirbhé i scríbhinn agus grianghrafadóireachta mionsonraithe (chun tástáil trinsí a áireamh nuair is cuí). Déanfar é sin faoi Threoracha Aireachta i gcomhchomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Seandálaí ó Thionscadal TII. Déanfar soláthar iomlán chun tochailt a dhéanamh ar aon ghnéithe seandálaíochta agus/nó sil-leagain a d'fhéadfaí a aithint, má mheastar gurb é sin an bealaí is oiriúnaí chun leanúint ar aghaidh.
13.8	C	Déanfar tochailt ar gach láithreán seandálaíochta a taifeadh roimhe seo – i gcás ina dtiteann iad sin, go hiomlán nó i bpáirt, laistigh de lorg na forbartha – faoi chomhairliúchán Threoir Aireachta leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Seandálaí Thionscadal TII.
13.9	C/O	Déanfar taifead mionsonraithe tírdhreacha grianghrafadóireachta agus i scríbhinn ar láithreáin seandálaíochta (AH) 15, 16, 29, 11, 12, 23 agus 26 lena suíomh reatha a chaomhnú roimh thógáil agus oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe. Déanfaidh duine nó foireann a bheidh cáilithe go cuí an suirbhé sin faoi Threoracha Aireachta i gcomhchomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Seandálaí ó Thionscadal TII.
13.10	C/O	Déanfar taifead mionsonraithe tírdhreacha grianghrafadóireachta agus i scríbhinn ar Struchtúir Faoi Chosaint (BH) 1, 7, 9, 10 agus 17 lena suíomh reatha a chaomhnú roimh thógáil agus oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe. Déanfaidh duine nó foireann a bheidh cáilithe go cuí an suirbhé sin faoi Threoracha Aireachta i gcomhchomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Seandálaí ó Thionscadal TII.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
13.11	C/O	Déanfar taifead mionsonraithe tírdhreacha grianghrafadóireachta agus i scríbhinn ar Láithreáin Oidhreachta cultúrtha (CH) 20, 23, 8, 25, 30, 35, 42 agus 54 lena suíomh reatha a chaomhnú roimh thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe. Déanfaidh duine nó foireann a bheidh cáilithe go cuí an suirbhé sin faoi Threoracha Aireachta i gcomhchomhairle leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Seandálaí ó Thionscadal TII.
13.12	C	Beidh cruinniú ag an Saineolaí Oidhreachta Cultúir agus ag Seandálaí an Togra le hionadaí na n-áitritheoirí i Mionlach-Cúil Each-Baile an Phoill-Baile an Dúlaigh chun scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe a bhféadfadh suntas a bheith leo ó thaobh cúrsaí oidhreachta i seanbhaile Chúil Each, Mionlach. Cuirfear tuairisc faoi scrúdú an tsuímh ar fáil do na háitritheoirí agus foilseofar é ar láithreán gréasáin faoi leith maidir leis an togra.

21.10 Ithreacha agus Geolaíocht

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
9.1	C	Glacfar le teicnící tógála a chloíonn le ceanglais na gcomhlachtaí reachtúla i dtéarmaí torainn, creathaidh, éillíú ithreach agus screamhuisce agus ó thaobh diúscairt ábhar éillithe le haghaidh gearrhacha ithreach agus carraige.
9.2	C	Déanfar gach ábhar tochairle, cé is moite de mhéid beag féideartha d'ábhar guaiseach, a athúsáid mar líonach tógála agus limistéir sil-leagain ábhar rud a laghdóidh an méid den ghné a chaillfear. Cinnteoidh an Conraitheoir go mbeifear sásta glacadh leis an ábhar lena athúsáid laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus go ndéanfar an t-ábhar a láimhseáil, a phróiseáil agus a leithscaradh go hiomchuí.
9.3	C	Cuirfear clár oibre maidir le créfoirt a thógáil i bhfeidhm mar chuid den CEMP a leagtar amach mar chuid de Aguisín A.7.5 leis an TMTT , arna thabhairt i gcrích ag an gConraitheoir, i ndáil leis an bhforbairt ar an mbóthar beartaithe agus déanfar rangú ar fhoinsé an ábhair maidir le gach réimse líonta. Agus an clár oibre sin á leagan amach go críochnúil, tabharfar na teorainneacha líonta a leagtar amach thíos san áireamh. D'fhonn cur isteach a sheachaint ar ghnáthóga áitiúla i réimsí portaigh, tabharfar na teorainneacha líonta seo a leanas i gceist maidir leis na hionaid a shonraítear sa tábla thíos. Tábla 9.18 i gCaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht. <ul style="list-style-type: none"> Ní cheadaítear ábhar neamhdhúchasach ach amháin maidir le sraitheanna pábhála agus caidhpeála atá slán ó uisce dromchla ag rith le sruth agus ó aistriú screamhuisce As bunábhar dúchasach nó as bunábhar eile atá oiriúnach maidir le pH a thiocfaidh an t-ábhar líonta eile ar fad a bheidh inghlactha Nóta: Tagann an tábla thíos in ionad Tábla 9.18 in Alt 9.6.2.1 i gCaibidil 9 sa TMTT (leathanach 788).

Uimh ir thaga rtha	Stai d	Tiomantais																																										
		<table border="1"> <thead> <tr> <th rowspan="2">Suíomh</th> <th rowspan="2">Gnáthóg Iarscríbhinn I / Cóid Aitheantais Fossitt (2000)*</th> <th colspan="2">Teorainn Líonta sa limistéar Slabhraíochta</th> </tr> <tr> <th>Ó</th> <th>Go dtí</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>1</td> <td>4030 mósáic</td> <td>0+620</td> <td>0+775</td> </tr> <tr> <td>2</td> <td>*7130/4010 mósáic, 4010 agus PF2</td> <td>1+150</td> <td>1+475</td> </tr> <tr> <td>3</td> <td>4010</td> <td>1+830</td> <td>2+050</td> </tr> <tr> <td>4</td> <td>4010</td> <td>2+200</td> <td>2+325</td> </tr> <tr> <td>5</td> <td>4010 agus PF2</td> <td>2+875</td> <td>3+175</td> </tr> <tr> <td>6</td> <td>4010</td> <td>3+450</td> <td>3+550</td> </tr> <tr> <td>7</td> <td>4030/4010 agus 4010</td> <td>3+595</td> <td>3+890</td> </tr> <tr> <td>8</td> <td>4030 mósáic agus 4010</td> <td>4+650</td> <td>5+150</td> </tr> <tr> <td>9</td> <td>4010 agus PF2</td> <td>7+750</td> <td>7+900</td> </tr> </tbody> </table>	Suíomh	Gnáthóg Iarscríbhinn I / Cóid Aitheantais Fossitt (2000)*	Teorainn Líonta sa limistéar Slabhraíochta		Ó	Go dtí	1	4030 mósáic	0+620	0+775	2	*7130/4010 mósáic, 4010 agus PF2	1+150	1+475	3	4010	1+830	2+050	4	4010	2+200	2+325	5	4010 agus PF2	2+875	3+175	6	4010	3+450	3+550	7	4030/4010 agus 4010	3+595	3+890	8	4030 mósáic agus 4010	4+650	5+150	9	4010 agus PF2	7+750	7+900
Suíomh	Gnáthóg Iarscríbhinn I / Cóid Aitheantais Fossitt (2000)*	Teorainn Líonta sa limistéar Slabhraíochta																																										
		Ó	Go dtí																																									
1	4030 mósáic	0+620	0+775																																									
2	*7130/4010 mósáic, 4010 agus PF2	1+150	1+475																																									
3	4010	1+830	2+050																																									
4	4010	2+200	2+325																																									
5	4010 agus PF2	2+875	3+175																																									
6	4010	3+450	3+550																																									
7	4030/4010 agus 4010	3+595	3+890																																									
8	4030 mósáic agus 4010	4+650	5+150																																									
9	4010 agus PF2	7+750	7+900																																									
9.4	C	Déanfar sraith draenála nó sraith tosaithe, de réir fhoilseachán TII CC- SCD-00606, a chur i bhfeidhm chun claífoirt a thógáil in áiteanna atá i gcontúirt ó thuille. Cinnteofar nuair a thabharfar isteach sraith draenála go mbeidh seoltacht hidrálach ar fud na tuilemhá agus go gcuirfear deireadh leis an mbaol go mbeidh an claífort ann mar bhacainn tuile.																																										
9.5	C	Beidh tarlú créfoirt feadh bhealaí réamhchinnithe laistigh agus lasmuigh de theorainn na forbartha atá beartaithe mar a thaispeántar ar Fhíoracha 7.101 go 7.123 . Tá na bealaí tarlaithe sainaitheanta feadh bhealaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá ann cheana nó laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. I gcás ina dtarlaíonn balcadh i ngeall ar ghluaiseachtaí trucail agus gníomhaíochtaí eile tógála ar dhromchlaí neamhchríochnaithe, tabharfar faoi oibreacha leasúcháin chun an talamh a chur ar ais mar a bhí sé ag an tús. Nuair is indéanta, seachnófar balcadh ithreach nó fo-ithreach ar bith atá le coinneáil feadh na forbartha bóthair atá beartaithe.																																										
9.6	C	I gcás go dtógtar claífort le hábhar áitiúil i limistéir ina mbíonn tuille go minic, má chuirtear sraith draenála nó sraith tosaigh ag obair, laghdófar an baol go ngabhfaidh ábhar mion chun srutha. Nó, má chuirtear deighilteoir geoiteicstíle ag obair laghdófar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige i limistéir. Cuirfear córas ilchodach, ina mbeidh meascán de shraith draenála agus deighilteoir geoiteicstíle, ag obair i gclaífoirt a tógadh le líonach comhghreamaitheach. Tugtar léargas ar na modhanna rialaithe dríodair san CEMP in Aguisín A.7.5. den EIAR .																																										
9.7	C	Cuirfear socraíocht talún, gluaiseacht chothrománach agus monatóireacht creatha i bhfeidhm i rith gníomhaíochtaí tógála lena chinntiú nach sáraíonn an tógáil na teorainneacha dearaidh. I gcásanna gur cinneadh le dearadh an phléasctha a bhain go sonrach leis an láithreán nach féidir pléascadh a dhéanamh i suíomh ar leith mar gheall ar chreathadh iomarcach sa talamh, d'fhéadfaí modhanna astarraingthe eile cosúil le briseadh hidrálach, scoilteadh hidrálach, scoilteadh ceimiceach agus díscáoileadh leictreach a chur i bhfeidhm agus a fhaire. Cuirfear monatóireacht i bhfeidhm i rith an phléasctha, i rith tochairte gearrthacha, le haghaidh fánaí ró-uailithe níos géire ná 1V:2H (V= fána ingearach, H = fána cothrománach) agus fánaí carraige níos géire ná 1V:1.5H. Beidh Foireann Monatóireachta Láithreáin an Fhostóra ag déanamh monatóireachta ar na tuarascálacha go seachtainiúil chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na tiomantais i ndáil le teorainneacha creathaidh.																																										

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
9.8	C	Ceapfaidh an Conraitheoir saineolaí geoiteicniúil agus beidh sé/sí i láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar chreathadh talún máguaird in aice le gabhdóirí leochaileacha i rith oibreacha pléasctha. Beidh Foireann Monatóireachta Láithreáin an Fhostóra ag déanamh monatóireachta ar na tuarascálacha go seachtainiúil chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na tiomantais i ndáil le teorainneacha creathaidh.
9.9	C	<p>Déanfar pléascadh trialach, mar chuid den mheasúnú ar phléascadh. Déanfaidh conraitheoir an phléasctha an pléascadh trialach faoi mhnatóireacht san fhoirmíocht bhuncharraige chéanna i suíomh rialaithe, agus ní sháróidh sé teorainneacha tonnchreatha na ngabhdóirí fogaire áitiúla, agus ní chuirfear gabhdóirí fogaire i mbaol lena n-áirítear gnáthóg Iarscríbhinn I in cSAC Loch Coirib. Déanfaidh an pléascadh trialach calabrá ar an dearadh pléasctha agus cruthófar dearadh a bheidh sonrach don láithreán.</p> <p>Sainítear sprioc-theorainn creathaidh an phléasctha mar cheann atá 20mm/soic, 20% níos coimeádaí ná an cur chuige coimeádach dearaidh de theorainn creathaidh 25mm/soic ag dromchla na talún ina n-áirítear limistéir ina bhfuil cosán Aolchloiche ag Tollán Leacaigh. Sa bhreis air sin, déanfar monatóireacht ar an gcosán Aolchloiche le linn na n-oibreacha tollánaithe chun a bheith faire ar aon éifeachtaí a bheadh ag an gcreathadh ón bpléascadh. I gcás go dtarlódh sé agus gach seans nach dtarlódh go sárófar an sprioc-theorainn creathaidh ag an dromchla, scoirfear d'oibreacha pléasctha ar an láithreán go dtí go dtuigtear cén bunús atá leis an gcreathadh méadaithe. Déanfar dearadh an phléasctha a athchalabrá arís ansin agus leanfar d'oibreacha pléasctha le monatóireacht leanúnach. Tá na hachair atá incheadaithe le haghaidh na modhanna tógála éagsúla tugtha sa chuid thuas ar Torann agus Creathadh.</p> <p>Beidh Foireann Monatóireachta Láithreáin an Fhostóra i mbun cigireachta ar na tuarascálacha faoi na pléascanna trialacha chun a chinntiú go mbeifear ag cloí leis na teorainneacha creathaidh ag an dromchla.</p>
9.10	C	<p>Coinneofar iompórtáil ábhar ó lasmuigh den láithreán chomh beag agus is féidir trína chinntiú go n-úsáidtear na hábhair a eascraíonn ó laistigh de limistéar an láithreáin a oiread agus is féidir. Cuirfear aon ábhar a bheidh fágtha nach féidir a ionchorprú isteach sna gníomhaíochtaí líonta tógála a chur i limistéir shil-leagain ábhar laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.</p> <p>Tógfar ábhar guaiseach ón suíomh le diúscairt nó le haisghabháil ag suíomhanna ag a mbeidh ceadúnas nó atá ceadaithe go cuí mar atá sonraithe thuas le haghaidh Gníomhaíochtaí Tógála.</p>
9.11	C	<p>Cuirfear struchtúir i gcrích i gcomhréir leis an CEMP in Aguisín A.7.5. Comhlíonfaidh tógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe na ceanglais seo a leanas: Scrúdú ar Thógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe Aguisín A.7.1; comhlíonfaidh Tarbhealach Mhionlaigh riachtanais Scrúdú ar Thógáil Tarbhealach Mhionlaigh Aguisín A.7.2, comhlíonfaidh Tollán Leacaigh riachtanais Luacháil Geoteicniúil agus Hidrigeolaíochta Thollán Leacaigh Aguisín A.7.3 agus comhlíonfaidh Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe Tuarascáil Thógáil Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe Aguisín A.7.4.</p> <p>Cloífidh na teicnící tógála a ghlacfar le ceanglais na gcomhlachtaí reachtúla i dtéarmaí torainn, creathaidh, éilliú ithreach agus screamhuisce agus ó thaobh diúscairt ábhar éillithe.</p>
9.12	C	<p>Fad is a bheidh Tollán Leacaigh á thógáil ceapfaidh an Conraitheoir saineolaí hidrigeolaíochta agus geoiteicniúil agus beidh sé i láthair an t- am ar fad chun monatóireacht a dhéanamh nuair a bheidh sé de chumas ag gníomhaíochtaí tógála tionchar a bheith ar an screamhuisce nó ar ghnáthoga Iarscríbhinn I ag an dromchla, is é sin an cosán Aolchloiche agus talamh féaraigh Chailcreach. Áirítear leis sin an t-éadan carraige faoi thacaíocht Aghaidh Chairéal Leacaigh</p>

		agus na ballaí coinneála le haghaidh Bhealach Isteach Thiar. Déanfar monatóireacht ar na fánaí carraige nochtaithe agus ar na ballaí coinneála le linn tógála agus oibríochta chun a chinntiú nach mbeidh aon tionchar ar ghnáthóg Iarscríbhinn I. I gcás go dtarlódh sé agus gach seans nach dtarlóidh go dtugtar éagobhsaíocht faoi deara cuirfear isteach bearta tacaíochta breise lena chinntiú nach mbeidh tionchar aige ar ghnáthóg Iarscríbhinn I. Cuimsítear sna bearta tacaíochta breise ancairí talún, boltaí carraige, duail charraige, mogall carraige, rois-choinchréit nó meascán de na bearta sin, atá deartha chuig na caighdeáin deartha iomchuí (Eurocode 7, BS8081) agus na treoir-cháipéisí dea-chleachtais. Athbhreithneoidh Foireann Monatóireachta Láithreáin an Fhostóra tuarascálacha seachtainiúla chun cobhsaíocht na bhfánaí carraige i gCairéal Leacaigh a sheiceáil.
9.13	O	Leanfar de mhonatóireacht ar na córais choinneála carraige agus ró- ualaithe i gCairéal Leacaigh agus an Bealach Isteach Thiar mar chuid de sceideal cothabhála TII (Bonneagar Iompair Éireann) lena chinntiú go leanfar dá n-oibriú mar atá beartaithe ar feadh shaol deartha na forbartha bóthair atá beartaithe. I gcás go dtarlódh sé agus gach seans nach dtarlóidh go dtugtar éagobhsaíocht faoi deara laistigh den charraigmhais, cuirfear isteach bearta tacaíochta breise (e.g. boltaí carraige, duail charraige, mogall carraige, rois-choinchréit nó meascán de na bearta sin) lena chinntiú nach mbeidh aon tionchar ar shláine struchtúrach ¹ an chosáin Aolchloiche.
9.14	C	Rialófar socraíochtaí talún tríd an gcineál bunsraithe a roghnú agus an modh tógála atá oiriúnach le haghaidh na riochtaí talún ar leith. Chun gluaiseachtaí ithreach a íoslághdú i ngeall ar oibríochtaí píle gar do ghabhóirí leochaileacha, tógfar gach píle go seicheamhach i dtreo i bhfad ón ngabhóir leochaileach. Bíonn píllí a cuireadh isteach roimhe sin mar sciath toisc go mbíonn gluaiseachtaí ithreach níos mó i dtreo i bhfad ón gcrios docht. i. bhfad ó na píllí agus ó na gabhdóirí leochaileacha.
9.15	C	I rith na tógála, tabharfar cosaint don chosán Aolchloiche ag Tarbhealach Mhionlaigh agus ní bheidh tionchar orthu nuair a chuirfear córas cosanta i bhfeidhm ina mbeidh geoighreille, geoiteicstíl chosanta agus sraitheanna ábhair. Tagair don Tuarascáil ar Bhailíocht Thógáil Tharbhealach Mhionlaigh in Aguisín A.7.2 ar TMTT chun tuilleadh sonraí a fháil.
9.17	C	Cuirfear cosc ar éilliú na hitreach má chuirtear dea-bhainistiú i bhfeidhm (glanadh laethúil an láithreáin, úsáid as boscaí bruscair diúscartha, srl) ar an láithreán, agus má bhaintear úsáid cheart as na substaintí sin agus a gcoimeádáin agus má dhéantar iad a stóráil agus a dhiúscairt i gceart. Maidir le gach gníomhaíocht ina mbaintear úsáid as truaileáin fhéideartha nó ábhair ghuaiseacha, láimhseálfar ábhar mar coinchréit, breoslaí, bealaí agus sreabháin hidrálacha go cúramach agus stórálfar iad chun doirteadh a sheachaint. Coinneofar truaileáin fhéideartha sábháilte freisin i gcoinne loitiméireachta agus cuirfear srian ceart orthu de réir na gcód cleachtais. Cuirfear srian láithreach ar aon doirteadh agus tógfar ithir éillithe ón suíomh agus déanfar í a dhiúscairt chuig suíomh ag a bhfuil ceadúnas nó cead iomchuí de réir na reachtaíochta reatha atá ag an gConraitheoir maidir le Bainistíocht Dramhaíola in Éirinn.
9.18	C	Déanfaidh an Conraitheoir socrú chun fáil réidh le haon uisce níocháin coinchréite. Cuirfear trucail choinchréite ar ais chuig a ngléasra baisceála chun iad a ní. Pléifear an socrú maidir le coinchréit a thabhairt chuig an láithreán le soláthraithe sula dtosóidh an obair, agus tabharfar cuntas ar na bealaí measúnaithe a bheidh comhaontaithe, ag cur cosc ar shruthlú ar an láithreán agus pléifear nósanna imeachta éigeandála.

¹ Is ionann Sláine Struchtúrach charraig an aifrinn a thacaíonn leis an meascán de chosán Aolchloiche agus de thalamh féaraigh Chailreach agus na haíronna geoteicniúla físiúla agus meicniúla a rialaíonn iompar na timpeallachta cosáin Aolchloise geoteicniúla

Uimh ir thagartha	Staid	Tiomantais
9.19	C	<p>Beidh líonra draenála an charrbhealaigh séalaithe ar a laghad ar bith in áiteanna ina dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe carraige atá tugtha do charstú.</p> <p>Trí réitigh innealtóireachta a úsáid, lena n-áirítear bacainn neamhscagach, sciodar stroighin nó leachtmhoirtéal, cuirfear cosc ar rith chun srutha díreach ó dhromchla pábháilte na forbartha bóthair atá beartaithe ó dhul isteach sa charraig feadh an ailínithe beartaithe, toisc go bhféadfadh sé sin tuilleadh meatha agus éagobhsaíocht na carraigmhaise a chruthú. Déanfaidh an dearthóir measúnú ar bhearta maolaithe aonair ar bhonn cás ar chás, arna gcinneadh de réir mhéid an charst agus comhdhéanamh na forbartha bóthair atá beartaithe a bhfuilcuntas air sa phrótacal carst atá mar chuid den CEMP in Aguisín A.7.5 den EIA. Tabharfaidh hidrigeolaí agus/nó saineolaí geiteicniúil faoi chigireachtaí ar ghnéithe carst d'fhonn an beart leasúcháin iomchuí a chinneadh. Áirítear leis na bearta leasúcháin sin ach níl siad teoranta do bhaint gach ábhar ithreach scaoilte, bog, lag nó folamh, poill a aislíonadh le meascán aontaithe de dhuirleoga bolláin / carraig mhór / sciodar stroighin agus geo-ábhar sintéiseach láidir a shuiteáil chun ardán bunsraithe inniúil agus sábháilte a chruthú.</p>
9.20	C	<p>Sa chás gur féidir, ar na bearta maolúcháin maidir le cúrsaí dearthóireachta agus timpeallachta a thabhairt san áireamh, mar aon le coinníollacha sábháilteachta agus srianta innealtóireachta, fágfar, de réir dearthóireachta, réimsí suntasacha buncharraige leis tar éis obair ghearrtha. Sa chás nach féidir sin a dhéanamh, coinneofar tuairisc dhigiteach ghrianghrafadóireachta ar réimsí suntasacha ina ndéantar tochairt as an nua nó déanfar cóir maidir le cuairteanna ar an láthair ag Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann.</p>
9.21	C	<p>Sa chás gur féidir, ar na bearta maolúcháin maidir le cúrsaí dearthóireachta agus timpeallachta a thabhairt san áireamh, mar aon le coinníollacha sábháilteachta agus srianta innealtóireachta, fágfar, de réir dearthóireachta, réimsí suntasacha buncharraige leis tar éis obair ghearrtha.</p> <p>Sa chás nach féidir sin a dhéanamh, coinneoidh an Conraitheoir tuairisc dhigiteach ghrianghrafadóireachta ar réimsí suntasacha ina ndéantar tochairt as an nua agus/nó cuirfidh an Conraitheoir cóir ar Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann maidir le cuairteanna ar an láthair.</p> <p>Cuirfidh an Conraitheoir Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann ar an eolas faoi aon chás ina ndéantar gearradh go buncharraige ionas gur féidir cuairt a thabhairt ar an láthair sula ndéantar aon líonadh ar ais.</p>
9.22	C	<p>Sa chás go bhfuil riachtanas le sraith saordhraenála faoin talamh i réimse talún a bhfuil plandáil gnáthóige i gceist air, agus gur ionann é agus Limistéar Sil-leagain Ábhair a mbeadh ábhar móna á leagan ann, cuirfidh an Conraitheoir sraith saordhraenála idir an tsraith ina leagtar an mhóin agus an tsraith ar a bhfuil an ghnáthóg le cruthú. Beidh an t-ábhar saordhraenála féin á cheapadh idir sraitheanna scagdealúcháin (e.g. geoteicstíl), os a chionn agus faoina bhun, ionas go seachnaítear dríodar mion a aistriú agus go ndeimhnítear go bhfeidhmíonn an tsraith mar atá beartaithe.</p> <p>Maidir le limistéir sil-leagain ábhair i gCairéal Leacaigh, mar a bhfuil gá le féarach calcrach, cuirfear sraith cheaptha draenála ar fáil ar dhoimhneacht 350mm ar a laghad, ionas go gcinntítear draenáil gan bhac maidir le huisce dromchla ón bhféarach calcrach. Cuirfear an tsraith sin ar fáil idir an féarach calcrach agus an limistéar sil-leagain ábhair.</p>
9.23	C	<p>Déanfar an obair thógála de réir na gcoinníollacha go léir a leagtar amach in Coiréal Leacaigh: Tuarascáil maidir le Sil-leagan Ábhair (GCRR-4.0-03-4.23), go háirithe Alt 6.4 Gealltanais faoi leith. Tá an tuarascáil sin ar fáil in Aguisín 1.11 le Imleabhar 2 den Tuarascáil sa Fhreagra ITF.</p>
9.24	C	<p>Déanfar an obair thógála de réir na gcoinníollacha go léir a leagtar amach in Limistéir Sil-leagain Ábhair – Tuarascáil Bonnlíne (GCOB-4.03.4.2.1_001). Tá an tuarascáil sin ar fáil in Aguisín 1.11 le Imleabhar 2 den Tuarascáil sa Fhreagra ITF.</p>
9.25	C	<p>Cinneofar le comhchodanna an ábhair móna measctha i limistéir sil-leagain ábhair le féarach calcrach nach dtarlóidh dlús is airde ná 250mm ar an toirt, go bunúil ná go tánaisteach.</p>

21.11 Hidrigeolaíocht

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
10.1	C	Ní dhéanfar aon dí-uisciú i rith na tógála ag Tarbhealach Mhionlaigh nó Tollán Leacaigh (nó na bealaí isteach chucu). Ina theannta sin, cuirfear san áireamh i seicheamh na tógála luaineacht shéasúrach an screamhuisce. I rith an gheimhridh nuair a bhíonn an screamhuisce ard d'fhéadfadh gá a bheith le teorainn a chur le doimhneacht na n-oibreacha ionas nach dteastóidh dí-uisciú.
10.2	C	Batailit Eibhir na Gaillimhe EW01, 02 (trí ghearradh), 04 07 agus 09: Déanfar screamhuisce a stopfar a bhailiú agus a phíobú chuig gabhdóir uisce dromchla a ndraenálfadh sé go nádúrtha chuige.
10.3	C	Aolchloch: D'fhéadfadh gá a bheith le dí-uisciú tógála ar uiscíoch na buncharraige ar bhonn séasúrach in EW27 nuair is airde a bhíonn na leibhéil screamhuisce. Scaoilfear aon dí-uisciú chuig an dobharlach screamhuisce céanna.
10.4	C	Beidh sé riachtanach dí-uisciú a dhéanamh ar uiscíoch na buncharraige chun Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe agus na bealaí isteach chuige a thógáil. Déanfar an screamhuisce go léir a stopfar a bhainistiú agus a scaoileadh amach laistigh den dobharlach screamhuisce céanna.
10.5	C	Beidh sé riachtanach dí-uisciú a dhéanamh ar uiscíoch na buncharraige chun Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe agus na bealaí isteach chuige a thógáil. Déanfar an screamhuisce go léir a stopfar a bhainistiú agus a scaoileadh amach laistigh den dobharlach screamhuisce céanna.
10.6	C	I gcás ina n-úsáidtear imchuacha insíothlaithe chun rith chun srutha ón láithreán a scaoileadh i rith na tógála déanfar bainistiú ar an rith chun srutha ar an láthair, baileofar é agus cóireálfar é de réir an Phlean Rialaithe Dríodair, Creimthe agus Truailithe (Tagair do Chuid 8 den CEMP in Aguisín A.7.5).
10.7	C	Áirítear leis an imchuach insíothlaithe S19a agus S19b líneáil ar thaobhanna na tochailte chun insíothlú screamhuisce ingearach a chinntiú ionas go ndraenálfadh gach doirteadh tríd an bhfo-ithir atá leagtha síos le haghaidh tiús iomlán an chreasa neamhsháithithe.
10.8	C	Cuirfear na bearta seo a leanas atá áirithe sa CEMP i bhfeidhm chun an baol atá ann go dtarlóidh truailiú ó dhoirteadh de thaisme ar an suíomh a rialú: <ul style="list-style-type: none"> Ní cheadaítear stoc-chnardh a dhéanamh ar ábhar éillithe Cuirfear cosc ar éilliú na hithreach má dhéantar dea-bhainistiú ar an suíomh i rith na tógála, agus má bhaintear úsáid cheart as na substaintí sin agus a gcoimeádáin agus má dhéantar iad a stóráil agus a dhiúscairt i gceart Maidir le gach gníomhaíocht ina mbaintear úsáid as truailleáin fhéideartha nó ábhair ghuaiseacha, faoin CEMP, iarrfar ar an gConraitheoir a chinntiú go láimhseálfar ábhar mar coincreít, breoslaí, bealaí agus sreabháin hiodrálacha go cúramach agus go stórálfar iad chun doirteadh a sheachaint. Coinneofar truailleáin fhéideartha sábháilte freisin i gcoinne loitiméireachta agus cuirfear srian ceart orthu de réir na gcód cleachtais. Cuirfear srian láithreach ar aon doirteadh agus tógfar ithir éillithe ón suíomh agus déanfar í a dhiúscairt i gceart. Cuirfidh an Conraitheoir bailchríoch ar an bPlean Freagartha Teagmhas sa CEMP in Aguisín A.7.5 sula gcuirfear tús leis an obair agus déanfar nuashonrú rialta air le haghaidh éigeandálaí truailithe a fhorbróidh an Conraitheoir ceaptha. Cuirfidh an Conraitheoir gach beart atá sa Phlean Freagartha Teagmhas i bhfeidhm.

10.9	C	<p>I gcás ina dtagtar ar charst cuirfear an Prótacal Carst i bhfeidhm, agus breactar é sin sa CEMP (Aguisín A.7.5):</p> <ul style="list-style-type: none"> I gcás ina dtagtar ar ghnéithe carst i rith oibreacha tógála déanfaidh hidrigeolaí agus geolaí innealtóireachta measúnú air. I gcás tochailtí (gearrthacha bóthair, tolláin, tochailtí ar ché droichid) ansin déanfar an ghné charst a thochailt agus a aislíonadh le líonadh garbh agus déanfar é a shéalú Maidir leis na gnéithe carst a bheith á stopadh i dtochailtí le haghaidh créfort (lena n-áirítear tarbhealaí, droichid agus tolláin) agus imchuacha insíolthlath. Caomhnaíonn an Prótacal Carst nascacht hidrálach na gné ag úsáid ábhar gráinneach le líonadh ach ansin séalaítear a carst ón tochailt le líneáil (geoteicstíl agus nó coincreít ag brath ar shonraíochtaí an láithreáin) I gcás ina bhfuil dí-uisciú ar uiscíoch na buncharraige beartaithe, suiteálfar monatóireacht ar leibhéal screamhuisce roimh an tógáil, i rith chéim na tógála agus 12 mhí tar éis na tógála ionas go mbeifear in ann éifeachtaí féideartha ó dhí-uisciú a shainaithint. Má thugtar le fios leis an monatóireacht go bhfuil tionchar intomhaiste ann thar mar atá luaite sa Tuarascáil MTT, ansin déanfar obair a bhfuil sé de chumas aige íostarraingt a mhéadú sábháilte agus scoirfear dó go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar an measúnú hidrigeolaíoch bunaithe ar dhálaí an tsuímh agus ar mhaolú a úsáideadh más iomchuí. D'fhonn tionchair éillithe féideartha a laghdú, cuirfear cosc ar stoc-charnadh ábhar éillithe agus cuirfear cosc ar ghiniúint láisteáite. I gcás ina dtarlaíonn sé go dtagtar ar ábhar éillithe féideartha déanfar é a thástáil agus a dhiúscairt ar bhealach iomchuí agus ag teacht le reachtaíocht bainistiú uisce reatha. Mura féidir ábhar éillithe a bhaint láithreach, ansin stórálfar é, agus clúdófar é le leathánra polaitéine ionas nach dtiocfaidh uisce báistí isteach tríd an ábhar. Ní bheidh ach fíorbheagán ama i gceist ó dhéanfar an tochailt agus an bhaint.
10.10	C	<p>Tarlóidh naoi gcinn eúig-cinn de thoibreacha (W50-10, W50-12, W50-13, W50-14 agus W50-15, W50-16, W50-19, W50-17, W50-18) a chailliúint nuair a bheidh an obair thógála á déanamh ar an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt. Déanfar beart maolúcháin maidir le gach ceann acu sin trí thobar ionaid a chur ar fáil, trí cheangal a nascadh leis an bpríomhchóras soláthair nuair is féidir nó trí chúiteamh airgid a chur ar fáil. Sa chás gur gá tobar a fhágáil ar fad mar gheall ar an mbóthar beartaithe a fhorbairt, déanfar an tobar a dhúnadh agus a fhágáil i gcomhréir go ginearálta lena leagtar amach sna Treoirlínte maidir le Druileáil Toibreacha arna gcur ar fáil ag Institiúid Gheolaithe na hÉireann (IGI 2007).</p>
10.11	C	<p>Déanfar toibreacha athsholáthair, umar stórála, trealamh caidéalaithe gaolmhar agus píopaí le haghaidh Wells W50-13 agus W50-14 a choimisiúnú agus a thástáil chun rátaí toraidh leordhóthanacha a chinntiú sula ndéanfar toibreacha W50-13 agus W50-14 a dhíchoimisiúnú.</p>
10.12	C	<p>D'fhéadfadh tionchar a bheith ag leibhéal screamhuisce laghdaithe i rith na tógála ar thoibreacha lasmuigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe ach atá laistigh den chríos tionchair íostarraingthe. Déanfar monatóireacht ar gach tobar laistigh de 150m de theorainn na forbartha atá beartaithe (nó 50m ón CT íostarraingthe ríofa más mó) le haghaidh an leibhéal uisce gach mí ar feadh 12 mhí roimh thógáil, i rith na tógála agus ar feadh 12 mhí i ndiaidh na tógála. Má thugtar le fios leis an monatóireacht go raibh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar thobar soláthair nó geoteirmeach ansin cuirfear maolú i bhfeidhm.</p>

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
10.13	C	D'fhonn cosaint cháilíocht na soláhairtí screamhuisce óil a chinntiú, déanfar monatóireacht ar gach tobar laistigh de 150m de theorainn na forbartha atá beartaithe ar bhonn míosúil. Déanfar monatóireacht ar na toibreacha go léir le haghaidh gnáth-pharaiméadair cháilíocht an uisce óil ar bhonn míosúil ar feadh 12 mhí roimh thógáil, i rith na tógála agus ar feadh 12 mhí i ndiaidh na tógála. Má thugtar le fios sa mhonatóireacht go raibh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar sholáthar, ansin beidh feidhm le maolú.
10.14	C	Tá na héiceachórais talún chleithiúnacha screamhuisce (GWDTE) atá aibhsithe mar chinn atá i mbaol i réimsí ina bhfuil na cosáin screamhuisce carstach. Chuige sin, tá an Prótacal Carst, mar atá mionsonraithe thuas, ina chuid de mhaolú ionas nach mbeidh tionchar ar cháilíocht nó ar chainníocht an screamhuisce. Cuirtear maolú breise i bhfeidhm lena chinntiú nach mbíonn tionchar ar na láithreáin Eorpacha.
10.15	C	Ní bheidh aon doirteadh ó uisce dromchla go lochanna Chúil Each agus déanfar cóireáil ar an rith chun srutha go léir sula scaoilfear chun talún é ag imchuacha insíothlathite. Tá imchuacha insíothlathite deartha chun lonnáiocht a áireamh d'fhonn dríodar a bhaint agus tiús cuí d'fho-ithir a bheith faoi leibhéal an inbhéarta.
10.16	C	Ní dhoirtfear an coincreít i dtoghailtí (Droichead Abhainn na Gaillimhe, Tarbhealach Mhionlaigh agus Tollán Leacaigh) ach amháin tar éis do hidreolaí cáilithe scrúdú a bheith déanta aige ar an toghailt. Déanfar imscrúdú ar dhoimhneacht agus ar fhairsinge iomlán gach toghailte le saináithint cibé an bhfuil aon bhealaí sreafa suntasacha, cosúil le feabhas carst ar thréscailteacht na buncharraige, ann. Mura bhfuil aon bhealaí sreafa suntasacha ann, ansin breacfaidh an hidreolaí é sin síos agus deimhneoidh sé/sí nach bhfuil aon bhaol ann don screamhuisce ó sceitheadh coincreíte. Má tá bealaí suntasacha ann ansin dearfaidh an hidreolaí tionchair a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó shreabhadh feadh na mbealaí sin bunaithe ar an bplean maolaithe carst, ina bhféadfaí crios tréscailteachta ard a shuiteáil in ionad na mbealaí screamhuisce a bhainfí le bunraitheanna agus/nó tríd an nasc ón toghailt a shéalú chun an carst a chosaint. Ceadóidh hidreolaí cáilithe dearadh na mbearta maolaithe le deimhniú nach mbeidh aon tionchar diúltach ar screamhuisce.
10.17	O	Le linn chéim oibriúcháin na forbartha bóthair atá beartaithe déanfar cigireacht agus cothabháil lena chinntiú go leanfaidh na habhantracha insíothlúcháin ag oibriú mar atá beartaithe do shaolré dheartha na forbartha bóthair atá beartaithe.
10.18	O	Teastaíonn cigireacht rialta ar na habhantracha insíothlúcháin lena dhearbhu nár tharla turnamh inbhraite ar bith san insíothlú mar gheall ar charst. Moltar cigireacht a dhéanamh gach 5 bliana.
10.19	O	Má bhíonn carst i gceist agus má fhaightear conairí féideartha le linn na cigireachta, mar sin cuirfear an Prótacal um Charst a forbraíodh don chéim tógála chun feidhme lena chinntiú nár cruthaíodh conairí fabhracha ar bith laistigh den abhantrach insíothlúcháin.
10.20	C	Sa chás, ní nach dócha, go dtarlaítear i rith an obair thógála ar chonairí suntasacha srutha (éasc-chriosanna nó bris-chriosanna) i mBatailít Eibhir na Gaillimhe, cuirfear i bhfeidhm na bearta a leagtar amach sa Phrótacal Carstach a luaitear sa CEMP in Aguisín A.7.5 leis an TMTT agus in Aguisín C leis an RTN.

21.12 Hidreolaíocht

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
11.1	C	<p>Is é an Conraitheoir a chuirfidh an CEMP atá áirithe in Aguisín A.7.5 i gcrích sula dtosófar ar an tógáil agus cuirfear iad seo a leanas i bhfeidhm mar chuid den phlean seo:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Plean Freagartha Teagmhas ina sonraítear na nósanna imeachta atá le cur i gcrích i gcás doirteadh dramhaíl cheimiceach, bhreosla nó dramhaíl ghuaiseach eile, teagmhais neamhchomhlíontachta agus aon rioscaí eile a bhféadfadh teagmhas truaillithe mar thoradh air a logáil, lena n-áirítear rioscaí tuilte • Plean Rialaithe Dríodair, Creimthe agus Truaillithe (Déan Tagairt do Chuid 8 den CEMP in Aguisín A.7.5). Áireofar leis sin monatóireacht ar cháilíocht uisce agus ráitis modha lena chinntiú go gcomhlíonfar caighdeáin cháilíochta comhshaoil atá sonraithe sa reachtaíocht ábhartha • Gach cead agus ceadúnas riachtanach le haghaidh oibreacha tógála ionsrutha a bhaineann le tóchair, droichid agus sruth éalaithe abhann. Tá toiliú Alt 50 OPW faighte i dtaca le gach tóchar agus droichead atá beartaithe sa Tuarascáil MTT. D’fhonn athruithe a dhéanamh ar na struchtúir sin mar chuid den chéim deartha agus tógála mionsonraithe beidh gá toiliú nua Alt 50 a fháil • Treoir a fháil agus dul i gcomhairle le Rannóg Draenála Artairí an Iarthair den OPW atá freagrach as scéim Draenála Artairí Loch Coirib-Measca agus as rialú leanúnach leibhéil abhann agus locha ag Baráiste Dhroichead na mBradán i gCathair na Gaillimhe • Leanúint ag tabhairt Treorach agus ag dul i gcomhairle le hÍascaigh Intíre Éireann (IFI) • Leanúint ag tabhairt treorach agus ag dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) • Déanfar an obair thógála ar fad i gcomhréir leis na treoirlínte maidir leis an sárchleachtas tógála agus beidh, dá réir sin, an chontúirt go dtarlódh sceitheadh in Abhainn na Gaillimhe á chur ar neamhní. • Déanfar an obair thógála ar fad i gcomhréir freisin le Caighdeáin agus Sonraíocht Uisce Éireann, i gcomhréir leis na gnáthphróisis agus na gnáis oibre maidir le cead ceangail a fháil agus comhaontú maidir le hobair thógála os cionn gnéithe bonneagair a shocrú le soláthraithe fóntais. • Is furasta cóiriú do mhuinchillí maidir le cásanna ionchais i gceantar na nArdán agus aontófar na hionaid ina mbeidh siad suite le hUisce Éireann sula dtosaítear ar an obair thógála. • Déanfar comhairle le hUisce Éireann maidir leis an CEMP a leasú agus go sonrach maidir leis an agus an bplean seiftithe i gcás teagmhais (IRP) i ndáil le céim na tógála agus le céim na húsáide • Déanfar soláthar do chuartheanna ar an suíomh tógála ag baill d’fhoireann Uisce Éireann má mheasann Uisce Éireann gur gá sin • Déanfar caidreamh leanúnach le hUisce Éireann i rith chéim na tógála agus leagfar amach go tráthúil modh oibre maidir le dátaí tionscadail rialta i rith chéim na tógála ionas gur féidir le hUisce Éireann aon mhaol breise a dhéanfadh a bheith i gceist maidir le caighdeán an uisce ina bhfoinse soláthair an uisce óil a mheas

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
11.2	C	<p>Beidh gníomhaíochtaí tógála ag teastáil chun na treoircháipeisí ábhartha a chur san áireamh i gcomhair obair thógála, os cionn uisce nó gar d'uisce lena n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Treoirlínte maidir le hIascaigh a Chosaint i rith Oibreacha Tógála in Uisce agus Cóngarach d'Uisce (Iascaigh Intíre Éireann, 2016) • Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne – Gnáthóg Iascaigh a Chosaint agus a Chaomhnú le tagairt ar leith do Thógáil Bóithre • Riachtanais maidir le Gnáthóg Iascaigh a Chosaint i rith Tógála agus Oibreacha Forbartha ag Láithreáin Abhann (Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir) • Cainéil agus Dúshláin an Phríomh-Bhoird Iascaigh – Feabhas ar Aibhneacha Salmainide • CIRIA C793 Lámhleabhar SuDS • CIRIA C624 Forbairt agus Riosca Tuilte - treoir do thionscal na tógála • CIRIA C532 Rialú ar Thruailliú Uisce ó Láithreáin Thógála - Treoir do Chomhairleoirí agus do Chonraitheoirí • CIRIA C648 Rialú ar Thruailliú Uisce ó Thionscadail Tógála Líní, treoir theicniúil • CIRIA C649 Rialú ar Thruailliú Uisce ó Thionscadail Tógála Líní, treoir láithreáin • Treoirlínte maidir le Sruthchúrsaí a Thrasnú i rith Thógáil Scéimeanna Náisiúnta Bóthair (NRA, 2006) • Draenáil Bóthair agus an Timpeallacht Uisce DN-DNG-03065 (TII, June 2015) • Córais Draenála Fásmhara le Rith Chun Srutha Bóthair DN-DNG-03063 (TII, Meitheamh 2015)
11.3	C	<p>Mar atá leagtha amach sa Phlean Rialaithe Dríodair, Creimthe agus Truailithe (Tagair do Chuid 8 den CEMP in Aguisín A.7.5), déanfar monatóireacht ar na rialaithe dríodair, creimthe agus truailithe agus coimeádfar súil agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe á tógáil. Áireofar leis sin monatóireacht rialta ar cháilíocht an uisce chun dríodar agus hidreacarbóin a aimsiú (ag déanamh monatóireachta ar na tiúchana dríodair san uisce ghlactha) agus déanfar cigireacht ar shaoráidí rialaithe truailithe agus ráitis modhanna chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le caighdeán cáilíochta comhshaoil atá sonraithe san reachtaíocht chuí</p>
11.4	C	<p>Ar leighligh ón monatóireacht leanúnach agus mionsonraithe a dhéanfaidh an Conraitheoir mar chuid den CEMP; comhlíonfaidh an Bainisteoir Comhshaoil Suímh (SEM) an córas cigireachta/monatóireachta a bhfuil cur síos déanta air thíos thar ceann an Fhostóra. Stórálfar na torthaí i gcomhad Monatóireachta an SEM agus beidh an comhad sin ar fáil lena scrúdú/iniúchadh ag an gClient, ag NPWS nó ag IFI agus ag an OPW (nuair is iomchuí). Déanfar gach cigireacht/ monatóireacht/ torthaí a thaifeadh ar fhoirmeacha caighdeánach. Beidh an méid seo a leanas i gceist leis na cigireachtaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cigireacht a dhéanamh ar na Príombhearta Rialaithe atá leagtha amach sa CEMP ar bhonn seachtainiúil. Torthaí a thuairisciú chuig an gConraitheoir • Cigireacht a dhéanamh ar bhearta cóireála uisce dromchla (linnte, tancanna, mion-dambaí, málaí gainimh, etc.) gach aon lá agus léamh moirtiúlachta a fháil san asraon uisce ghlactha

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
		<ul style="list-style-type: none"> • Cigireacht a dhéanamh ar gach sruth éalaithe chuig sruthchúrsaí agus screamhuisce gach aon lá agus léamh moirtiúlachta a fháil. Sa chás go mbeadh oibreacha tochailte, sil-leagan nó coincreítithe ag leanúint ar aghaidh go háitiúil, caithfear léamh moirtiúlachta a fháil trí huaire in aghaidh an lae san asraon uisce ghlactha • Cigireacht amhaire a dhéanamh gach lá ar sruthchúrsaí ina mbeidh sceitheadh ó na hoibreacha agus sna háiteanna sin a mbeidh oibreacha tógála sa chomharsanacht • Déanfar saoráidí níos álainn rothaí a scrúdú gach seachtain • Déanfar monatóireacht ar stoic-chairn go laethúil ach a mbeifear á líonadh nó á bhfolmhú agus seachas sin go seachtainiúil • Déanfar bearta rialaithe ar oibreacha ag sruthchúrsaí nó in aice leo a scrúdú go laethúil • Déanfar maoirseacht ar oibríochtaí coincreíte ag sruthchúrsaí nó in aice leo agus déanfar cigireacht go laethúil ar shaoráidí níos álainn fána sainithe • Déanfar cigireacht ar chompúin láithreacha agus satailíte go seachtainiúil • Déanfaidh an SEM iniúchadh ar thorthaí monatóireachta an Chonraitheora go minic (ar a laghad 6 huaire san ráithe) • Sainítear an leibhéal imscrúdaithe don mhoirtiúlacht agus difríocht 10ntu idir an leibhéal sruthchúrsa timpeallach suas an abhainn agus an leibhéal i dtreo bhéal na habhann ina bhfuil na hoibreacha • In ainneoin na mbearta costha diana atá liostaithe thuas, ar an drochuair sa chás go dtarlódh go scaoilfí dríodar san sruthchúrsa trí thimpiste agus go mbeadh scaird mar thoradh orthu nó ar an drochsheans go dtarlódh sé go sárófaí na leibhéil imscrúdaithe moirtiúlachta mar thoradh orthu, caithfear cloí leis na nithe seo a leanas: • Déanfaidh an SEM agus an Conraitheoir an cás a scrúdú láithreach agus go mion • Cuirfear an Plean um Fhreagairt ar Theagmhais i ngníomh • Cuirfear an fhoireann iomchuí de chuid NPWS, IFI agus de chuid an údaráis áitiúil ar an eolas láithreach • Beidh sé de dhualgas ar an gConraitheoir gníomh láithreach a ghlacadh chun foinse an sceite a aimsiú, gníomh ceartaitheach a dhéanamh láithreach chun scaoileadh a chosc agus bearta a fheidhmiú chun a chinntiú nach dtarlódh sceitheadh den sort sin arís • Ní chuirfear tús an athuair le hoibreacha, sa chás gur stopadh iad, go dtí go mbeidh bearta ceartaitheacha cuí ann chun nach dtarlódh a leithéid arís. Beidh na bearta sin comhaontaithe idir an SEM tar éis dul i gcomhairle leis an NPWS agus an IFI • Ní chuirfear tús an athuair le hoibreacha agus/nó sceitheadh ó na hoibreacha go dtí go bhfaighfear cead i scríbhinn ón SEM • Sa chás go mbreithníonn an SEM go bhfuil baol ard ann go scaoilfear dríodar mar thoradh ar ghníomhaíocht tógála ar leith, beidh air/uirthi an Conraitheoir a chur ar an eolas agus gníomh cosanta a lorg sula gcuirfear tús leis an ngníomhaíocht tógála sin. Tabharfar cumhachtaí don SEM faoin gconradh a bheidh dóthanach chun go mbeidh na treoracha sin eisithe agus curtha i bhfeidhm.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
11.5	C/O	<p>Caithfear monatóireacht a dhéanamh ar Cháilíocht an Uisce sula dtosóidh an tógáil, le linn na tógála agus i ndiaidh na tógála. Cuirfear tús le sampláil cáilíochta uisce bonnlíne ar a laghad 6 mhí sula dtosófar ag tógáil agus tabharfar chun críche iad ar a laghad 3 mhí tar éis oibriú iomlán ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar an tionchar iarmharach féideartha. Áireofar monatóireacht moirtiúlachta sna sruthchúrsaí leochaileacha le sruth ó na bealaí trasnaithe ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Déanfaidh an t-údarás áitiúil moltaí maidir le gach paraiméadar cáilíochta uisce a bheidh le measúnú, an idirthréimhse samplála agus na hionaid. Mar sin féin, mar íosriachtanas, déanfar anailís cáilíochta uisce go míosúil ó ar a laghad pointe samplála amháin suas an abhainn agus pointe samplála eile le sruth ag gach sruth éalaithe uisce tógála agus pointe trasnaithe uisce dromchla. Sa bhreis air sin, comhlíonfar monatóireacht moirtiúlachta go laethúil. Athbhreithneoidh Foireann Monatóireachta Láithreáin an Fhostóra na tuarascálacha seachtainiúla chun cáilíocht uisce a sheiceáil ag na sruthchúrsaí glactha.</p>
11.6	C	<p>Tá cuntas sa mhéid seo a leanas ar na príomhthiomantais chomhshaoil a fhorordófar le haghaidh na céime tógála d'fhonn gach dobharcheantar, sruthchúrsa agus limistéir faoi chosaint éiceolaíoch a chosaint ó thionchair dhíreacha agus indíreacha:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Caithfear gach limistéar compúin tógála a leagan ar thalamh tirim agus a bheith suite siar ó chainéil abhann agus srutháin agus amuigh as limistéir tuilemhá. I measc na limistéar tuilemhá tá Criosanna Riosca Tuilte A agus B agus dá bhrí sin ní mór do gach limistéar compúin tógála a bheith ar thailte os cionn leibhéal tuilte na tréimhse athfhillte 1000 bliain • Ní dhéanfar stóráil ar olaí, breosla, ceimiceáin, sreabháin hidrálacha, etc. laistigh de 100m d'Abhainn na Gaillimhe nó laistigh de Limistéar Tuilemhá mar atá sainithe thuas • Déanfar uisce dromchla a ritheann isteach i limistéar na tógála a íoslaghdú trí bheirmeacha sealadacha a sholáthar, cainéil atreoraithe agus díoga gearrtha, nuair is iomchuí • Déanfar bainistiú ar stoc-chairn d'ábhar iomarcach chun sioltachán chórais sruthchúrsaí a chosc trí rith chun srutha i rith stoirmeacha báistí. Leis sin d'fhéadfaí fásra a bhunú ar an ithir nochta agus uisce rith chun srutha a atreorú anuas de na stoc-chairn sin ar na linnte síothlaithe tógála agus stoc-charnadh ábhair gar do shruthchúrsaí leochaileacha a chosc • I gcás ina ndéantar oibreacha tógála cóngarach do thurlaigh, eanaigh, cainéil srutháin agus abhann agus lochanna, déanfar cosaint ar dhobharlaigh den sórt sin trí ualach siolta trí limistéir maolánacha féir caomhnaithe, fálta adhmaid le fálta siolta nó beirmeacha cré. Soláthróidh na bearta sin cóireáil imleor ar uiscí rith chun srutha ó láithreán tógála sula sroictear na sruthchúrsaí • Úsáid as linnte síothlaithe, baic shiolta agus bundaí agus gníomhaíochtaí tógála laistigh de shruthchúrsaí a íoslaghdú. Nuair a bheidh an t-uisce le pumpáil, úsáidfear scagairí ag pointí iontógála agus déanfar an scaoileadh trí ghaiste dríodair nó sedi-mat • Cuirfear fál ar gach sruthchúrsa atá i limistéir thalún a úsáidfear i gcomhair comhshuí láithreáin/saoráidí stórála ag achar 5m ar a laghad. Ina theannta sin, cuirfear bearta i bhfeidhm lena chinntiú nach dtéann rith uisce dromchla éillithe nó siolt ualaithe isteach díreach sa sruthchúrsa. Ní thógfear compúin ar thailte atá ainmnithe mar Chrios Tuilte A nó B de réir Threoirlínte An Chórais Pleanála

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
		<p>agus Bainistíocht Riosca Tuilte de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (Samhain 2009). Ní cheadófar compúin láithreáin i Láithreáin</p> <ul style="list-style-type: none"> • Eorpacha (i.e. cSAC Loch Coirib) • Cuirfear bearta cosanta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gach hidreacarbón a úsáid i rith chéim na tógála a láimhseáil, a stóráil agus a dhiúscairt go hiomchuí de réir cháipéisí TII “Treoirlínte chun sruthchúrsaí a thrasnú nuair atá Scéimeanna Bóthair Náisiúnta a dtógáil”. Coinneofar gach suíomh líonta breosla agus ceimiceach laistigh de limistéir bhundaithe agus leagfar siar iad 10m ar a laghad ó shruthchúrsaí agus limistéir thuilemhá • Déanfar draenáil bhréan ó gach oifig láithreáin agus saoráidí tógála a choimeád agus a dhiúscairt ar bhealach iomchuí chun truailliú a chosc • Déanfar cóireáil ar an scaoileadh ón tógáil ar bhealach a fhágfaidh nach laghdóidh sé caighdeán cháilíocht chomhshaoil na sruthchúrsaí glactha • Cuirfear fálú ar fhásra bruachánach feadh sruthchúrsaí leochaileacha a aithneofar chun crios maolánach a sholáthar lena chosaint a bheidh 5m ar a laghad ó bhaile ach amháin pointí trasnaithe atá beartaithe • Déanfar úsáid agus bainistiú coincreíte i sruthchúrsaí nó gar dóibh a rialú go cúramach chun doirteadh a sheachaint. I gcás ina mbeartaítear baisceáil ar an láithreán, déanfar an ghníomhaíocht sin i bhfad ar shiúl ó shruthchúrsaí. Ní dhéanfar an tuilescrios ó phlandaí measctha den sórt sin ach amháin i limistéar neamh-thréscaoilteach coimeádta ainmnithe <p>Ní mór gach limistéar sil-leagain ábhar a bheith bundaithe go leordhóthanach agus a bheith roinnte ina ndeighleoga ar bhealach a rialaíonn i gceart an t-uisce báistí ó na saoráidí sin agus go ndéantar cóireáil air sula sroicheann sé na sruthchúrsaí dromchla glactha. Tá na ceanglais maidir le rialú dríodair leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Rialaithe Dríodair, Creimthe agus Truaillithe den CEMP (tagair do Aguisín A.7.5)</p>
11.7	O	<p>Tá cur síos mar seo a leanas déanta ar na bearta maolaithe um fhaoiseamh tuile chun riosca tuile na forbartha bóthair atá beartaithe a dhíothú ar Bhóthar Thuama an N83 agus chun an riosca tuile atá ann sa limistéar seo a laghdú (féach freisin Fíor 11.6 agus Tábla 11.41 de Chaibidil 10, Hidreolaíocht):</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear cosc ar an gcuid uasghrádaithe de Bhóthar Thuama an N83 ó dhoirteadh ó thuaidh isteach i gcabhsáin tithé atá i mbaol tuilte cheana féin trí: <ul style="list-style-type: none"> ○ Líonra draenála bóthair éifeachtach a uasghrádú agus a sholáthar feadh Bhóthar Thuama an N83 mar atá ar feadh 780m ○ Draein idircheaptha a sholáthar chun an rith chun srutha tapa ó fhána an chnoic a thabhairt leis ón oirdheisceart ag sroicheadh Bóthar Thuama an N83 ○ Soláthar d’insíothlú an draein idircheaptha seo le haghaidh na stoirmeacha báistí nach mbíonn chomh trom ○ An draein idircheaptha sin a nascadh leis an stóráil cúiteach tuilte atá beartaithe • An stóras tuilte a chailltear a chúiteamh trí stóráil chúitimh 8,030m³ i bhfoirm linn stórála saorga dronuilleach tochailte a sholáthar. Beidh airde an bhoinn ag 16 OD agus an airde leibhéal uisce le dearadh ard de 17.5m OD • An stóras cúitimh sin a cheangal leis an limistéar stórála tuilte

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
		<p>nádúrtha íseal atá lonnaithe siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ionas go mbeidh an dá limistéar stórála nasctha ar bhonn hiodrálach trí thóchair</p> <ul style="list-style-type: none"> Soláthar a dhéanamh i gcomhair stáisiún buan pumpála agus an príomhlíonra a ardú ón tsaoráid stórála bia cúitimh atá beartaithe le scaoileadh chuig an séarach stoirme reatha le uas-toilleadh pumpála 250l/s
11.8	O	<p>Déan tagairt freisin do Thábla 11.41 i gCaibidil 11, Hidreolaíocht ina dtugtar cuntas ar na toirteanna stórála atá riachtanach don dobharcheantar le haghaidh raon tréimhsí athfhillte agus imeachtaí fad.</p> <p>Is ionann an stóras tuilte riachtanach, le ráta pumpála de 0.25cumeac (i.e. 250l/s) ón linn stórála saorga, agus 20,700m³ le haghaidh an imeachta 100 bliain rud a mhéadaítear tuilleadh go 24,800m³ chun 20% athrú aeráide a chur san áireamh.</p> <p>Is éard atá sa stóras atá ar fáil a sholáthraítear sa linn stórála saorga ag barrleibhéal uisce de 17.5m OD ná stóras cúitimh de 8,030m³ agus tugann an stóras nádúrtha eile (leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe) a thugtar de 18,470m³ stóras tuilte iomlán ar fáil de 26,500m³, ar leor é chun an stóras riachtanas a chomhlíonadh agus a sháru.</p>
11.9	O	<p>Chun an riosca tuile iarmharach a bhaineann le blocáil tóchar faoisimh tuile agus sócmhainní draenála lena mbaineann a íoslaghdú, déanfar cigireacht rialta (míosúil) a dhéanamh ar shaoráidí Faoisimh Tuile an N83 lena chinntiú go bhfuil an córas ag obair i gceart agus go bhfuil sé ag feidhmiú de réir mar a dearadh é.</p>
11.10	Ú	<p>I rith chéim na tógála agus chéim na húsáide, leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de chomhairle a dhéanamh le hUisce Éireann agus d'eolas a chur ar fáil maidir le caighdeán an uisce agus baol éilliúcháin i ndáil le foinse soláthair an uisce óil</p>

21.13 Bithéagsúlacht

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
Ginearálta		
8.1	C/O	Is é/i an Conraitheoir a fheidhmeoidh gach beart laistigh den chuid seo faoi mhaoirseacht mhaoirseoir an Éiceolaí Tionscadail (fostaithe ag an bhFostóir) agus/nó an Cléireach Éiceolaíochta Oibre (fostaithe ag an gConraitheoir).
8.69	C/O	<p>Cinnteoideh Comhairle Chontae na Gaillimhe (CCG) go mbaintear leas as torthaí na monatóireachta maidir le clár maolúcháin fadtéarmach éiceolaíochta a leagan amach agus le haon bheart coigeartaithe is gá a dhéanamh go tráthúil. An fhaid a bhíonn an obair thógála ar bun, beidh cúram na monatóireachta, agus an cúram maidir le haon bheart coigeartaithe is gá a dhéanamh, ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe. I rith ré na húsáide, fostóidh CCG conraitheoir oiriúnach maidir le seirbhísí monatóireachta a chur ar fáil i ndáil leis na bearta maolúcháin éiceolaíochta go dtagann deireadh ré an togra. Déanfar gach beart riachtanach a bhaineann le hábhar, de réir mar a leagtar amach i Sceideal na nGealltanais Timpeallachta, maidir leis na bearta monatóireachta agus na bearta maolúcháin i ndáil le cúrsaí éiceolaíochta a choinneáil ar bun i</p>

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
		<p>rith ré an togra, a lua mar choinníollacha sa chonradh (sna conarthaí) a cheanglaítear leis an gconraitheoir a cheaptar. Cinnteoidh CCG go ndéantar soláthar sa chonradh (sna conarthaí) a cheanglaítear leis an gconraitheoir a cheaptar do bheart coigeartaithe a dhéanamh má tharlaíonn nach den éifeacht aon ghné de na bearta maolúcháin agus monatóireachta éiceolaíochta ar a gcur i bhfeidhm. Tabharfar san áireamh leis na forálacha ina leith sin coinníoll maidir le hathbhreithniú á dhéanamh ag saineolaí éiceolaíochta/ bithéagsúlachta, oilte mar is cuí, ar éifeachtúlacht aon bheart coigeartaithe is gá a dhéanamh.</p>
8.70	C/O	<ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear córas mapála GIS le chéile a ligfidh don Éiceolaí Tionscadail tuairisc a choinneáil ar dhul chun cinn na hoibre, ar a tabhairt chun críche agus ar an monatóireacht i ndáil leis na bearta maolúcháin éiceolaíochta • Déanfar, ag deireadh gach mí, aon ábhar mapála a bhaineann leis na bearta maolúcháin éiceolaíochta, lena n-áirítear torthaí suirbhéireachta roimh thosú ar an obair thógála (e.g. ionaid ina bhfuil brocacha), a chur ar fáil ar láithreán gréasáin ar leith an togra. Chomh maith leis sin, déanfar ag ceann gach mí, aon tuairisc maidir leis an mhonatóireacht éiceolaíochta a chur ar fáil láithreán gréasáin ar leith an togra • Chomh maith lena luaitear thuas, beidh na tuairiscí monatóireachta ar chúrsaí éiceolaíochta á gcur faoi bhráid an Údaráis Phleanála agus cóipeanna á seoladh chuig an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra • Chomh maith le córas 'cead oibre' a bheith i bhfeidhm, cuireadh an tÉiceolaí Tionscadail síniú le tuairisc ar na bearta a bheith curtha i gcrích i gceart agus ag feidhmiú mar ba chóir, sa chás gur in ionad atá leochaileach ó thaobh cúrsaí éiceolaíochta atá obair á déanamh agus/nó gur bearta iad a d'fhéadfadh cur isteach ar chúrsaí éiceolaíochta go furasta, nithe lena dtabharfaí san áireamh na cineálacha seo a leanas, cé nach liosta uilechuimsitheach seo: <ul style="list-style-type: none"> ○ obair lena mbaineann fásra a ghlanadh/suíomh a ghlanadh ○ obair lena mbaineann sconsaí súimh a chur suas ○ obair i Limistéar cSAC Loch Coirib nó cóngarach dó, ○ obair i sruthchúrsa nó cóngarach d'aon sruthchúrsa ○ obair in ionad aitheanta goir, scíthe nó codladh geimhridh ag speiceas ar bith a thagann faoi chosaint na Rialachán maidir le hÉin agus Gnáthóga 2011 nó an Achta um Fhiadhúlra, go háirithe an ialtóg agus an broc nó obair cóngarach d'ionad dá leithéid ○ obair i limistéar ina bhfuil molta bearta maolúcháin a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear cruthú/maolú gnáthóige nó boscaí neide agus boscaí ialtóg a chur ar fáil) ○ obair ar shuíomhanna sonraithe deontóireachta nó gabhdóireachta maidir le réimsí gnáthóige a chruthú, nó cóngarach do na suíomhanna sin, go dtí go mbíonn gach ábhar deontóireachta atá de dhíth ar na suíomhanna gabhdóireachta tugtha chun bealaigh • An tráth a mbíonn bearta maolúcháin éiceolaíochta curtha i bhfeidhm nó foirgníocht déanta ina leith, seolfar comhaid mhapála maidir leis na hionaid deiridh chuig an Éiceolaí Tionscadail le cur le córas GIS agus le córas pleanála an Údaráis Áitiúil • Bheadh ualach mór i gceist le córas mapála idirghníomhaíochta nó comhuaineach/beo a chur ar fáil agus le bainistíocht a dhéanamh ar a leithéid. Ní mheastar gur gá ná gur cuí córas den sórt sin a chur ar fáil i bhfianaise a bhfuil beartaithe thuas agus go dtabharfar an fheidhm chéanna, an chuspóir chéanna agus na torthaí céanna i gcrích leo sin agus a thabharfaí le córas mapála comhuaineach/beo

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
8.71	C	Coinneofar blocanna a thochlaítear den phábháil aolchloiche le hathúsáid maidir le bearta ginearálta fiadhúlra agus cruthú gnáthóige ar na réimsí talún sin le bruach thoir Abhainn na Gaillimhe i Mionlach a bhfuil beartaithe caomhnú, feabhsú agus cruthú gnáthóige a dhéanamh orthu.
Limistéir Ainmnithe do Chaomhnú an Dúlra		
8.2	C/O	<p>Tá bearta sna tiomantais chomhshaoil atá de dhíth lena chinntiú nach mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na láithreáin Eorpacha laistigh dá Chríos Tionchair (cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe) chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> An caillteanas gnáthóige a íoslághdú in cSAC Loch Coirib agus chun caillteanas ghnáthóg QI a sheachaint laistigh de cSAC Loch Coirib (tagair don chuid ar ghnáthóga thíos) sláine struchtúrach na maischarraige a thacaíonn le gnáthóga QI in cSAC Loch Coirib a chothabháil i rith thógáil Thollán Leacaigh atá beartaithe (agus a bhealach isteach thiar) (tagair do thiomantais comhshaoil 9.9, 9.11 go 8.17) díghrádú gnáthóige a sheachaint in cSAC Loch Coirib mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíoch a féideartha i rith na tógála agus oibre (tagair don Chuid ar Hidrigeolaíocht) cáilíocht an uisce a chosaint i sruthchúrsaí glactha i rith na tógála (tagair don Chuid ar Hidreolaíocht) astaíochtaí deannaigh a rialú i rith na tógála chun tionchair ar fhásra in cSAC Loch Coirib a chosc (tagairt don chuid Cáilíocht an Aeir agus Aeráid) go seachnófar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach nó a scaipeadh i láithreáin Eorpacha i rith na tógála nó oibre éifeachtaí chur isteach/díláithriú pléasctha ar éin gheimhrithe a úsáideann Loch Bhaile an Dúlraigh a sheachaint/laghdú (Tagairt don chuid ar éin gheimhrithe thíos) ionas nach gcuirfidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe srian ar ghluaiseacht an mhadra uisce laistigh de dhobharcheantar Shruthán Bhearna (Tagairt don chuid ar an Madra Uisce thíos) bás speicis LC cSAC Loch Coirib a sheachaint. Áirítear orthu sin bearta lena chinntiú nach dtabharfar ábhair thógála isteach in Abhainn na Gaillimhe agus chun an baol go marófaí/go ngortófaí Madraí Uisce mar gheall ar imbhuailtí leis an trácht bóithre a bhaint (Tagairt don chuid ar an Madra Uisce thíos).

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
8.3	C/O	<p>Seo a leanas na gealltanais timpeallachta atá riachtanach maidir lena chinntiú nach gcuireann an fhorbairt ar an mbóthar beartaithe isteach go mór ar Cheantar Oidhreachta Náisiúnta Phortaigh Mhaigh Cuilinn:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tionchar maidir le cur isteach/d'fírt a sheachaint/mhaolú i ndáil le tionchar bleaisteála ar éin geimhridh a thaobhaíonn Loch Bhaile an Dúlaigh (Féach an t-ábhar maidir le héin geimhridh thíos).² • Bearta smachta maidir le hastaíocht deannaigh agus an obair thógála ar bun ionas go seachnaítear cur isteach ar fhásra/gnáthóga i dTóin na Brocaí i gCeantar Oidhreachta Náisiúnta Phortaigh Mhaigh Cuilinn – féach an t-ábhar maidir le Caighdeán an Aeir agus Cúrsaí Aeráide thíos. Tugtar san áireamh bearta de leithéid spraeáil a dhéanamh ar oibreacha créfoirt faoin aer agus ar bhóithre ar a mbeifí ag tarraingt chuig nó ón suíomh nuair atá an aimsir tirim, níochán rothaí, smacht ar luas feithiclí ar an suíomh, glanadh an bhóthair agus scaileáin dusta. • Bearta d'fhonn speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach nó a scaipeadh i gCeantar Oidhreachta Náisiúnta Phortaigh Mhaigh Cuilinn a sheachain i rith chéim na tógála nó chéim na húsáide. Leagtar na bearta sin amach go mion sa Phlean Bainistíochta maidir le Speicis Ionracha Neamhdhúchasacha atá ina chuid den CEMP in Aguisín A.7.5. • Bearta smachta maidir le huisce dromchla ag rith le sruth ón suíomh tógála ionas go seachnaítear aon éilliú de thimpiste a chuirfeadh isteach ar ghnáthóga portaigh i dTóin na Brocaí i gCeantar Oidhreachta Náisiúnta Phortaigh Mhaigh Cuilinn – féach an t-ábhar maidir le cúrsaí Hidreolaíochta thíos. • Sa chás, ní nach dócha, go dtagtar trasna ar chonairí suntasacha srutha (éasc-chriosanna nó brischríosanna) i mBatailit Eibhir na Gaillimhe i rith chéim na tógála, cuirfear na bearta i bhfeidhm a leagtar amach sa Phrótaicail Carst atá ina chuid den CEMP in Aguisín A.7.5 leis an TMTT agus in Aguisín C leis an RTN.
Gnáthóga		
8.4	C	Chun caillteanas ghnáthóg Iarscríbhinn I a íoslaghdu, déanfar limistéir de na cineálacha gnáthóige seo laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ach nach dteastaíonn chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a choimeád agus cuirfear fála timpeall orthu fad is a ghabhfaidh an tógáil ar aghaidh. Tá siad sin taispeánta ar Fhíoracha 8.23.1 go 8.23.14 .
8.5	C	Chun an caillteanas gnáthóige a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a íoslaghdu, tá limistéir laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe freisin atá áirithe i gcomhair plandú maolaithe san áit nach dtabharfar faoi oibreacha tógála. Tá siad sin taispeánta ar Fhíoracha 8.23.1 go 8.23.14 .
8.6	C	Bainfear leas as limistéar oibre íosta a éascóidh le struchtúir tacaíochta a bhaineann le Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe a thógáil. Déanfar an limistéar oibre íosta sin a mharcáil amach agus cuirfear fál timpeall air sula gcuirfear tús leis na hoibreacha agus cothabhálfar é le linn don chlár tógála a bheith ar siúl. Ní dhéanfar aon oibreacha ar thógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib lasmuigh den chríos sin.

² ² Tá líne curtha tríd an ngealltanais seo ó tharla go bhfuil sé san áireamh cheana féin i gCaibidil 21(Gealltanais Uimh. 8.2)

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
8.7	C	Nuair is féidir, coinneofar coillearnach, scrobarnach, crannteorainneacha agus fála sceach a luíonn laistigh, nó feadh teorainn na forbartha bóthair atá beartaithe, nach mbeidh tionchar díreach ag an ailíniú bóthair nó ag an draenáil atá beartaithe orthu. Tabharfar cosaint do na limistéir sin fad is a mhairfidh na hoibreacha tógála agus cuirfear fál nó claí orthu ag fad oiriúnach. Tá an fásra atá le coimeád taispeánta ar Fhíoracha 8.23.1 go 8.23.14 agus Fíoracha 12.2.01 go 12.2.14 (dearadh tírdhreacha).
8.9	C	Déanfar an Fuarán clochraithe atá i gCairéal Leacaigh, a luíonn c.25m ó thuaidh de phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe ag Ch. 11+400, a choimeád agus ní úsáidfeadh rois-choinchréit ³ mar chuid de na bearta cobhsaithe ar aghaidh an chairéil ag suíomh an fhuaráin.
8.10	C	Aon fhásra a choinneofar (lena n-áirítear crainn, fála sceach nó scrobarnach in aice le teorainn na forbartha bóthair atá beartaithe, nó laistigh de) tabharfar dóthain cosanta dó i rith chéim na tógála de réir na dTreoirínte um Chosaint agus Chaomhnú Crann, Fála agus Scrobarnach Roimh, Le Linn agus Tar Éis Scéimeanna Bóthair Náisiúnta a Thógáil (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006), mar seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Cuirfear claí timpeall ar na crainn go léir feadh teorainn na forbartha bóthair atá beartaithe atá le coimeád, laistigh agus cóngarach do teorainn na forbartha bóthair atá beartaithe (áit a síneann limistéar cosanta fréamhacha an chrainn isteach i teorainn na forbartha bóthair atá beartaithe) agus déanfar é sin ag tús na noibreacha agus fad is a rachaidh an obair thógála ar aghaidh chun damáiste struchtúrach do thamhan, géaga nó córais fréamhacha na gcrann a sheachaint. Tógfar fál sealadach sách fada ón gcrann a bheidh mar imfhálú do Limistéar Cosanta Fréamhacha an chrainn. Saineofar an Limistéar Cosanta Fréamhacha bunaithe ar mholadh a thabharfaidh cranneolaí cáilithe. • Nuair nach féidir fál a chur suas de bharr easpa spáis, tabharfar cosaint don chrann/fál sceach trí sacádach heiseáin (nó rud éigin cosúil leis) a chur timpeall tamhan an chrainn agus adhmaid maolánach téagartha a fháisceadh timpeall air • Ní úsáidfeadh an limistéar laistigh den RPA chun feithiclí a pháirceáil ann nó chun ábhair a stóráil ann (lena n-áirítear ithreacha, olaí agus ceimiceáin). Ní dhéanfar ábhair ghuaiseacha (e.g. hidreacarbóin) nó limistéir níocháin coinchréite a stóráil laistigh de 10m d'aon chrainn, fála sceach agus crannteorainneacha a bheidh coimeáda: <ul style="list-style-type: none"> ○ Déanfaidh cranneolaí cáilithe measúnú ar riocht na gcrann, agus tabharfaidh comhairle maidir le haon oibreacha deisiúcháin a bheidh riachtanach ar aon chrainn a bheidh le coimeád nó a luíonn lasmuigh de teorainn na forbartha bóthair atá beartaithe ach a mbeidh tionchar ag na hoibreacha ar a RPA. Déanfaidh cranneolaí cáilithe aon oibreacha leasacháin a theastaíonn ○ Coinneofar crios maolánach 5m ar a laghad idir na hoibreacha tógála agus fála sceach coinnithe lena chinntiú nach ndéantar damáiste do phointí cosanta na bhfréamhacha
8.11	C	Cuirfear an straitéis maolaithe a bhfuil cuntas air sa Phlean Bainistíochta Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach áirithe sa CEMP (féach Aguisín A.7.5) i bhfeidhm a ndóthain i bhfad sula dtosóidh na hoibreacha tógála atá beartaithe ionas go mbeidh am ann chun gach

³ Táirge coinchréite a spraeáiltear ag ard-treoluas isteach in éadan carraige mar chomhpháirt struchtúrach/chobhsaíochta.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
		daonra de sprioc-speicis ionracha neamhdhúchasacha a rialú laistigh de Chríos Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe, agus aird ar uainiú/srianta séasúracha sonracha a bhaineann le gach speiceas aonair.
8.12	C	Cuimseofar réamhshuirbhé réamhthógála laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe i gcur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach. De réir threoir an Údaráis um Bóithre Náisiúnta áireofar leis an suirbhé sin léarscáiliú cruinn ar scála 1:5,000 do shuíomh beacht na speiceas planda ionrach neamhdhúchasach. Déanfaidh saineolaithe oiriúnacha a bheidh ábalta na speicis a bheidh i gceist a aithint na suirbhéanna réamhthógála.
8.13	C	De réir <i>Guidelines on the Management of Noxious Weeds and Non-native Invasive Plant Species on National Roads</i> (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2010), i gcás go dtiocfadh ábhar fiailí díobhálacha nó speicis plandaí ionracha coimhthíocha gearrtha, tarraingthe nó lomtha chun cinn, ní bheidh tuilleadh baoil go leathfar na plandaí mar thoradh ar a ndiúscairt. Beifear cúramach gar do shruthchúrsaí toisc go scaipeann blúiríní agus síolta plandaí go tapa in uisce. Déanfar diúscairt ar ábhar ina bhfuil cinn bláthanna nó síolta trí mhúirín nó é a chur ag doimhneacht nach lú ná 0.5m i gcás salachair díobhálach, nó trína lasadh (ag saoráid cheadúnaithe agus aird ar reachtaíocht ábhartha) nó trína dhiúscairt chuig líonadh talún ceadúnaithe i gcás speiceas plandaí ionrach neamhdhúchasach.
8.14	C	Níl socfhréamhacha copóg agus fréamhacha feochadán reatha oiriúnach i gcomhair múirín ná ní féidir iad a chur tanaí, agus caitear iad a dhiúscairt i líonadh talún, iad a lasadh nó a chur ag doimhneacht nach lú ná 1.5m (rud nach bhfuil indéanta ach amháin i rith chéim na tógála). I gcás go ndéantar Glúineach bhiorach a chur i dtalamh lena dhiúscairt, cuirfear an t-ábhar ag doimhneacht 5m agus leagfar scannán geoiteicstíle oiriúnach os a chionn. Déanfar an diúscairt go léir de réir na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 - 2011.
8.15	C	Maidir le speicis ionracha neamhdhúchasacha uisceacha cloífidh na hoibreacha tógála go léir, agus aon obair suirbhéireachta uisce a dhéanfar (e.g. leictriascaireacht), le prótacail bithshlándála dea- chleachtais d'obair uisceach – mar shampla Prótacal Bithshlándála IFI d'Obair Suirbhéireachta Allamuigh (IFI, 2010).
8.16	O	Déanfar limistéir ghnáthóga Iarscríbhinn I laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe atá sainaitheanta mar chinn a bheidh coimeáda agus fálaíthe le linn thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe a sheachaint le linn na céime oibriúcháin chomh maith.
8.1 8 ⁷	C/O	Ní chuirfear aon fhálú in airde laistigh de ghnáthóga Iarscríbhinn I atá lonnaithe laistigh de cSAC Loch Coirib.
8.1 9 ⁸	C/O	Déanfar réimsí cúitimh gnáthóige a chruthú, chomh maith le bainistíocht agus monatóireacht ina leith, faoi mar a leagtar amach sa Phlean Bainistíochta maidir le Gnáthóg Cúitimh in Aguisín A.8.26 agus léirítear ionad na suíomhanna deontóireachta agus na suíomhanna gabhdóireachta i bhFíoracha 1-9 in Aguisín A.21.3 le Sceideal seo na nGealltanas Breise Timpeallachta (is iad na fíoracha sin na fíoracha leasuithe críochnúla, arna leasú ó na fíoracha mar atá in A.8.26 sa TMTT agus na fíoracha in Aguisín B le Ráiteas Fianaise Aebhín Cawley faoi chúrsaí Bithéagsúlachta agus an TMTT).
8.19	C	I bhfianaise athruithe ar an timpeallacht bonnlíne, is cáipéisí reatha na Pleananna Bainistíochta maidir le Gnáthóg Cúitimh a leagtar amach in A.8.26 leis an TMTT a mbeidh gá le leasú orthu ag an gconraitheoir a cheaptar de réir suirbhéireacht a dhéanfar roimh an obair thógála. Déanfaidh an conraitheoir Pleananna Bainistíochta Éiceolaíochta don

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
		<p>Suíomh a ullmhú sula dtosaítear ar an obair, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Aguisín A.8.26 leis an TMTT.</p> <p>Chomh maith leis sin, luafar go sonrach mar dhlúthchuid de na Pleananna Bainistíochta Éiceolaíochta don Suíomh na bearta seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ábhar ithreach agus plandaí (scraitheanna san áireamh) as gach suíomh deontóireachta 4030 an príomh-mhodh oibre maidir le gnáthóg den chineál Móinteach tirim a aistriú agus a chruthú. Leagtar amach ionad gach ceann de na suíomhanna deontóireachta agus gabhdóireachta 4030 san Aguisín le Sceideal seo na nGealltanas Timpeallachta. • Déanfar monatóireacht gach trí seachtaine ón tráth a leagtar na scraitheanna ar na suíomhanna gabhdóireachta agus gach uair a dtarlaíonn báisteach throm go dtí go mbíonn an Móinteach tirim buancheaptha agus cuirfear plean cóiriúcháin coigeartaithe i bhfeidhm más é atá le sonrú ar an bhfianaise nach dea-thoradh a bhí ar an mbeartaíocht. • Cuirfear doimhneacht ar a laghad 100m d'ithir/scraith aistrithe ar fáil i ngach suíomh gabhdóireachta 4030. • Beidh an leibhéal pH maidir leis an tsraith uachtarach 400mm ábhair i limistéir sil-leagain ábhair, faoi bhun 6.5 má tá sin ag teacht díreach faoi réimse ina bhfuil beartaithe gnáthóg den chineál Móinteach tirim a chruthú. • Is é an modh is fearr maidir le haistriú gnáthóige scraitheanna agus ithir/móin a aistriú go díreach ó shuíomh deontóireachta go dtí suíomh gabhdóireachta. Dá ainneoin sin, ní móide go bhféadfadh na céimeanna éagsúla a bhaineann leis an obair thógála gur féidir sin a dhéanamh i ngach cás. Nuair nach féidir scraitheanna a aistriú go dtí an suíomh gabhdóireachta go díreach, déanfar iad a láimhseáil agus a stóráil de réir an sárnós oibre mar a thuairiscítear agus cásanna staidéir iontaofa maidir le scraitheanna portaigh a aistriú, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> ○ Cinntiú go mbíonn na scraitheanna chomh mór agus is féidir maidir le fairsinge agus doimhne ○ Más gá, úsáid a bhaint as buicéid tochtaltóra a cheaptar go speisialta don chúram ○ Úsáid a bhaint as feithiclí atá éadrom ar an talamh maidir leis an scraith a bhaint, go háirithe ar shuíomhanna deontóireachta de na cineálacha is fliche, mar shampla suíomhanna deontóireachta de chineálacha 4010 agus *7130, agus oibriú ar mhataí portaigh más gá sin ○ An t-achar ama is giorra is féidir a bheith i gceist maidir le scraitheanna a stóráil agus iad a leagan ag na suíomhanna gabhdóireachta a luaithe is féidir ○ Scraitheanna a stóráil in aon tsraith amháin ionas nach dtarlaíonn brú agus go gcaomhnaítear an struchtúr nádúrtha ○ Scraitheanna a stóráil ar dhromchla cothrom agus iad a leagan anuas ar scannán geoiteicstíle, ar mhataí portaigh nó ar a leithéid ○ Uisciú rialta (le huisce báistí) agus monatóireacht ar na scraitheanna an fhaid a bhíonn siad á stóráil ○ Scraitheanna a stóráil buailte ar a chéile (i.e. gan bearnaí

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
		<ul style="list-style-type: none"> ○ eatarthu) ionas nach dtriomaíonn siad leis an gcorr agus sconsaí dríodair nó scannán geoiteicstíle a úsáid más gá le corr ingearach ar bith den sraith a bheadh leis ● I gcás roinnt de na suíomhanna gabhdóireachta maidir le móinteach tirim, d'fhéadfadh cineál an fhásra eiricigh, éadoimhne na hithreach agus eibhear lom a fhágáil gur deacair scaitheanna neamhscartha. I gcásanna den chineál sin, d'fhéadfadh gur chabhair an fásra eiriceach a ghearradh (agus an t-ábhar gearrtha a choinneáil le húsáid mar bhruscán agus mar ábhar síl a chuideodh le hathchothú an fhásra sna suíomhanna gabhdóireachta) maidir le scaitheanna gan stróiceadh a bhaint. Sa chás nach féidir scaitheanna fairsinge a bhaint in áiteanna den sórt sin, beidh fiúntas i gcónaí le hábhar na scaithe (ina mbeadh meascán créafóige, fréamhacha, síolta agus eile) le húsáid mar ábhar ithreach le haistriú go dtí na suíomhanna gabhdóireachta ● Ar an gcuma chéanna, sa chás nach féidir ithir/móin a aistriú díreach go dtí suíomhanna gabhdóireachta, déanfar a láimhseáil agus a stóráil mar seo a leanas ionas go gcinntítear a caomhnú: <ul style="list-style-type: none"> ○ Úsáid a bhaint as feithiclí atá éadrom ar an talamh maidir leis an ithir a thabhairt chun bealaigh, go háirithe ar shuíomhanna deontóireachta de na cineálacha is fliche, mar shampla suíomhanna deontóireachta de chineálacha 4010 agus *7130, agus oibriú ar mhataí portaigh más gá sin ○ Déanfar ithir fhliuch mhóinteach (e.g. mar is dócha a theacht as suíomhanna deontóireachta de chineálacha 4010 agus *7130) a iompar i leoraithe dúnta ionas go seachnaítear móin fhliuch a chailleadh ar an mbealach ○ An t-achar ama is giorra is féidir a bheith i gceist maidir le hithir/móin a stóráil agus iad a leagan ag na suíomhanna gabhdóireachta a luaithe is féidir ○ Ithir/móin as suíomhanna deontóireachta a stóráil i réimsí faoi leith de na campúin tógála maidir leis an mbóthar beartaithe taobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe, le sraith geoiteicstíle fúithi agus gan airde is mó ná 1.5m léi ionas go seachnaítear comhdhlúthú ○ Déanfar scaitheanna as suíomhanna deontóireachta a leagan anuas ar réimsí stórála na hithreach/móna ionas go slánaítear agus go gcosnaítear í an fhaid atá sí á stóráil ● Cuirfear na scaitheanna taobh le taobh gan aon bhearna eatarthu. Sa chás gur gá sin, cosnófar suíomhanna gabhdóireachta ar chreimeadh agus spreagfar athchothú fásra ar na bealaí seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ○ Geochoighir (ar dhromchla réidh cothrom) nó geoishiúit (nuair atá fána i gceist) a úsáid ar réimsí loma ithreach, arna fheistiú le pionnaí cruach 0.5m nó a leithéid ○ Scotháin fraoigh, a chruinnítear ar shuíomhanna deontóireachta, a scaradh ar an ithir lom ○ Athchur síolta, le síolta (más féidir) a cruinníodh ar shuíomhanna deontóireachta sular baineadh scaitheanna/tugadh ithir chun bealaigh, nó, más gá, le síolta breise dúchasacha don mhóinteach tirim ó sholáthraí iontaofa de leithéid http://www.wildflowers.ie/. Sa chás go gcrúinnítear síolta ar shuíomhanna deontóireachta sula mbaintear

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
		<p>scraitheanna/dtugtar ithir chun bealaigh, déanfar iad a chruinniú tráth a mbíonn sé te tirim, ar a laghad séasúr</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ samhraidh/fómhair amháin roimh thús a chur leis an obair thógála. Go dtí go mbíonn siad ag teastáil lena gcur sna suíomhanna gabhdóireachta, stóráilfear na síolta sa chaoi is go gcinntítear go maireann siad slán. Bainfear úsáid astu sa mheascán síolta don phlandáil lá is faide anonn, an tráth oiriúnach den bhliain, ar na suíomhanna gabhdóireachta maidir le móinteach tirim. ○ An baol maidir le creimeadh nó éalú na hithreach/móna a aistríodh a mhaolú oiread is féidir: <ul style="list-style-type: none"> ○ An obair maidir le scraitheanna agus ithir/móin a aistriú agus a láimhseáil a dhéanamh nuair atá an aimsir tirim ○ Tabhairt faoin obair seo tráth a mbíonn sé tirim i dtús shéasúr an fháis (i.e. san earrach) ionas go gcothaítear bunús tréan faoi fhás na bplandaí sula dtagann an geimhreadh ○ Na bearta a chur i bhfeidhm a leagtar amach sa Phlean maidir le Dríodar, Creimeadh agus Éilliú a Smachtú (SEPCP) ina dtugtar cuntas a choimre ar chur i bhfeidhm na modhanna oibre agus na ngnás teicniúil ar mhaithe le smacht éifeachtúil ar dhríodar, ar chreimeadh agus ar éilliú, trí mhodhanna éagsúla seachadta a úsáid i rith chéim na tógála maidir leis an mbóthar atá beartaithe a fhorbairt, a chuirtear i láthair in Alt 8 sa CEMP in Aguisín A.7.5 leis an TMTT agus in Aguisín C leis an RTN ○ Déanfar ithir fhliuch mhóinteach (e.g. mar is dócha a theacht as suíomhanna deontóireachta de chineálacha 4010 agus *7130) a iompar i leoraithe dúnta ionas go seachnaítear móin fhliuch a chailleadh ar an mbealach ● Déanfar na bearta seo a leanas mar chuid den bheartaíocht maidir le haistriú gnáthóige agus cruthú gnáthóige ionas go gcinntítear go mbíonn bun maith faoin <i>Daboecia cantabrica</i> ar na suíomhanna gabhdóireachta maidir le móinteach tirim: <ul style="list-style-type: none"> ○ Cruinneofar síolta ó phlandaí aibí de chuid an <i>Daboecia cantabrica</i> ar na suíomhanna a bhfuil tuairisc orthu taobh istigh de theorainn na forbraíochta atá beartaithe, ó mhí Lúnasa/Meán Fómhair ar aghaidh (an bhliain sula gcuirtear tús leis an obair thógála), tráth a mbíonn an aimsir te tirim. Stóráilfear na síolta sa chaoi is go gcinntítear go maireann siad slán. Bainfear úsáid astu sa mheascán síolta don phlandáil lá is faide anonn, an tráth oiriúnach den bhliain, ar na suíomhanna gabhdóireachta maidir le móinteach tirim ○ Sa chás gur féidir scraitheanna ina bhfuil <i>Daboecia cantabrica</i> a aistriú ó shuíomhanna deontóireachta den chineál Móinteach tirim, bainfear na scraitheanna sa chaoi is go mbíonn gach cuid den <i>Daboecia cantabrica</i> i lár na scraithe ionas go gcinntítear dea-thoradh ar a n-aistriú ○ Déanfar an t-ábhar ithreach/móna ar fad as suíomhanna deontóireachta den chineál Móinteach tirim a aistriú lena leagan mar fhoshraith sna suíomhanna gabhdóireachta do ghnáthóg den chineál Móinteach tirim, agus

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
		<p>caomhnófar ar an gcaoi sin an taisce síolta, an chuid maidir leis an <i>Daboecia cantabrica</i> san áireamh, ionas go ligtear d'athfhás an speicis go nádúrtha ag an suíomh gabhdóireachta</p> <p>o Cruinneofar scotháin fraoigh ar gach suíomh deontóireachta den chineál Móinteach tirim agus beidh scotháin den chineál <i>Daboecia cantabrica</i> san áireamh leis an ábhar sin.</p> <p>Déanfaidh GCC na limistéir áineasa éiceolaíochta fearaigh cailcrigh ag Cairéal Leacaigh a bhainistiú go buan, ní bheidh teacht ag an bpobal orthu agus cuirfear fál thart orthu. Beidh ar laghad dhá chuairt cothabhála i gceist gach bliain mar a leagtar amach in A.8.26 (Pleananna Bainistíochta maidir le Gnáthóg Cúitimh) (CHMPanna) den EIAR.</p>
Madraí Uisce		
8.20	C	Teastóidh seiceáil réamhthógála a dhéanamh ar na gnáthóga uile atá oiriúnach do Mhadraí Uisce a dhéanamh laistigh de 12 mhí ó thosach oibreacha tógála ar bith.
8.21	O	Cuirfear áiseanna slí don mhadra uisce ar fáil ag gach sruthchúrsa a thaithíonn an Madra Uisce (e.g. ardáin mar chuid de dhéanmhais, nó píopaí 600mm faoi leith gan uisce iontu a chur isteach cóngarach do lintéir). Beidh íosbhealaí do mhamaigh á ndéanamh de réir mar a leagtar amach in <i>Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road Schemes</i> (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008). Liostaítear na hionaid ina mbeidh Áiseanna slí don Mhadra Uisce á gcur ar fáil in Tábla 8.36 in Caibidil 8, Bithéagsúlacht agus léirítear iad i bhFíoracha 8.23.1 go dtí 8.23.14.
		Leis na háiseanna slí don Mhadra Uisce a ghabhfaidh le déanmhas C04/01 agus déanmhas C04/02, beidh ardán leice do mhamaigh, suite níos airde leibhéal an uisce le linn tuilte, ina chuid den déanmhas.
8.22	O	Suiteálfar íosbhealaí mamach de réir na sonraíochta atá léirithe in <i>Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road</i> (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008). Tá na suíomhanna ina mbeidh fálú sábháilteachta mamach le suiteáil léirithe ar Fhíoracha 8.23.1 go 8.23.14 .
8.23	O	Déanfar monatóireacht ráithiúil ar éifeachtúlacht na dtiomantais comhshaoil sa chéad bhliain tar éis do na hoibreacha tógála a bheith curtha i gcrích.
8.72	C	Déanfar na háiseanna slí don Mhadra Uisce a sheiceáil sula dtosaítear ar úsáid an bhóthair atá beartaithe a fhorbairt ionas go gcinntítear go ndéantar a dtógáil i gcomhréir le <i>Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road Schemes</i> (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008).
Ialtóga		
8.24	C	Cuirfear an Ceadúnas um Maolú maidir le hIaltóga atá áirithe in Aguisín A.8.25 isteach chuig an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ionas go gceadóidh siad é.
8.25	C	Cloífidh an Conraitheoir leis na tiomantais chomhshaoil atá leagtha amach sa Cheadúnas Maolaithe Ialtóg atá san áireamh in Aguisín A.8.25 .
8.26	O	I d Tábla 8.35 de Chaibidil 8, Bithéagsúlacht agus Fíoracha 8.23.1 go 8.23.14 , leagtar amach sceideal na struchtúr lena soláthraítear pasáiste ialtóg agus sonraítear ann an fheidhm atá acu i gcomhthéacs an éifeacht bacainne fhéideartha a mhaolú.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
8.27	O	Is é a bhaineann leis an dearadh plandála beartaithe a bhaineann le hUasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr conair chúng féir i lár báire le fáil sceach dúbailte gach aon taobh di i réimse lár an uasbhealaigh (mar a bheadh bóithrín 4m ar leithead ann). Leathnófar an bhearna idir an dá fhál sceach ansin sa chaoi is go mbeidh "béal" á chruthú ag an dá cheann den uasbhealach, gach aon taobh den bhóthar atá beartaithe a fhorbairt, ionas go dtreoraítear ialtóga go lár an uasbhealaigh. Beidh an phlandáil ag teacht leis an bplandáil atá beartaithe a dhéanamh ar na sleasa uachtaracha soir agus siar ó bhealaí gearrtha an dá thaobh den bhóthar atá beartaithe a fhorbairt. Léirítear dearadh scéimreata agus ionad an uasbhealaigh beartaithe in Pláta 8.32 , i gCaibidil 8, Bithéagsúlach.
8.28	O	Ní sholáthrófar soilsiú ar bith ag nó ar aon cheann de na struchtúir a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil, cé is moite de S06/01 áit a gcuirfead soilsiú ar fáil ionas go mbeidh cead ag coisithe iad a úsáid go sábháilte chomh maith. Beidh gnéithe fásra adhmadaigh ceangail ar na híosbhealaí ialtóg ar fad (chomh maith leis na faráí saorga) atá deartha do Chrú-ialtóga beaga. Ní bhraitheann speicis eile ialtóg an oiread ar fhálta sceach agus ar imill choillearnaí. Cé go bhfuil a lán gnéithe tírdhreacha atá ann lasmuigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, ní féidir leis an straitéis um maolú ialtóg brath orthu sin san fhadtárma mar go bhféadfadh siad bheith faoi réir idirghabhálacha tríú páirtithe. Go bunúsach, is éard a chruthófar conair fáil sceach ag dul go dtí íosbhealaí i gcuid na forbartha bóthair atá beartaithe idir Achadh an Churraigh agus an Caisleán Gearr. Cuirfead conair ghlas ráthaithe ar fáil leis an bplandú sin a nascann na huasbhealaí/íosbhealaí agus beidh ialtóga ábalta oiriúnú níos éasca do chailteanais ar scála tírdhreacha amach anseo de ghnéithe gnáthóg ceangail. Déanfar plandú na bhfálta sceach a bheith ag dul go dtí na híosbhealaí a chothabháil agus déanfar monatóireacht ar fhás na bhfálta sceach ar feadh 5 bliana i ndiaidh iad a chríochnú agus déanfar oibreacha feabhsúcháin má mheasfar gur gá sin.
8.29	C	Toisc gur féidir leis an leibhéal bonnlíne de ghníomhaíocht ialtóg agus áitíocht fara athrú de réir a chéile, déanfar monatóireacht roimh an tógáil sula dtosóidh na hoibreacha tógála lena chinntiú go mbeifear in ann na sonraí a ndéantar comparáid idir iad agus an mhonatóireacht iarthógála cothrom le dáta a mhéid is féidir (tagair don Cheadúnas Maolaithe Ialtóg atá san áireamh in Aguisín A.8.25). Déanfar monatóireacht freisin ar éifeachtacht na mbearta maolaithe agus cúitimh ialtóg i rith na tógála agus ina dhiaidh sin. I gcás ina saináithnítear sa mhonatóireacht go bhfuil ceisteanna maidir leis na bearta maolaithe nó cúitimh (e.g. doirteadh beag a mbeidh tionchar aige ar úsáid), réiteofar iad sin lena chinntiú go mbainfidh na bearta sin a gcuid aidhmeanna amach i dtaca le maolú nó cúiteamh as tionchair ar na daonraí ialtóg áitiúil (tagair don Cheadúnas Maolaithe Ialtóg atá san áireamh in Aguisín A.8.25).
8.73 (luaitear faoin uimhir 8.31 i Leagan an 21 Feabhra 2020)	C	Déanfar na déanmhais maidir le háis slí don Ialtóg a sheiceáil sula dtosaítear ar úsáid an bhóthair atá beartaithe a fhorbairt ionas go gcinntítear go ndéantar a dtógáil i gcomhréir leis na coinníollacha dearthóireachta a leagtar amach in Alt 8.6.7.2 agus in Alt 8.9.2 sa TMTT.

Uimhir thagartha	Staid	Tiomantais
